Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2011

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Radiological Protection Institute of Ireland

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

De réir Cheanglais an Achta um Chosaint Raideolaíoch, 1991, is mór an onóir dom Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas na gCuntas den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 a chur faoi do bhráid.

An tOll. William Reville
Cathaoirleach

Ráiteas Misin

"A chinntiú go ndéantar muintir na hÉireann a chosaint ó éifeachtaí dochracha na radaíochta."

© 2012 An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Arna Chló ag: An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch, 3 Cearnóg Chluain Sceach, Baile Átha Cliath 14.

Teileafón: 01-2697766.
www.rpii.ie

Tá an tuarascáil seo ar fáil i mBéarla ag www.rpii.ie

Clár na nÁbhar

Cé sinn agus cad a dhéanaimid	2
Tosaíochtaí straitéiseacha don RPII 2011-2013	3
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	6
Rialáil agus ceadúnú	14
Nochtadh dhaonra na hÉireann don radaíocht	22
Radón	27
Seirbhísí Tomhais Radaíochta	32
Ullmhacht um éigeandálaí	35
Sábháilteacht na saoráidí núicléacha thar lear	38
Freagairt an RPII do Fukushima	41
Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha	45
Ár Rialachas	51
Ráitis Airgeadais	57
Giorrúcháin agus acrainmneacha	71

Cé sinn agus cad a dhéanaimid

Is eagraíocht náisiúnta í an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (RPII) atá freagrach as a chinntiú go ndéantar daoine agus comhshaol na hÉireann a chosaint ó éifeachtaí dochracha na radaíochta ianúcháin.

Comhlíonann an RPII a cúraimí trí rialú láidir agus éifeachtach a dhéanamh orthu siúd uile a bhaineann úsáid as foinsí radaíochta agus trí chomhoibriú a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le húdaráis rialála. Déanann an RPII monatóireacht ar nochtadh daoine don radaíocht agus cuirtear comhairle ar fáil don phobal agus don Rialtas maidir le foinsí radaíochta, agus ar na rioscaí comhfhreagracha chomh maith leis an mbainistíocht a bhaineann leo. Tá an RPII lárnach d'ullmhacht na hÉireann um éigeandálaí dá mbeadh timpiste núicléach thar lear agus déanann sé monatóireacht freisin ar fhorbairtí ó thaobh suiteálacha núicléacha thar lear. Níl aon ról aige sa chumhacht núicléach nó eile a chur chun cinn.

Tá an RPII tiomanta do bharr feabhais na heolaíochta, agus tá a chomhairle bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta chomhaontaithe agus ar thaighde a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu.

Bunaíodh an RPII in 1992 faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991 agus faigheann sé maoiniú i bhfoirm deontais ón Státchiste agus i bhfoirm ioncaim ó tháillí ceadúnais agus ó sheirbhísí tomhais radaíochta. Is é an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a dhéanann na táillí ceadúnais agus seirbhísí tomhais a fhaomhadh.

Is údarás rialála neamhspleách é an RPII.

Tosaíochtaí Straitéiseacha don RPII 2011-2013

Tá straitéis shoiléir forbartha ag an RPII le cosaint radaíochta in Éirinn a neartú thar an tréimhse trí bliana, 2011-2013. Tá sé seo leagtha amach ina iomláine sa *Phlean Straitéiseach 2011-2013 den RPII*.

Tá forbairt déanta ar cheithre thosaíocht straitéiseacha ag an RPII don tréimhse amach romhainn, agus tá cuspóirí ar leith ann do gach tosaíocht, atá ag teacht i ngach cás leis na príomhthéamaí de luach poiblí, trédhearcacht, cumarsáid agus inbhuanaitheacht. Is iad seo a leanas na ceithre thosaíocht straitéiseacha:

- **Saineolas, cumas teicniúil agus eolas a chur ar fáil atá riachtanach chun daonra na hÉireann agus an comhshaol a chosaint.**

  Cuimsíonn an tosaíocht straitéiseach seo líon príomhfheidhmeanna reachtúla den RPII – monatóireacht a dhéanamh ar na leibhéil radaíochta sa chomhshaol, daoine a chur ar an eolas maidir lenár dtorthaí, agus comhairle a chur ar an bpobal agus ar an Rialtas maidir leis na himpleachtaí de gach nochtadh radaíochta. Léiríonn na cuspóirí faoin tosaíocht seo ríthábhacht na ngníomhaíochtaí seo don chosaint radaíochta in Éirinn. Tabharfaidh an RPII faoin gcuid is mó den obair seo, ach iarrfar eolas agus seirbhísí a bheith curtha ar fáil go seachtrach freisin, áit ina bhfuil luach ar airgead níos fearr i gceist agus nach gcuirtear an caighdeán ar an iomlán i mbaol.

- **Rialáil a dhéanamh ar úsáid shábháilte agus shlán de radaíocht ianúcháin in Éirinn ar bhealach atá inbhuanaithe agus trédhearcach.**

  Díríonn an tosaíocht straitéiseach seo ar an gcóras rialála, príomhfheidhm reachtúil den RPII. Cé go n-aithnítear go bhfuil an córas rialála reatha éifeachtach, leis na cuspóirí faoin tosaíocht seo déantar iarracht cur leis trí chur chuige rioscabhunaithe i dtreo an údaraithe agus trí chur lena thrédhearcacht.

- **Comhoibriú a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le daoine eile chun na tionscnaimh cosanta raideolaíche náisiúnta a chur i bhfeidhm.**

  Dar leis an RPII, ní féidir leis an RPII gníomhú leis féin agus cosaint radaíochta ar ardchaighdeán a bhaint amach. Aithnítear leis an tosaíocht straitéiseach seo go bhfuil freagrachtaí ar dhaoine eile agus go gcaithfidh an RPII obair i gcomhpháirtíocht leo. Díríonn na cuspóirí ar dhá phríomhbhearna san infreastruchtúr cosanta radaíochta náisiúnta – straitéis radóin náisiúnta agus straitéis náisiúnta um bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí. Chomh maith leis sin déileáiltear leis na treoracha nua atáthar ag súil le heisiúint le linn shaolré an phlean.

- **Luach a chur ar fáil don phobal i ngach rud a dhéanaimid.**

  Díríonn an tosaíocht straitéiseach seo ar fheabhas a chur ar luach poiblí an RPII ar an iomlán trí úsáid na n-acmhainní laistigh agus lasmuigh den RPII a bharrfheabhsú. Agus tacaíocht á tabhairt d'iarrachtaí an Rialtais le hathruithe a dhéanamh san earnáil phoiblí, tabharfaidh an RPII faoi chur chuige solúbtha ó thaobh shocruithe na heagraíochta, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar riachtanais na bpáirtithe leasmhara. Go hinmheánach, déanfaidh an RPII forbairt ar a láidreachtaí agus cuirfear feabhas ar réimsí laigí ar bith. Go seachtrach, bainfear úsáid as an tionchar atá aige lena chomhpháirtithe chun luach níos fearr a bhaint amach.

Ráiteas an Chathaoirligh

Is cúis áthais é dom an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch do 2011 a chur faoi bhur mbráid. Ceapdh mé i mo Chathaoirleach ar an RPII i mí Eanáir 2012. Is mian liom aitheantas ar leith a thabhairt don ionchur a rinne mo réamhtheachtaí san RPII , an tOllamh Eugene Kennedy. Le linn na tréimhse don Ollamh Kennedy a bheith mar Chathaoirleach, rinneadh dul chun cinn suntasach ar fhorbairt na straitéise náisiúnta chun tabhairt faoi na leibhéil arda radóin i dtithe agus ar fhorbairt an pholasaí náisiúnta um bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí, dhá phríomhréimse riosca arbh ghá tabhairt fúthu chun feabhas a chur ar an gcosaint radaíochta in Éirinn. Tá an RPII thar a bheith buíoch den Ollamh Kennedy as ucht a chuid ceannasaíocta agus as ucht a dhíograise agus as an bpáirt a ghlac sé i bhforbairt leanúnach an RPII, mar eagraíocht iontaofa, neamhspleách agus eolaíochta atá tiomanta do na caighdeáin is airde den chosaint raideolaíoch.

Sa tuarascáil seo tá mionsonraí faoi ghníomhaíochtaí an RPII in 2011, a léiríonn an ról atá aige lena chinntiú go bhfuil muintir agus comhshaol na hEireann á gcosaint ó éifeachtaí díobhálacha na radaíochta ianúcháin. Comhlíonann an RPII a sainchúram trí rialáil láidir agus éifeachtach a dhéanamh orthu siúd uile a bhaineann úsáid as foinsí radaíochta agus trí chomhoibriú a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le húdaráis rialála eile. Déanann an RPII monatóireacht ar nochtadh daoine don radaíocht agus cuirtear comhairle ar fáil don phobal agus don Rialtas maidir le foinsí radaíochta, agus maidir le rioscaí a bhaineann leis agus a mbainistíocht. Tacaítear le gníomhaíochtaí an RPII trí bheith tiomanta don ardchaighdeán feabhais eolaíochta, agus lena chinntiú go bhfuil an chomhairle ón RPII bunaithe ar chaighdeáin atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta agus ar thaighde athbhreithnithe piaraí.

Is é an radón níos mó ná rud ar bith eile an príomhionchur don nochtadh radaíochta de dhaoine atá ag maireachtáil in Éirinn, a chothaíonn, ar an meán, 60% den dáileog radaíochta. Cé gur rud 'nádúrtha' é an radón sa chiall is go dtagann sé ó charraigeacha sa talamh agus go bhfuil sé ar fáil i ngach áit sa chomhshaol, is féidir leis a bheith an-ghuaiseach ag na leibhéil arda tiúchana atá ar fáil i 7% go neasach de thithe na hÉireann. Ó thaobh an dochar a dhéantar don tsláinte, ceaptar go bhfuil baint ag an radón le suas le 200 den tuairim is 1500 duine a fhaigheann bás le hailse sna scamhóga a chláraítear in Éirinn gach bliain. Is féidir an nochtadh don radón a rialú trí bhearta atá sách simplí a dhéanamh a luaithe is a aithnítear an ghuais. Dá bhrí sin, cuireann an RPII fáilte mhór roimh chinneadh an Rialtais a rinneadh i mí Mheán Fómhair 2011 chun grúpa idirghníomhaireachta a bhunú ina bhfuil ionadaithe ó na húdaráis phoiblí chuí chun Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin a fhorbairt d'Éirinn. Bhí an chéad chruinniú ag an ngrúpa i mí na Samhna 2011 agus bunaíodh clár oibre uaillmhianach a bhfuil mar aidhm aige straitéis a fhorbairt chun an riosca don daonra ina iomlán agus an riosca aonair do dhaoine atá ag maireachtáil in áiteanna ina bhfuil tiúchana arda radóin a laghdú. Ullmhófar tuarascáil eatramhach faoi dheireadh 2012 agus tá sé i gceist dréacht-Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin a chur faoi bhráid an Aire go déanach in 2013. Tá an RPII buíoch den tiomantas atá tugtha ag údaráis phoiblí eile chun tacú leis an tionscnamh sláinte poiblí tábhachtach seo agus tá sé i gceist páirt a ghlacadh agus straitéis éifeachtach a chur ar fáil chun nochtadh na ndaoine don radón a laghdú.

Mar a nótáiltear i dtuarascáil bhliantúil 2010, is céim nithiúil chun cinn i mbainistíocht na dramhaíola radaighníomhaí oidhreachta in Éirinn leis an bhformhuiniú atá déanta ag an Rialtas de chlár náisiúnta um laghdú foinsí chun líon na bhfoinsí radaighníomhacha neamhúsáidte agus gan iarriadh atá ag ceadúnaithe a laghdú. D'aontaigh an Rialtas freisin leis na moltaí chun saoráid náisiúnta stórála dramhaíola radaighníomhaí a bhunú agus chun prótacal oibriúcháin sealadach a fhorbairt le róil agus freagrachtaí na ngníomhaireachtaí a shoiléiriú i leith foinsí radaighníomhacha nach bhfuil úinéireacht shoiléir i gceist. Is mór dom é a nótáil go ndearnadh dul chun cinn suntasach in 2011 chun tabhairt faoi na tionscnaimh thábhachtacha seo. Cé gur léir go bhfuil buncheisteanna a d'fhéadfadh a bheith díospóideach atá le réiteach go fóill, go háirithe i leith bhunú na saoráide náisiúnta stórála dramhaíola radaighníomhaí, tá an RPII tiomanta lena chinntiú go gcomhlíonann Éire na caighdeáin atá leagtha síos go hidirnáisiúnta maidir le bainsíocht shábháilte de dhramhaíl radaighníomhach.

Dúshlán ollmhór don RPII in 2011 ba ea an fhreagairt don damáiste a rinneadh ag Stáisiún Núicléach Fukushima sa tSeapáin de dheasca an chreatha talún/ súnámaí i mí an Mhárta 2011. Mar chuid den fhreagairt ag leibhéal náisiúnta, ról an RPII ba ea eolas a chur ar fáil don eachtra a bhí ag titim amach de réir a chéile in Fukushima, maidir leis na bearta cosanta a bhí á gcur i bhfeidhm sa tSeapáin agus torthaí na monatóireachta ar an gcomhshaol a bhí ar siúl in Éirinn. Ón uair a bhí an timpiste i Searnóbail in 1986, tá forbairt déanta ag an RPII ar a cumais um fhreagairt d'éigeandálaí i gcomhréir an dea-chleachtais go hidirnáisiúnta. Baineadh úsáid iomlán as cumais uathúla an RPII, ó thaobh an tsaineolais agus na saoráidí, lena chinntiú go raibh an pobal coinnithe ar an eolas maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an timpiste in Fukishima ar Éirinn. Aithníodh freagairt an RPII go forleathan mar fhreagairt dearfach agus onnghníomhach, agus athneartaíodh a cáil mar shaineagraíocht iontaofa. In ainneoin é sin, aithníonn an RPII go mbeadh i bhfad níos mó brú ar fhoinsí um fhreagairt d'éigeandálaí an RPII dá mbeadh eachtra cosúil leis sin san Eoraip nó sna Stáit Aontaithe fiú. Le linn 2011, mar obair bhreise sa réimse seo, tá an RPII tar éis dul i bpáirt le tuilleadh comhpháirtithe náisiúnta chun socruithe a dhéanamh le foinsí a chomhroinnt, an áit inar féidir, chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht na freagartha éigeandála náisiúnta do thimpistí núicléacha ar an iomlán. Tá an RPII tar iarracht mhór a dhéanamh freisin chun tacú le tionscnaimh ag an leibhéal idirnáisiúnta a bhfuil mar aidhm acu feabhas a chur ar athléimneacht na stáisiún núicléach Eorpaigh agus saoráidí núicléacha eile i gcoinne an chineáil eachtraí foircneacha a tharla in Fukushima.

Ó thaobh comhlachtaí den earnáil phoiblí, tugadh faoi ghníomhaíochtaí an RPII le linn 2011 i gcoinne cúlra de líonta foirne atá ag laghdú. Is cúis áthais dom a thuairisciú go bhfuil bainistíocht agus foireann an RPII tar éis a bheith rannpháirteach go honnghníomhach agus an timpeallacht dhúshlánach atá romhainn. Ach, ní raibh an RPII in ann a seirbhísí uile a bhí acu a chothabháil, agus tar éis athbhreithniú suntasach a dhéanamh, chinn an Bord gur chóir don RPII tarraingt amach as an soláthar díreach de sheirbhísí dáileogmhéadracha ós rud é go bhfuil soláthraithe seirbhíse eile ar fáil in Éirinn anois. Gabhann an RPII buíochas mór lena líon mór custaiméirí ón tacaíocht a thug siad thar na blianta agus oibreoidh sí leis na custaiméirí lena chinntiú go mbeidh trasdul gan fhadhb i gceist ag dul chuig na soláthraithe nua.

Thar mo cheann féin, agus thar ceann bhaill an Bhoird, is mian liom buíochas a ghlacadh le foireann uile an RPII as a ngairmiúlacht, tiomantas agus obair chrua a bhí ann go leanúnach i rith na bliana. Is mian liom go ndéanfar taifead ar an mbuíochas a ghabhann an RPII le Ms Nuala Ahern agus an Dr Éamann Breatnach a d'imigh ar scor ón mBord le linn 2011. Ina n-áit, cuirim fáilte roimh an Dr Paraic James agus an Dr Patricia Cunningham, ainmniúchán Chomhairle na nDochtúirí Leighis, a ceapadh ar Bhord an RPII go luath in 2012. Is mian liom freisin buíochas a ghabháil le baill den Choiste Comhairle Radaíochta Ianúcháin, den Choiste Iniúchta agus den Choiste Comhairleach Cumarsáide as ucht a gcuid ama agus a gcuid saineolais chun cabhrú leis an RPII.

Mar chríoch, is mian liom go ndéanfar taifead ar an mbuíochas a ghabhann an RPII as ucht na tacaíochta agus an spreagtha a fuarthas ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Mr Phil Hogan, TD. Tá an RPII fíorbhuíoch d'oifigigh Rannóg an Pholasaí Radaíochta Comhshaoil agus d'oifigigh eile sa Roinn as ucht a gcomhoibrithe. Tugaimid buíochas agus aitheantas freisin don rannpháirtíocht dearfach agus comhoibriú cuidiúil a tháinig ó na gníomhaireachtaí eile, na ranna rialtais, na hinstitiúidí oideachais tríú leibhéal agus na heagraíochtaí seachtracha eile lena raibh an RPII ag obair le linn 2011.

William J. Reville

An tOllamh William Reville
Cathaoirleach

Ráiteas an Phríomhfheidh-meannaigh

Le linn 2011, lean an RPII ag díriú ar a chuid iarrachtaí chun daoine a chosaint ó na héifeachtaí dochracha den radaíocht ianúcháin trí rialáil éifeachtach, trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an gcomhshaol agus trí chomhairle chruinn agus thráthúil a chur ar fáil don phobal agus don Rialtas. Rinneadh tástáil ar shocruithe freagartha um éigeandálaí an RPII agus an cumas i gcoitinne laistigh de sheirbhís phoiblí na hÉireann chun freagairt do thimpiste núicléach thar lear le linn na freagartha don timpiste Fukushima a tharla sa tSeapáin ar 11 Márta 2011.

Timpiste Fukushima

Timpiste Fukushima ab ea an chéad éigeandáil núicléach ar mhórscála ó bunaíodh *Plean Náisiúnta Éigeandála do Thimpistí Núicléacha* na hÉireann tar éis na timpiste i Searnóbail in 1986. A luaithe is a fuarthas fógra ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh Adamhaigh (IAEA) faoina raibh ag titim amach i stáisiún núicléach Fukushima Dai-ichi ar 11 Márta, glaodh cruinniú den Ghrúpa Comhordaithe Náisiúnta (NCG). An fheidhm a bhí ag an nGrúpa ná comhordú a dhéanamh ar an eolas agus comhairle a cuireadh ar fáil do shaoránaigh Éireannacha sa tSeapáin agus do phobal agus do mheáin na hÉireann, agus chun socruithe a dhéanamh le monatóireacht a dhéanamh ar bhianna a iompórtáladh ón tSeapáin. An fheidhm a bhí ag an RPII laistigh den Ghrúpa ná eolas a chur ar fáil ar a raibh ag titim amach in Fukushima, ar na gníomhartha cosantacha a bhí á gcur i bhfeidhm sa tSeapáin agus torthaí den mhonatóireacht chomhshaoil a bhí á déanamh i Meiriceá Thuaidh agus san Eoraip, Éire san áireamh.

Braitheann socruithe freagartha um éigeandálaí an RPII ar shamhaltú easrú an atmaisféir agus monatóireacht iarbhír ar an talamh chun an dóchúlacht agus cainníocht radaíochta a shroicheann Éire a dheimhniú. I rith na tréimhse ó 11 Márta go dtí lár mhí na Bealtaine, bhain an RPII úsáid as a acmhainní lena chinntiú go raibh an Rialtas agus an pobal coinnithe ar an eolas maidir leis an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ann d'Éirinn de bharr na timpiste in Fukushima. Cé go raibh éaluithe suntasacha ón stáisiún núicléach, leis an am trasdula agus an caolú mór a bhí thar an achar fada ón tSeapáin go hÉirinn bhíothas ag súil go mbeadh fás an-bheag i leibhéil na radaighníomhaíochta agus nach mbeadh aon bhaol i gceist ó thaobh na sláinte poiblí. Leis an monatóireacht a rinne an RPII dearbhaíodh gurb é seo an rud a thit amach. Bunaithe ar na buaicthiúchana a bhí san aer agus i mbainne agus ag glacadh leis go raibh na tiúchana seo fós ann go dtí lár mhí na Bealtaine, ríomhadh an uasdáileog radaíochta mheasta a bheifí ag súil go bhfaigheadh duine fásta in Éirinn de bharr na timpiste in Fukushima mar chuid bhídeach den ghnáth-mheándáileog bhliantúil a d'fhéadfadh duine a fháil in Éirinn ó gach foinse radaíochta. Dá bhrí sin measadh nach raibh aon tábhacht sna dáileoga a bhí ann de bharr Fukushima ó thaobh na sláinte poiblí ná na sábháilteachta bia.

I dtreo dheireadh 2011, i gcomhréir leis an dea-chleachtas, rinne an RPII athbhreithniú foirmiúil dá fhreagairt do thimpiste Fukushima. Cé gur ceapadh gur fhreagair an RPII go maith do na héilimh a bhí air ag déileáil leis an gcás, aithníodh líon réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú, cumarsáid inmheánach, dáileadh acmhainní agus oiliúint a chur ar bhreis foirne ina measc. Rachfar i mbun oibre sna réimsí seo in 2012 agus 2013.

Rialáil agus ceadúnú

Ní mór do gach gnó nó eagraíocht atá baint acu – nó d'fhéadfadh baint a bheith acu – i stóráil, úsáid, iompar, nó diúscairt ábhar radaíochta, gaireas ionradaíochta nó foinsí eile de radaíocht ianúcháin, iarratas a dhéanamh chuig an RPII le haghaidh ceadúnais. Ag deireadh 2011 bhí ceadúnais ag 1743 ceadúnaí thar réimse earnálacha, na hearnálacha fiaclóireachta, míochaine, tionscail, oideachais agus tréidliachta ina measc. D'eisigh an RPII 59 ceadúnas nua le linn na bliana, 29 díobh seo ar chleachtaí fiaclóireachta. An ceadúnas ba shuntasaí a fuarthas le linn na bliana ab ea d'aonad láimhe X-ghathanna fiaclóireachta. Roimhe seo ní raibh aonaid den chineál seo ceadúnaithe in Éirinn agus bhí gá le measúnú cuimsitheach a dhéanamh dá bharr d'fhonn a chinntiú go bhféadfaí iad a úsáid go sábháilte. Cuireadh deireadh le seachtó a haon ceadúnas le linn na bliana, 40 díobh seo san earnáil tionscail, a léiríonn an cor chun donais leanúnach sa gheilleagar.

Rinne an RPII 224 cigireacht le linn na bliana, agus bhí béim ar leith ar shealbhóirí dramhaíola radaighníomhaí agus foinsí atá as úsáid, sealbhóirí tomhsairí dlúis taise núicléach, cuideachtaí tástála neamhscriosaí agus ceadúnaithe fiaclóireachta san earnáil phoiblí. San áireamh sa chigireacht a rinneadh ar chuideachtaí tástála neamhscriosaí bhí cigireachtaí ina raibh fógra i gceist chomh maith le cinn nach raibh fógra i gceist. Ag eascairt as an 50 cigireacht a rinneadh sna cleachtaí fiaclóireachta príobháideacha le linn 2010, rinne an RPII 34 cigireacht ar chlinicí fiaclóireachta poiblí agus rinneadh 23 cigireacht níos mó ar chleachtaí fiaclóireachta príobháideacha in 2011. Ar an iomlán, bhí an RPII sásta le caighdeáin na cosanta radaíochta a breathnaíodh le linn na cigireachta.

Cuireann na teagmhais a tuairiscíodh agus a ndearnadh iniúchadh orthu le linn na bliana leis an measúnú ar an iomlán ar an gcosaint radaíochta i measc na gceadúnaithe. In 2011, tuairiscíodh naoi dteagmhas chuig an RPII. Bhain ceann amháin díobh seo le goid aonaid iniompartha X-ghathanna tréidliachta agus bhain na hocht gcinn eile leis an earnáil leighis. Bhain dhá theagmhas le hothair agus, dá bhrí sin, bhí siad lasmuigh de shainchúram an RPII. Bhain cúig cinn eile le daoine aonair a cuireadh faoi mhodhanna raideolaíocha trí earráid, toisc gur theip ar bhaill foirne ospidéil an prótacal ceart um aitheantas othair a chur i bhfeidhm. Bhain an teagmhas deiridh le mífheidhm bogearra in aonad CT agus mar thoradh air sin rinneadh nochtadh neamhbheartaithe ar an bhfisiceoir leighis a leag an trealamh amach. I ngach cás bhí an nochtadh gaolmhar íseal agus rinneadh iniúchadh iomlán ar na teagmhais a shásaigh an RPII. Mar chuid den obair a rinneadh i ndiaidh na n-iniúchtaí, chuir an ceadúnaí a bhí i gceist gach beart réasúnta i bhfeidhm le cosc a chur ar a leithéid de theagmhas ag titim amach.

Chomh maith leis na teagmhais thuas, cuireadh an RPII ar an eolas freisin le linn na bliana maidir le 14 chás ina raibh an dáileog a taifeadadh ar dháileogmhéadar pearsanta a chaith baill foirne a bhí ag obair le radaíocht ianúcháin thar na leibhéil tuairiscithe a bhí sonraithe sa cheadúnas. Tuairisíodh sé cinn den 14 chás ó rannóga cairdeolaíochta áit ar chaith baill foirne na dáileogmhéadair gan chuimhneamh lasmuigh de naprúin luaidhe. I ndiaidh iniúchadh a dhéanamh ar gach ceann de na cásanna a tuairiscíodh, ní raibh aon cheann díobh rangaithe mar dháileog iarbhír a fuair an duine a chaith é.

Faoin gcomhchlár oibre i gcomhar leis an nGarda Síochána, rinne an tAonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta suirbhé slándála ar cheadúnaí tionscail amháin, chomh maith le cuairteanna a thabhairt ar cheadúnaithe a ndearnadh suirbhé orthu sna blianta roimhe.

I mí Iúil 2011, i gcomhréir le gealltanas a tugadh sa *Phlean Straitéiseach* le cur le trédhearcacht phróiseas rialála an RPII, d'fhoilsigh an RPII *Gníomhaíochtaí Cigireachta agus Ceadúnaithe agus Clár Cigireachta Bliantúil an RPII do 2011*, a chuireann mionsonraí na bpróiseas agus na dtosaíochtaí a bhaineann leis an gceadúnú agus leis an gcigireacht ar fáil. Chomh maith leis sin, in 2011, d'fhaomhaigh Bord an RPII polasaí forfheidhmiúcháin a leagann amach na prionsabail a threoraíonn gníomh forfheidhmiúcháin, na gnáthaimh atá le leanúint i gcásanna ina mbeadh ionchúiseamh i gceist agus na critéir atá le cur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh faoin ghníomh atá le déanamh. Foilseofar an polasaí forfheidhmiúcháin seo in 2012.

Gach bliain, chomh maith leis na gníomhaíochtaí ceadúnaithe agus forfheidhmithe leanúnacha, déanann an RPII iarracht an creat ar an iomlán ionas go mbainfear úsáid shábháilte as an radaíocht ianúcháin in Éirinn. Le linn 2011, rinneadh forbairt ar dhá pholasaí nua a bhfuil tionchar acu ar an earnáil fiaclóireachta tar éis athbhreithniú forleathan a dhéanamh ar an gcleachtas atá ann faoi láthair. Faoin gcéad pholasaí, níl baill foirne atá ag obair sa raideolaíocht fiaclóireachta faoi cheangal clár dáileogmhéadrachta pearsanta a bheith acu – ina ionad sin, féadfaidh fiaclóirí tabhairt faoi mheasúnú riosca, i gcomhar lena gComhairleoir um Chosaint Radaíochta, chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil a leithéid de chlár de dhíth. Sa dara polasaí, a forbraíodh i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), moltar nach bhfuil iallach ar bhaill foirne

a bhaineann úsáid as trealamh x-ghathanna naprúin luaidhe a chaitheamh, ach amháin i gcásanna ar leith atá leagtha amach sa pholasaí, agus ní gá d'othair naprúin luaidhe a chaitheamh.

Tugadh isteach an dualgas atá ar an RPII chun clár Comhairleoirí um Chosaint Radaíochta (RPAanna) a bhunú agus a choinneáil in I.R. Uimh. 125 de 2000. Aithnítear Comhairleoirí um Chosaint Radaíochta mar shaineolaithe i gcosaint radaíochta agus féadfaidh siad comhairle a chur ar na hiarratasóirí agus na ceadúnaithe atá ann faoi láthair maidir le ceisteanna um shábháilteacht radaíochta. Bunaíodh dhá chlár: an clár leighis/fiaclóireachta (a bunaíodh in 2005) agus an clár tionscail/oideachais (a bunaíodh in 2009). Fuarthas 59 iarratas ar an iomlán do bhallraíocht na gclár, agus d'éirigh le 44 díobh seo. Ceaptar RPA le gníomhú ar feadh tréimhse cúig bliana, agus ina dhiaidh sin féadfaidh an RPA iarratas a dhéanamh le bheith ceaptha arís ar feadh tréimhse cúig bliana eile. Bhí na chéad cheapacháin RPA le dul in éag i mí an Mhárta 2011, ach ceapadh go huathoibríoch iad ar feadh tréimhse 12 mhí eile ós rud é nach raibh táille athcheapacháin socraithe. Cheadaigh an tAire an táille i mí na Samhna 2011, agus cuireadh tús leis an bpróiseas athcheapacháin i mí an Mhárta 2012.

Agus forbairt á déanamh ar a Phlean Straitéiseach a chlúdaíonn an tréimhse 2011-2013, rinne an RPII mionmheasúnú ar a chláir oibre uile, na gníomhaíochtaí rialála ina measc. Agus éilimh ar na hacmhainní foirne ag méadú an t-am ar fad, d'aithin an RPII nach bhfuil an córas ceadúnaithe 'feileann an toise amháin gach toise' inbhuanaithe sa todhchaí. I dtreo dheireadh 2011, cuireadh tús le hobair ar thionscadal nua chun samhail údaraithe a fhorbairt ina mbeadh cur chuige rioscabhunaithe nó céimnithe i gceist i dtreo údaraithe. Le cur chuige den sórt seo cuirfear seirbhís níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ar fáil do na húsáideoirí agus beidh gá le níos lú riaracháin freisin. Ar an mbealach seo, beifear in ann níos mó acmhainní a dháileadh ar ghníomhaíochtaí cigireachta agus ar fhorbairt na gcáipéisí treorach d'úsáideoirí áit a bhfuil siad de dhíth.

Leag an RPII béim arís is arís eile ar an ngá atá ann do pholasaí a bhfuil baint ag an Rialtas i gcoitinne leis maidir le bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí, agus go háirithe, an gá atá ann do lárshaoráid stórála do dhramhaíl radaighníomhach agus d'fhoinsí díthreabhacha radaighníomhaigh ionas gur féidir iad seo a bhainistiú go héifeachtach. I mí na Nollag 2010, d'fhaomhaigh an Rialtas moltaí chun saoráid stórála náisiúnta a bhunú, chun clár náisiúnta um laghdú foinsí a fhormhuiniú le bheith comhordaithe ag an earnáil agus chun prótacal oibriúcháin sealadach a fhorbairt le feidhmeanna agus freagrachtaí na ngníomhaireachtaí a shoiléiriú sa chás go ndéanfaí foinse a urghabháil nó go n-aimseofaí foinse díthreabhacha radaighníomhaigh. Rinneadh dul chun cinn i ngach ceann de na réimsí seo le linn 2011, agus cé go bhfuil an t-uafás fós le déanamh, is céim mhór chun cinn é an polasaí náisiúnta a chomhaontú agus a thacaíonn go soiléir le comhairle bhuanseasta an RPII.

Tharla líon forbairtí i reachtaíocht an AE le linn na bliana a raibh tionchar acu ar rialáil ábhar radaighníomhacha in Éirinn. I mí Iúil, cuireadh treoir nua ón gComhairle i gcrích inar bunaíodh creat pobail um fhreagracht agus bainistíocht shábháilte breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí tar éis dlúthchaibidlíocht a dhéanamh. Déileálann an treoir le bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí ón uair a ghintear é go dtí go ndéantar é a dhiúscairt agus tá na riachtanais leagtha amach ann do chreat náisiúnta um bainistíocht dramhaíola, feidhm an údaráis rialála inniúil ina measc chomh maith le freagrachtaí na sealbhóirí ceadúnais. Chuir an RPII comhairle ar fáil don Rialtas le linn na gcaibidlí agus cuirfidh sé tuilleadh comhairle ar fáil maidir leis an treoir a trasuí go dtí an reachtaíocht náisiúnta atá le bheith curtha i gcrích faoi mhí Lúnasa 2013.

Chomh maith leis sin, le linn na bliana, cuireadh tús leis an gcaibidlíocht maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Threoir Bhunchaighdeáin Sábháilteachta Euratom, ina ndéantar na forálacha de na cúig threoir atá ann cheana féin a chomhdhlúthú a thugann buntaca don chreat reachtúil um chosaint radaíochta san Eoraip. Sa treoir leagtar amach na bearta do chosaint an phobail, oibrithe agus othar ó éifeachtaí dochracha de bharr foinsí saorga agus nádúrtha radaíochta agus, is príomhbhonn é don reachtaíocht náisiúnta um chosaint radaíochta dá bharr.

Nochtadh dhaonra na hÉireann don radaíocht

Ar an meán, faigheann duine in Éirinn dáileog bhliantúil de 3950 µSv ó gach foinse radaíochta. Is cinnte go dtagann an chuid is mó de (tuairim is 86 faoin gcéad –3400 µSv) ó fhoinsí nádúrtha, go príomha ó ghás radóin atá carntha i dtithe. Tagann tuairim is 14 faoin gcéad (550 µSv) ó radaíocht shaorga, a tharlaíonn don chuid is mó de bharr úsáid thairbheach na radaíochta i gcúrsaí leighis (540 µSv). Na dáileoga ó fhoinsí saorga is ea níos lú ná 1 faoin gcéad (15 µSv). Léirítear san fhíor thíos na méideanna a thagann ó gach foinse radaíochta agus a dhéanann suas an mheándáileog bhliantúil a fhaigheann duine in Éirinn.

Méideanna a thagann ó gach foinse radaíochta



Radón

Cuspóirí straitéiseacha an RPII a bhaineann le radón is ea 'feidhmiú na straitéise náisiúnta um rialú a stiúradh chun an nochtadh radóin a laghdú i dtithe agus ionaid oibre na hÉireann' agus 'comhairle a chur ar na páirtithe leasmhara ar na bealaí chun an pobal a chosaint ó bheith nochta don radaíocht ianúcháin'.

Rinneadh céim mhór chun cinn i mí Mheán Fómhair 2011, nuair a chinn an Rialtas grúpa idirghníomhaireachta a bhunú chun Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin a fhorbairt d'Éirinn. Tá an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil mar chathaoirleach ar an ngrúpa idirghníomhaireachta agus san áireamh ann tá réimse leathan de ranna Rialtais, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí a bhfuil cúraimí orthu a chlúdaíonn sláinte agus tithíocht. Is é an fheidhm atá ag an ngrúpa idirghníomhaireachta straitéis a fhorbairt ina laghdófar an riosca atá ann don daonra ar an iomlán agus an riosca aonair atá ann do dhaoine atá ina gcónaí in áiteanna ina bhfuil tiúchana arda radóin. Tá ról lárnach ag an RPII sa ghrúpa trí ionchur teicniúil a chur ar fáil chomh maith le tacaíocht riaracháin. D'iarr an tAire ar an ngrúpa tuarascáil eatramhach a chur ar fáil faoi dheireadh 2012 agus tuairisciú a dhéanamh chuig an Rialtas le dréachtstraitéis náisiúnta um rialú radóin faoi mhí na Samhna 2013.

Le linn na bliana lean an RPII ag obair chun feasacht an phobail i dtaobh radóin a mhéadú trí obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis áitiúla agus na gníomhaireachtaí stáit chomh maith le teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an bpobal. D'oibrigh an RPII le 13 údarás áitiúla le linn na bliana chun cláir tomhais radóin agus feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. Go dtí seo rinneadh lebhéil radóin a thomhas i mbeagnach 10,000 teach údaráis áitiúil. Tá feabhas á dhéanamh ag an údarás áitiúil ar na tithe uile a aimsíodh a bhí thar an leibhéal tagartha nó tá feabhas déanta orthu cheana féin. Faoi Mheabhrán Tuisceana idir an RPII agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), chuir an HSA tomhas radóin san áireamh i 79 cigireacht ionaid oibre a rinne sé le linn na bliana. Tionscnamh eile chun béim a leagan ar an gceist maidir le radón san ionad oibre is ea tomhas radóin a chur san áireamh in uirlis mheasúnaithe sláinte agus sábháilteachta an FSS ar líne, BeSmart. D'oibrigh an RPII go dlúth leis an FSS freisin chun feasacht radóin a spreagadh i measc gairmithe sláinte – ina measc eagraíodh cúrsa oiliúna ar an radón agus cuireadh ailt maidir le radón i dtréimhseacháin leighis agus altranais.

Príomhócáid do na páirtithe leasmhara a eagraíonn an RPII gach bliain is ea an Fóram Náisiúnta Radóin. D'oscail an tAire Phil Hogan Fóram 2011 agus ba é an ceann ba mhó é go dtí seo, le níos mó ná 100 duine ag freastal air. Téama an Fhóraim ba ea 'Freagairt éifeachtach d'fhadhb an radóin in Éirinn'.

Eagraíodh feachtais eolais áitiúla chomhtháite faoi radón i dTiobraid Árann Theas agus i nGaillimh. Rinne an dá fheachtas seo bealaí cumarsáide éagsúla a ionchorprú, fógraíocht raidió, eolas ar chlár fógraí, gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí, bileoga eolais, cruinnithe poiblí agus feachtais de na meáin shóisialta ina measc.

Faoi dheireadh na bliana, bhí toisí do níos mó ná 50,000 teach san áireamh i mbunachar sonraí radóin an RPII. Tá 6392 díobh seo a bhfuil tiúchana radóin os cionn 200 Bq/m^3 acu agus tá 747 díobh a bhfuil leibhéil os cionn 800 Bq/m^3 acu. Le linn na bliana, aimsíodh 17 dteach ina raibh leibhéil radóin 10 n-uaire níos mó ná an leibhéal tagartha. Aimsíodh an leibhéal is airde de 37,000 Bq/m^3, beagnach 200 uaire níos mó ná an leibhéal tagartha, in Oileán Chiarraí, Co. Chiarraí. (Tá an teach seo gar don teach ina raibh an léamh is airde riamh a tomhaiseadh do theach in Éirinn - 49,000 Bq/m^3, a tomhaiseadh in 2003.) Sna cásanna seo chuir an RPII eolas ar fáil do na sealbhóirí tí le cuidiú leo na leibhéil radóin a laghdú ina mbailte.

Chuir dhá shuirbhé a rinne an RPII ar shealbhóirí tí in 2011 eolas úsáideach ar fáil maidir le réimse ceisteanna a bhaineann le feabhsúchán. Sna suirbhéanna seo aithníodh umair radóin ghníomhaigh mar an modh feabhsúcháin is coitianta in Éirinn. Go hiondúil, cosnaíonn siad seo €100 le cur isteach. Ach, ina dhiaidh sin, níor cuireadh feabhas ach ar 25 faoin gcéad de na tithe a aimsíodh ina raibh leibhéil arda radóin.

Monatóireacht ar an gcomhshaol

Lean an RPII lena chlár chun monatóireacht a dhéanamh ar an radaíocht sa chomhshaol agus mar aidhm aige measúnú a dhéanamh ar nochtadh an daonra.

Sa chlár in 2011 léiríodh go bhfuil sceitheadh leachtanna ón stáisiún breosla núicléach athphróiseála in Sellafield fós mar an fhoinse is mó de radaighníomhaíocht shaorga i Muir Éireann agus gurb é caitheamh bhia na mara an príomhbhealach ina bhfuil an pobal nochta don fhoinse radaíochta seo. Bhí na dáileoga radaíochta do na gnáthchustaiméirí bia mara go mór faoi bhun 1 mhicrisíveart (µSv), agus d'fhéadfaí é seo a chur i gcomparáid leis an meándáileog bhliantúil do dhuine in Éirinn ó gach foinse radaighníomhaíochta de 3950 µSv.

Rinneadh leibhéil ráta dáileoige gáma chomhthimpeallaigh a thomhas ag 15 stáisiún rinneadh leibhéil radaighníomhaíochta san aer a thomhas in 11 stáisiún timpeall na tíre. Fiú, nuair a chuirtear an t-éilliú san áireamh ón timpiste núicléach in Fukushima a aimsíodh in Éirinn le linn mhí an Mhárta agus mhí Aibreáin 2011, bhí na leibhéil radaighníomhaíochta saorga ar an iomlán i gcomhshaol na hÉireann le linn 2011 i gcomhréir i gcomhréir don chuid is mó leis na leibhéil a tuairiscíodh le blianta beaga anuas. Bhí leibhéil ísle radaighníomhaíochta i mbainne, uisce le hól agus in earraí bia measctha freisin agus i gcomhréir leis na leibhéil a tomhaiseadh sna blianta roimhe, agus leis seo deimhnítear nach baol iad na leibhéil radaighníomhaíochta saorga sa chomhshaol don tsláinte agus go bhfuil siad an-bheag i gcomparáid leis an dáileog a fhaightear de bharr radaíochta nádúrtha sa chúlra.

Is é a bhí i gceist le staidéar a dhéanamh ar an radaighníomhaíocht i soláthairtí screamhuisce, a thosaigh in 2008, anailís a dhéanamh ar shamplaí a bailíodh ó ghréasán an GCC de 220 stáisiún monatóireachta screamhuisce. Sna torthaí a bhí ann ag deireadh an staidéir fuarthas go raibh na samplaí uile ag comhlíonadh na bparaiméadar radaighníomhaíochta atá leagtha amach i dTreoir an AE um Uisce Óil agus bhí tiúchana gníomhaíochta radóin níos lú ná 500 Bq/l acu uile, uasleibhéal na tiúchana gníomhaíochta radóin i soláthairtí poiblí d'uisce óil mar atá leagtha amach ag an RPII. Tá sé beartaithe tuarascáil den staidéar críochnaithe a fhoilsiú in 2012.

Tá tionscadail ar leith riachtanach ar nós ar tuairiscíodh faoi thuas faoin screamhuisce le cur leis na cláir monatóireachta leanúnacha. Le linn 2011, rinneadh straitéis taighde a fhorbairt agus na cuspóirí a bhí ann ná na príomhscileanna teicniúla a choinneáil, an measúnú náisiúnta ar dháileoga a nuashonrú atá le foilsiú in 2013 agus cumas an RPII a neartú chun comhairle a chur ar an Rialtas agus ar an bpobal. Cuireadh tús le tionscadal i gcomhar le UCD agus Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann le measúnú a dhéanamh ar na leibhéil radaighníomhaíochta i Loch Cairlinn. Chomh maith leis na torthaí eolaíochta, cuireann an tionscadal an deis ar fáil le naisc a neartú leis na heagraíochtaí comhpháirtíochta.

Le linn 2009, rinne grúpa atá comhdhéanta go speisialta de chúigear saineolaithe neamhspleácha athbhreithniú cuimsitheach ar chlár monatóireachta an RPII d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann an clár na haidhmeanna atá sonraithe ann agus chun moltaí a dhéanamh um fheabhsú, más gá. D'fhormhuinigh an grúpa athbhreithnithe clár monatóireachta an

RPII don chuid is mó agus rinne siad moltaí ar leith maidir le sampláil agus cothabháil scileanna le cur san áireamh sna cláir amach anseo. Is iad na hathruithe is suntasaí a cuireadh i bhfeidhm in 2011 feabhsú chlár monatóireachta na mara (ina bhfuil úsáid níos mó de bhiotáscairí ar nós feamainn ann anois), ardú i líon na dtoisí de phlútóiniam agus aimeiriciam, agus feabhsúcháin ar an éifeachtúlacht agus suíomh ionadaíoch den tsampláil. Chomh maith leis na hathruithe seo, rinneadh athchóiriú iomlán ar limistéar ullmhúcháin na samplaí i saotharlann monatóireachta comhshaoil an RPII chun feabhas a chur ar chumas na gníomhaireachta le déileáil le méideanna móra de shamplaí a bheadh ag teastáil le próiseáil sa chás go mbeadh timpiste nó géarchéim núicléach.

Seirbhísí tomhais radaíochta

Ar an iomlán, thomhais an RPII an t-ábhar radaighníomhaíochta in 1663 sampla comhshaoil agus earraí bia le linn na bliana. Líon na ndeimhnithe inar sonraíodh an

t-ábhar radaighníomhaíochta a eisíodh ar easpórtálaithe de tháirgí Éireannacha ba ea 3893, i gcomparáid le 3211 in 2010 agus 3198 in 2009. Léiríonn an t-ardú in 2011 an méadú ar an éileamh don tseirbhís ag eascairt as timpiste Fukushima. Chuir Seirbhís Dáileogmhéadrachta an RPII tuairim is 74,000 dáileogmhéadar ar fáil do chliaint le linn na bliana. Baineadh úsáid as na dáileogmhéadair seo chun monatóireacht a dhéanamh ar an nochtadh radaíochta de níos mó ná 8000 duine. Rinne an tSeirbhís Chalabrúcháin tástáil ar 327 ionstraim d'fhonn na sonraíochtaí déantúsaíochta cuí a chomhlíonadh. Cuireadh tomhais radóin i gcrích in 5504 teach agus 364 ionad oibre.

Forbairt mhór a tharla le linn na bliana ba ea faomhadh ón mBord i mí Dheireadh Fómhair do mhionphlean a leagann amach na céimeanna a ghlacfaidh an RPII le bogadh ó bheith ina sholáthraí díreach de sheirbhísí dáileogmhéadrachta go dtí ról maoirseachta a ghlacadh ó thaobh seirbhísí dáileogmhéadrachta ag feidhmiú in Éirinn. I measc na gcéimeanna a bheidh i gceist bunófar próiseas formheasa do sheirbhísí dáileogmhéadrachta agus Clár Náisiúnta Dáileog

Le linn na bliana, choinnigh an RPII creidiúnú don chaighdeán ISO 17025 dá phríomhsheirbhísí tomhais. Cuireadh an obair forbartha ar Chóras Bainistíochta nua um Faisnéis Saotharlainne (LIMS) do Sheirbhís Calabrúcháin an RPII i gcrích, a chuir go mór le héifeachtúlacht riaracháin na seirbhíse, logáil na n-ionstram, taifeadadh sonraí calabraithe agus eisiúint teastas calabrúcháin ina measc.

Ullmhacht um Éigeandálaí

Mar atá léirithe thuas, bhí freagairt an RPII do Thimpiste Fukushima go mór chun tosaigh i ngníomhaíochtaí na hinstitiúide go luath sa bhliain, go háirithe don líon beag foirne a bhfuil baint acu de ghnáth in obair ullmhachta um éigeandálaí. Ach, bhí forbairtí eile suntasacha sa réimse seo le linn na bliana.

Ceann amháin de na dúshláin atá i ndán don RPII agus é ag freagairt d'éigeandáil is ea rochtain a dhéanamh ar an saineolas agus na sonraí cuí. Sa chomhthéacs seo, is díol suntais é coimisiúnú an naisc mhicreathonnaigh in 2011 idir an RPII agus Met Éireann, toisc go mbeidh rochtain dhíreach ag réamhaisnéiseoir Met Éireann atá sannta d'Fhoireann um Measúnú Teicniúil an RPII ar shraith uirlisí réamhaisnéise atá á rith ó cheanncheathrú Met Éireann i nGlasnaíon, Baile Átha Cliath.

Ar an iomlán, ghlac an RPII páirt i sé chleachtadh éigeandála idirnáisiúnta a d'eagraigh an IAEA agus An Coimisiún Eorpach. Cleachtadh suntasach ba ea an ceann a bhí ar siúl i mí Feabhra a bhí deartha chun tástáil a dhéanamh ar na socruithe malartaithe faisnéise a bheadh ann tar éis timpiste ionsamhlaithe a d'fhéadfadh cur isteach ar shaoránaigh i dtíortha éagsúla. San áireamh sna ceachtanna a aithníodh d'Éirinn ón gcleachtadh bhí an gá atá le feabhas a chur ar shocruithe fógartha idir An Garda Síochána agus an RPII, agus an gá atá leis na gnáthaimh a thaifeadadh i ndoiciméad maidir le feidhmiú shamhail an easraithe atmaisféaraigh a úsáidtear le linn an chleachtaidh. Cuireadh na gníomhartha seo i gcrích faoi dheireadh 2011.

I mí na Samhna 2011, cuireadh in iúl don RPII trí na socruithe idirnáisiúnta foláirimh gur aimsíodh rianleibhéil d'iaidín radaighníomhach-131 i dtíortha éagsúla ar fud na hEorpa, agus aithníodh gur dócha gurbh é saoráid déantúsaíochta iseatóp leighis san Ungáir ba chúis leis. Níor aimsíodh aon iaidín sna córais RPII; ach bhíothas ag súil leis seo, toisc gur léirigh an patrún scaipthe go raibh na tiúchana san aer gar don teorainn aimsithe faoin am a shroich an cleitín an Fhrainc.

Sábháilteacht na saoráidí núicléacha thar lear

Tar éis na n-eachtraí in Fukushima, d'iarr an Chomhairle Eorpach athbhreithniú a dhéanamh ar an tsábháilteacht ag stáisiúin núicléacha uile na hEorpa. Chuir Grúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG) critéir agus plean ar fáil do na tástálacha ar a dtugtar 'tástálacha struis', ina n-éilítear ar oibreoirí na stáisiún athmheasúnú a dhéanamh ar shábháilteacht na stáisiún núicléach i gcoinne na gcineálacha eachtraí foircneacha a tharla in Fukushima. Bhí ballstáit uile an AE ina raibh stáisiúin núicléacha a bhí ag feidhmiú chomh maith leis an Eilvéis agus an Úcráin rannpháirteach sa phróiseas. Ansin rinne gach rialtóir um shábháilteacht núicléach athbhreithniú ar thuarascálacha na n-oibreoirí agus rinne siad ráiteas maidir lena dtorthaí, ag aithint réimsí le haghaidh tuilleadh oibre agus/nó feabhsuithe don stáisiún. San áireamh sa phlean tá gné athbhreithnithe piaraí in 2012, agus is é atá i gceist leis seo ná measúnú á ndéanamh ar 17 dtuarascáil náisiúnta ag foirne atá curtha le chéile ag ENSREG. Mar bhall de ENSREG, tá ionchur á dhéanamh ag an RPII sa phróiseas athbhreithnithe piaraí seo. Tá na cáipéisí cuí uile foilsithe ar shuíomh Gréasáin ENSREG www.ensreg.eu.

Lean an RPII ag déanamh dlúthmhonatóireachta ar fhorbairtí ag Sellafield agus ag suíomhanna núicléacha eile sa Ríocht Aontaithe. Le linn na bliana, chuir údaráis sa Ríocht Aontaithe an RPII ar an eolas maidir le forbairtí i dtaobh na ngníomhaíochtaí ag Sellafield. I dtuairisc eolais amháin clúdaíodh Plean Nua Feidhmíochta Sellafield, a dhéanann cur síos ar an obair a bheidh ar siúl ar shuíomh Sellafield thar a shaolré go dtí go ndúntar é i 2120. Déanfaidh an RPII monatóireacht amach anseo ar an dul chun cinn atá á dhéanamh in Sellafield i gcoinne príomhspriocanna a bhaineann leis an sábháileacht. Forbairtí suntasacha eile a bhaineann le Sellafield is ea an fógra go ndúnfaí Monarcha Déantúsaíochta MOX (breosla ocsaíde measctha) Sellafield 'a luaithe agus is féidir' agus an rogha is fearr le Rialtas na Ríochta Aontaithe chun déileáil le stoc plútóiniam na Ríochta Aontaithe ná é a ionchorprú isteach in MOX seachas é a dhiúscairt mar dhramaíl nó é a stóráil ar feadh tréimhse éiginnte.

Cuireadh líon teagmhas ag Sellafield agus ag suíomhanna eile núicléacha den Ríocht Aontaithe in iúl don RPII le linn na bliana. Fuair na teagmhais seo ar fad ráta Leibhéal 1 nó níos ísle ar an Scála Idirnáisiúnta um Theagmhas Núicléach ar a bhfuil seacht bpointe agus ní raibh aon impleachtaí i gceist d'Éirinn.

In 2010, d'fhógair Rialtas na Ríochta Aontaithe pleananna chun stáisiúin núicléacha nua a fhorbairt ar ocht suíomh i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, cúig cinn díobh ar chósta Mhuir Éireann. Le linn 2011, rinne an RPII dul chun cinn ar staidéar chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith i ndán d'Éirinn leis na cumhachtstáisiúin nua seo. Sa mheasúnú déantar breithniú ar an scaoileadh radaighníomhach san aer agus san fharraige ó na stáisiúin atá beartaithe, faoi na gnáthchoinníollacha oibriúcháin agus sa chás go mbeadh timpiste ann. Bhí sé i gceist go mbeadh an obair críochnaithe in 2011, ach cuireadh siar é go 2012 mar thoradh ar fhreagairt an RPII do Fukushima.

Le linn na bliana, lean an RPII ag cur comhairle eolaíche agus teicniúla ar fáil don Roinn Comhshaoil, Pobaile & Rialtais Áitiúil ar réimse ceisteanna a bhaineann le cúrsaí núicléachca. Chabhraigh an RPII, go háirithe, le hullmhúchán thuarascáil náisiúnta na hÉireann agus leis an obair ag eascairt as do Choinbhinsiún an IAEA um Shábháilteacht Núicléach a cuireadh isteach chuig an IAEA i mí Mheán Fómhair 2010 agus a cuireadh i láthair ó bhéal le linn an cúigiú cruinniú athbhreithnithe a bhí ar siúl i Vín i mí Aibreáin 2011. Gníomhaíonn an RPII mar chomhairleoir eolaíochta do Rialtas na hÉireann maidir le forfheidhmiú Straitéis OSPAR, ina n-éilítear ar na páirtithe conarthachta tabhairt faoi na céimeanna uile is féidir leo a ghlacadh chun cosc agus deireadh a chur le truailliú thimpeallacht mhuirí an Atlantaigh Thoir Thuaidh faoi 2020.

Seirbhísí Corparáideacha

Tugann Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht d'obair eolaíoch agus theicniúil an RPII agus a dhea-rialachas trí sheirbhísí a chur ar fáil sna réimsí Airgeadais, Acmhainní Daonna, Cumarsáide agus seirbhísí riachtanacha eile. Tá sé mar aidhm aici a chinntiú go gcruthaítear coinníollacha a chuireann an éifeachtúlacht agus an éifeachtacht agus cultúr eagraíochta dearfach a chur chun cinn, chomh maith le rialachas láidir agus infreastruchtúr comhlíontachta.

Soláthar Comhairle

Tá ról lárnach ag an RPII i gcomhairle a sholáthar maidir le cúrsaí cosanta radaíochta don Rialtas agus don phobal. Príomhghnéithe le feabhas a chur ar an bhfeasacht maidir le cosaint radaíochta is ea rochtain éasca a dhéanamh ar eolas ar ardchaighdeán ar shuíomh gréasáin an RPII agus idirghníomhaíocht leis na meáin.

D'fheidhmigh suíomh gréasáin an RPII go maith go seasta i rith na bliana agus thug níos mó ná 60,000 cuairteoir ar leith os cionn 82,000 cuairt air. Go háirithe, i mí an Mheithimh, rinneadh taifeadadh de níos mó ná 18,000 cuairteoir ar leith a thug cuairt ar an suíomh gréasáin de bharr preaseisiúna maidir le radón agus rinneadh taifeadadh de níos mó ná 7,500 cuairteoir i mí an Mhárta mar gheall ar ghníomhaíochtaí na meán de bharr thimpiste Fukushima. Le linn na bliana choinnigh an RPII i dteagmháil leis an bpobal trí na meáin trí bheith rannpháirteach i 6 chlár teilifíse agus 38 clár raidió go náisiúnta agus ag leibhéal réigiúnach. Bhí neart clúdaithe sna meáin chlóite freisin agus foilsíodh 250 alt a rinne tagairt don RPII, a bhain go príomha le gás radóin agus timpiste Fukushima.

Lena chinntiú go gcomhlíonann an t-eolas a chuirtear ar fáil riachtanais an phobail, thug an RPII faoi thaighde le fócasghrúpa agus agallaimh duine le duine le príomhpháirtithe leasmhara chun dearcthaí an phobail i dtaobh radaíochta sa chomhshaol a dhearbhú. Sa taighde fuarthas go mbaineann an dá ábhar imní poiblí is mó le truailliú íseal-leibhéil Mhuir Éireann ó Sellafield agus leis an seans go bhféadfadh timpiste ollmhór a bheith ann de bharr ionsaithe sceimhlitheoireachta ar Sellafield. Leag an taighde béim freisin ar thábhacht na hoscailteachta agus na trédhearcachta d'eagraíochtaí ar nós an RPII agus an chaoi a ndéileálann siad leis an bpobal.

Ag Breathnú Ar Aghaidh

Is dúshlán mór é leanúint agus feidhmeanna reachtúla an RPII a chur i gcrích i gcoinne cúlra ina bhfuil líon na mball foirne ag laghdú. Coinníonn an RPII ag díriú ar éifeachtúlachtaí a aimsiú agus seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú i gcás inar féidir é agus tá mionsonraí faoi na tionscnaimh curtha ar fáil i bPlean Gníomhaíochta an RPII faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh. I measc na bhforbairtí ar leith a bhí ann le linn 2011 rinneadh measúnuithe ar scileanna aonair agus pleanáil ghairme i bhfeidhmeanna bainistíochta agus riaracháin an RPII mar ullmlhúchán do bhaill foirne a chailleadh de bharr iad ag dul ar scor. Rinneadh dul chun cinn freisin ar thionscnaimh ar leith le linn na bliana chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh, slándáil TF agus bainistíocht taifead.

I gcomhthéacs athchóiriú na hearnála poiblí, agus mar gheall ar an bhfócas ar ghníomhaireachtaí a chomhcheangal, d'iarr an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil ar an RPII agus an EPA breathnú ar an ngearradh siar airgeadais a d'fhéadfaí a dhéanamh dá ndéanfaí an dá eagraíocht a chomhcheangal lena chéile. Chomhoibrigh an dá eagraíocht le chéile ar réamh-mheasúnú a dhéanamh in éineacht lena chéile ar an bhféidearthacht a bheadh ann le comhcheangal a dhéanamh agus cuireadh tuarascáil le chéile le cur chuig an Roinn. I mí na Samhna, léirigh an Rialtas go mbeadh athbhreithniú criticiúil le déanamh ar an togra chun an RPII agus an EPA a chomhcheangal lena chéile agus go mbeadh tuairisciú le déanamh faoi i lár 2012. Tá an RPII rannpháirteach sa phróiseas seo.

Is mian liom buíochas pearsanta a ghlacadh le foireann uile an RPII dá ndíograis agus gairmiúlacht leanúnach le linn na bliana. Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt don ionchur ollmhór a rinne na baill foirne sin a raibh baint dhíreach acu le timpiste Fukushima. Táim buíoch freisin d'fhoireann na Rannóige Radaíochta Comhshaoil den Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil agus d'oifigigh eile sa Roinn as ucht a gcuid tacaíochta d'obair an RPII.

An Dr Ann McGarry

Príomhfheidhmeannach

Rialáil agus ceadúnú

Tá ról lárnach ag an radaíocht ianúcháin i dtimpeallacht eacnamaíoch agus shóisialta na hÉireann. Tá tábhacht lena húsáid sna hospidéil chun seirbhísí diagnóiseacha agus cóireála ar ardchaighdeán a chur ar fáil; baintear úsáid as go fairsing i gcúrsaí tionscail, ina bhfuil feidhmiúcháin idir scagadh slándála agus thástáil rialaithe cáilíochta agus steiriliú táirgí leighis agus taiscéalaíocht ola agus gáis. Ach, is gá na foinsí de radaíocht ianúcháin den sórt seo a bhainistiú go sábháilte agus go slán i gcónaí – is é seo aidhm chlár rialála an RPII den cheadúnú, cigireacht, treorú agus forfheidhmiúchán.

Ceadúnú

De réir an Achta um Chosaint Raideolaíoch, 1991, éilítear ar an RPII córas ceadúnaithe a fheidhmiú do gach úsáideoir d'fhoinsí radaíochta ianúcháin. Má tá sé i gceist ag duine nó eagraíocht ar bith foinse radaighníomhach nó gaireas ionradaíoch a úsáid is gá dóibh ceadúnas a fháil ón RPII sula bhfaigheann siad an t-earra. Tá méadú seasta ar líon na gceadúnas nua a eisítear gach bliain le tríocha bliana anuas, cé go bhfuil leibhéal líon iomlán na gceadúnas gníomhach níos seasmhaí le déanaí (Fíor 1). Ag deireadh 2011, bhí ceadúnais ag 1743 ceadúnaí thar réimse earnálacha, an fhiaclóireacht, leigheas, tionscal, oideachas agus tréidliacht ina measc. Eisíodh 59 ceadúnas nua le linn na bliana, agus 29 díobh ar chleachtaí fiaclóireachta. Ach, mar léiriú den chor chun donais eacnamaíoch a bhí fós ann, in 2011 cuireadh deireadh le 71 ceadúnas, 40 díobh a bhí san earnáil tionscail. I ngach cás inar cuireadh deireadh le ceadúnas, ní mór don cheadúnaí a chinntiú go ndéantar na hearraí a raibh an ceadúnas ann dóibh a dhiúscairt i gceart nó a chur ar ais chuig an déantúsóir nó soláthraí.

D'fhorbair an RPII dhá pholasaí nua maidir le ceadúnú le linn na bliana. Sa chéad cheann, i ndiaidh athbhreithniú forleathan a dhéanamh, leag an RPII riachtanais athbhreithnithe don dáileogmhéadracht phearsanta sa raideolaíocht fiaclóireachta. San áireamh san athbhreithniú bhí scrúdú thaifid dáileogmhéadrachta an RPII le deich mbliana anuas, suirbhé ar chleachtais reatha atá i dtíortha Eorpach eile, agus aitheantas do chaighdeán na n-aonad X-ghathanna fiaclóireachta in Éirinn an lae inniu. Roimhe seo bhí clár dáileogmhéadrachta pearsanta éigeantach. Ach, sa pholasaí nua tá fiaclóirí in ann tabhairt faoi mheasúnú riosca, i gcomhar lena gComhairleoir um Chosaint Radaíochta (RPA), lena dhearbhú an bhfuil a leithéid de chlár de dhíth. Sa dara polasaí, a forbraíodh i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), déileáladh leis an riachtanas go gcaithfeadh oibreoirí naprúin luaidhe agus X-ghathanna fiaclóireachta á nglacadh. Sa pholasaí nua, a shoiléirigh an cheist seo a raibh géargá leis, moladh nach raibh aon ghá do bhaill foirne a bhain úsáid as trealamh X-ghathanna naprúin luaidhe a chaitheamh dá gcloífidís le cleachtais oibre shábháilte agus ní raibh aon chúis gur ghnách d'othair naprúin a chaitheamh.

An t-iarratas ba shuntasaí do cheadúnas a fuarthas le linn na bliana ná ceann ó cheadúnaí fiaclóireachta a bhí ann cheana féin a d'iarr údarú ón RPII aonad láimhe X-ghathanna fiaclóireachta a cheannach. Cé gur gnách na cineálacha seo aonad a úsáid sna

Fíor 1: Líon na gceadúnaithe leighis, tionscail, oideachais, fiaclóireachta agus tréidliachta idir 1985 agus 2011



Stáit Aontaithe agus i dtíortha Eorpacha eile, níor cuireadh ar an margadh in Éirinn iad riamh roimhe seo. Tar éis measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an iarratas, in éineacht le mionphlé le déantúsóir an aonaid, shocraigh an RPII go bhféadfaí na ceadúnais a eisiúint do na haonaid seo dá mba rud é gur oibrigh an t-iarratasóir go dlúth lena RPA chun na gnáthaimh sábháilteachta radóin chuí a fhorbairt. Bunaithe ar na fiosruithe a tháinig ó fhiaclóirí, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar úsáid na gcineálacha aonad seo sna blianta amach romhainn.

Údarú Céimnithe

Ceann amháin de thosaíochtaí straitéiseacha an RPII ná úsáid shábháilte agus shlán na radaíochta ianúcháin in Éirinn a rialú ar bhealach atá inbhuanaithe agus trédhearcach. Leis na héilimh atá ag méadú i gcónaí ar acmhainní foirne, níl an córas ceadúnaithe reatha 'feileann an toise amháin gach toise' inbhuanaithe don todhchaí. I dtreo dheireadh na bliana, cuireadh tús le hobair a dhéanamh ar thionscadal nua chun samhail údaraithe a fhorbairt ina mbíonn cur chuige rioscabhunaithe nó céimnithe i dtreo an údaraithe. Bhreathnaigh an tionscadal ar shamhlacha ceadúnaithe eile, ar nós fógra a thabhairt agus clárú, agus an chaoi ina mbeidís oiriúnach do na feidhmiúcháin den radaíocht ianúcháin atá in úsáid faoi láthair in Éirinn. Lena leithéid cuir chuige chéimnithe i dtreo an údaraithe bheadh seirbhís níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí curtha ar fáil d'úsáideoirí. Bheadh níos lú acmhainní riaracháin de dhíth, agus dá bhrí sin bheifí in ann níos mó acmhainní a leithroinnt ar na gníomhaíochtaí cigireachta agus ar fhorbairt treoircháipéisí d'úsáideoirí, áit a bhfuil tuilleadh acmhainní de dhíth. Dá bhrí sin, d'áiritheofaí inbhuanaitheacht na Seirbhíse Rialála, i gcomhréir le tosaíochtaí straitéiseacha an RPII.

Cigireachtaí

Tá an clár cigireachta bliantúil fós mar cheann de na príomhthosaíochtaí oibre do Sheirbhís Rialála an RPII, ina ligtear rochtain dhíreach a dhéanamh ar na caighdeáin um chosaint radaíochta ar fud na hÉireann. Cé go dtugtar faoi chigireachtaí a dhéanamh go príomha chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht reachtaíochta agus coinníollacha ceadúnaithe, le scóip na cigireachta cinntítear go bhfuil gach oibrí agus ball den phobal cosanta ó éifeachtaí dochracha na radaíochta ianúcháin. Bunaítear roghnú na gceadúnaithe a bhfuil cigireacht le déanamh orthu gach bliain ar chritéir áirithe, lena n-áirítear an riosca raideolaíoch a bhaineann le gníomhaíochtaí an cheadúnaí, an dáta deiridh a ndearnadh cigireacht orthu, agus teagmhas ar bith a tuairiscíodh laistigh den earnáil ina n-oibríonn siad. Léirítear go forleathan trí líon iomlán na gcigireachtaí a rinneadh na tosaíochtaí at ag am ar bith agus na hacmhainní foirne atá ar fáil. Léiríonn Fíor 2 líon na gcigireachtaí a rinneadh gach bliain ó 1992 go 2011.

Fíor 2: Cigireachtaí a rinneadh ó 1992 go 2011



Le linn 2011, rinneadh 224 cigireacht (féach ar Thábla 1). Dhírigh an clár cigireachta go háirithe orthu seo a leanas:

- Sealbhóirí dramhaíola radaighníomhaí agus foinsí as úsáid
- Sealbhóirí tomhsairí dlúis taise núicléach
- Cuideachtaí tástála neamhscriosaí
- Ceadúnaithe fiaclóireachta san earnáil phoiblí

Bhí cor chun donais suntasach san obair san earnáil tástála neamhscriosaí le linn 2011. Mar thoradh air seo bhí níos lú réamhfhógraí maidir le hobair radagrafaíochta ar shuíomh beartaithe. Ach, bunaithe ar na cinn a fuarthas, bhí an RPII in ann trí chigireacht radagrafaíochta neamhfhógartha ar shuíomh a dhéanamh le linn na bliana.

Ag eascairt as an 50 cigireacht a rinneadh sna cleachtaí fiaclóireachta príobháideacha le linn 2010, rinne an RPII 34 cigireacht ar chlinicí fiaclóireachta poiblí agus 23 cigireacht níos mó ar chleachtaí príobháideacha in 2011. Cuirfear na torthaí den 107 cigireacht seo, chomh maith le torthaí na gcigireachtaí a rinneadh in earnálacha eile, san áireamh agus cur chuige céimnithe nua i dtreo an údaraithe á fhorbairt.

Ar an iomlán, bhí an RPII sásta leis na caighdeáin um chosaint radaíochta a breathnaíodh; bhain líon mór de na réimsí neamhchomhlíonta le gnéithe riaracháin den cheadúnas seachas leis na ceisteanna tromchúiseacha um chosaint radaíochta.

Tábla 1: Cigireachtaí a rinneadh in 2011

Catagóir an Cheadúnais	An líon sa Chatagóir	Cigireachtaí a rinneadh in 2011
Úsáideoirí Tionscail	276	67
Oideachas & taighde	19	10
Ranna Stáit agus Seirbhísí atá faoi riar an Stáit	5	0
Ospidéil/Leigheas	168	56
Dáileoirí	44	6
Tréidlianna	284	27
Fiaclóirí	947	57
Suirbhéanna Slándála	-	1
IOMLÁN	**1743**	**224**

I mí Iúil, d'fhoilsigh an RPII *Cigireacht agus Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe agus Clár Cigireachta Bliantúil an RPII do 2011*. Chuir an tuarascáil seo, don chéad uair, mionsonraí ar fáil d'fheidhmeanna agus cleachtais Sheirbhís Rialála an RPII, i gcomhréir le gealltanas sa Phlean Straitéiseach chun feabhas a chur le trédhearcacht phróisis rialála an RPII. Le foilsiú na tuarascála seo gach bliain cothófar tuiscint níos fearr de na próisis agus tosaíochtaí a bhaineann le ceadúnú agus cigireacht a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar cheadúnaithe agus páirtithe leasmhara eile.

Slándáil na bhFoinsí Radaighníomhacha

Rinneadh cothabháil ar chomhchlár oibre an RPII agus An Gharda Síochána 2011. Déanann an clár seo measúnú ar na forálacha slándála reatha ag áitribh na gceadúnaithe d'fhonn na caighdeáin a ardú go dtí an cleachtas slándála idirnáisiúnta is fearr. Le linn na bliana, rinne Aonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta an Gharda Síochána (NCPU), suirbhé slándála amháin ar cheadúnaí tionscail, agus moladh líon beart chun feabhas a chur ar na socruithe slándála. Thug oifigigh ón NCPU athchuairt ar cheadúnaithe a ndearnadh suirbhé slándála orthu sna blianta roimhe seo lena stádas reatha a dhearbhú maidir lena socruithe slándála.

Clár na gComhairleoirí um Chosaint Radaíochta

In Airteagal 19 de I.R. Uimh. 125 de 2000 éilítear ar an RPII clár faofa Comhairleoirí um Chosaint Radaíochta (RPA) a bhunú agus a choinneáil. Aithnítear na daoine seo mar shaineolaithe sa chosaint radaíochta atá in ann comhairle a chur ar iarratasóirí agus ceadúnaithe atá ann cheana féin maidir le ceisteanna sábháilteachta radaíochta, lena

n-áirítear conas riachtanais ceadúnaithe an RPII agus forálacha I.R. Uimh. 125 de 2000 a chomhlíonadh. Tá critéir curtha le chéile ag an RPII do dhaoine aonair ar mian leo a bheith san áireamh i gclár na RPAanna, san earnáil leighis/fiaclóireachta agus san earnáil tionscail/oideachais, agus tá dhá choiste measúnaithe bunaithe aige – ceann chun breathnú ar na hiarratais ó gach earnáil. Le linn na bliana tháinig iarratais ó cheathrar, agus d'éirigh le beirt díobh. Ó bunaíodh an clár leighis/fiaclóireachta in 2005, agus an clár tionscail/oideachais in 2009, fuarthas 59 iarratas (Fíor 3), agus d'éirigh le 44 díobh.

Fíor 3: Líon iarrtas RPA a fuarthas idir 2005 agus 2011



Tugtar cead chun gníomhú mar RPA ar feadh tréimhse cúig bliana, agus ina dhiaidh sin is féidir leis an RPA iarratas a dhéanamh le bheith athcheaptha arís ar feadh tréimhse eile cúig bliana. Sula ndéantar an t-athcheapachán, ní mór don RPA a léiriú don choiste measúnaithe go bhfuil siad suas chun dáta leis an eolas atá acu ar phrionsabail agus cleachtais cosanta radaíochta. Cé go raibh na chéad RPAanna a bhí ceaptha le dul in éag i mí an Mhárta 2011, cuireadh moill leis an bpróiseas athcheapacháin, ós rud é nach raibh táille athcheapacháin socraithe. Dá bhrí sin, ceapadh na RPAanna uile go huathoibríoch ar feadh tréimhse bhreise de 12 mhí agus cead á lorg ag an RPII don táille a raibh bainteach leis. Cheadaigh an tAire an táille seo i mí na Samhna, agus cuirfear tús leis an bpróiseas athcheapacháin i mí an Mhárta 2012.

I mí Feabhra, tugadh cuireadh do gach RPA faofa chun freastal ar an gcéad Chruinniú Idirchaidrimh RPII-RPA. Aidhm an chruinnithe seo ná tuairiscí chun dáta maidir leis na forbairtí cuí a chur ar fáil do na RPAanna agus deis a thabhairt dóibh ceisteanna tráthúla ar bith a ardú leis an rialtóir. I measc na n-ábhar a pléadh ag an gcruinniú bhí suíomhanna um chigireachtaí tosaíochta agus na torthaí is déanaí ó na cigireachtaí, caighdeáin Dearbhú Cáilíochta san earnáil leighis, tuairisciú teagmhas, agus polasaithe nua sa raideolaíocht fiaclóireachta. D'éirigh thar cionn leis an gcruinniú agus tá sé beartaithe cruinnithe mar seo a reáchtáil gach bliain.

Dáileoga Intuairiscithe

Le ceadúnais an RPII éilítear go ndéanann an ceadúnaí fiosrú iomlán cibé uair a dhéantar dáileog a thaifeadadh ar dháileogmhéadracht phearsanta a sháraíonn leibhéal tuairiscithe sonraithe. Na leibhéil tuairiscithe a shonraítear sa cheadúnas ná 2 mhillisíveart (mSv) do dháileog choirp iomláin thar tréimhse 16 seachtaine agus 50 mSv do dháileog fhoircneach thar tréimhse 16 seachtaine.

Cuireadh an RPII ar an eolas maidir le 14 theagmhas den sórt seo le linn na bliana, a chlúdaigh radaiteiripe, cairdeolaíocht, radagrafaíocht, agus tástáil neamhscriosach tionscail. Déantar é seo a chur i gcomparáid le naoi gcinn a bhí ann in 2010. Tuairiscíodh 6 cinn den 14 chás ó ranna cairdeolaíochta (raideolaíocht idirghabhálach), áit ar chaith baill foirne gan chuimhneamh suaitheantais choirp iomláin lasmuigh de na naprúin luaidhe. Ag eascairt as fiosruithe a dhéanamh i ngach cás a tuairiscíodh, níor rangaíodh ceann ar bith mar dháileog a fuair an duine a bhí á chaitheamh.

Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe

Cé gur oibrigh an RPII le gnáthaimh forfheidhmithe inmheánacha ar feadh na mblianta, rinne an Bord polasaí iomlán do ghníomhaíochtaí forfheidhmithe rialála a fhorbairt agus a fhaomhadh in 2011. Sa pholasaí seo, a fhoilseofar le linn 2012, leagtar amach na prionsabail a threoraíonn an gníomh forfheidhmiúcháin, na gnáthaimh a úsáidfear dá mbeadh ionchúiseamh i gceist, agus ailtireacht cinnidh a ghlacann cur chuige srathach i dtreo phróiseas an chinnidh agus leagtar amach na critéir ba chóir a chur san áireamh ag gach leibhéal.

An aidhm leis an bpolasaí forfheidhmithe ná comhthuiscint a bhunú de na prionsabail nach mór a chur i bhfeidhm agus cinneadh á dhéanamh le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí forfheidhmithe, agus maidir leis na gnáthaimh nach mór a leanúint ina leithéid de chásanna. Agus cinntí á ndéanamh, ní mór don RPII a chinntiú go bhfuil comhréireacht gníomhaíochta, comhsheasmhacht den chur chuige, agus trédhearcacht an phróisis i gceist – agus ní hamháin nach mór é seo a bheith déanta, ach ba chóir go mbeadh sé le feiceáil go bhfuil sé déanta. Sa pholasaí cuirtear creat comhaontaithe ar fáil chun bainistíocht a dhéanamh ar an lánrogha rialála a chleachtann cigirí go laethúil agus an tosaíocht straitéiseach a sholáthar i dtaobh rialáil úsáid shábháilte agus shlán na radaíochta ianúcháin in Éirinn.

Teagmhais agus fiosruithe

I mí na Samhna, chuir ceadúnaí tréiliachta in iúl don RPII gur goideadh a aonad soghluaiste X-ghathanna tréidliachta, chomh maith lena naprún luaidhe agus a choiléar tíoróideach, óna thruiclín, a bhí páirceáilte taobh amuigh dá theach thar oíche. Thuairiscigh sé an teagmhas do stáisiún na nGardaí áitiúil. Chuir an RPII an ghoid in iúl don NCPU, Comhairle Tréidlianna na hÉireann agus Tréidlianna Éireann. Ach níor aimsíodh an t-aonad.

Teagmhais san earnáil leighis

Le linn na bliana, cuireadh an RPII ar an eolas maidir le hocht dteagmhas san earnáil leighis. Bhí dhá cheann de na teagmhais seo nár chóir a thuairisciú don RPII, toisc go raibh othair i gceist – tá a leithéid de theagmhais lasmuigh de chúraimí an RPII, agus ina dhiaidh sin tuairiscíodh iad seo don FSS. Bhain cúig cinn de na teagmhais le daoine aonair a cuireadh faoi ghnáthaimh raideolaíocha trí earráid, toisc gur theip ar bhaill foirne ospidéil an prótacal ceart um aitheantas othair a chur i bhfeidhm. Na dáileoga a fuair na daoine aonair seo ba ea idir 1.1 to 5 mSv. Ós rud é nach bhfuair na daoine aonair seo nochtadh a bhí mar thairbhe dóibh ní dhéantar iad a rangú mar othair i gcomhthéacs I.R. Uimh. 125 de 2000 agus dá bhrí sin ní féidir breathnú orthu ach amháin mar bhaill den phobal. Bhain an teagmhas deiridh le mífheidhm bogearra in aonad SPECT/CT agus mar thoradh air sin rinneadh nochtadh neamhbheartaithe le linn trealamh a leagan amach do thástáil Dearbhú Cáilíochta. Ar an dea-uair, bhí an dáileog a fuair an fisiceoir leighis neamhbhríoch agus réitigh an t-innealtóir seirbhíse an locht. Sa chás seo chuir an RPII an teagmhas in iúl do Bhord Leigheasra na hÉireann. I ngach cás rinneadh iniúchadh iomlán ar na teagmhais a shásaigh an RPII agus chuir na hospidéil a bhí i gceist gach beart réasúnta i bhfeidhm le cosc a chur ar a leithéid de theagmhas ag titim amach.

Creidiúnú 2011

Le níos mó ná trí bliana anuas d'éirigh le Seirbhís Rialála an RPII a chóras bainistíochta cáilíochta a chur i bhfeidhm agus a chothabháil dá fheidhm cigireachta. Tá an córas seo creidiúnaithe do chaighdeán an ISO 17020 ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB).

Mar chuid den chóras bainistíochta cáilíochta, caithfidh bainisteoir teicniúil fianú a dhéanamh ar na cigirí uile i mbun cigireachta gach bliain. Baintear úsáid as an gclár um fhianú cigireachta chun measúnú a dhéanamh ar inniúlachtaí praiticiúla agus eolas teicniúil gach cigire;

chomh maith leis sin dearbhaítear go bhfuil cur chuige comhsheasmhach idir na cigireachtaí agus na cigirí. Le linn 2011, rinne na Bainisteoirí Teicniúla sa tSeirbhís Rialála fianú ar 6 chigireacht. Chomh maith leis an gclár um fhianú cigireachta, tugadh faoi sceideal d'iniúchtaí inmheánacha ina dhiaidh sin le linn 2011 chun comhlíonadh riachtanais chaighdeán an ISO 17020 a dhearbhú.

I mí Mheán Fómhair 2011, tar éis cuairt faireachais den INAB, choimeád an tSeirbhís Rialála a creidiúnú do chaighdeán an ISO 17020. Le linn na cuairte faireachais seo, rinne measúnóirí INAB fianú ar chigireachtaí de rannóg x-ghathanna diagnóiseacha in ospidéal agus saoráid tionscail déantúsaíochta a úsáideann foinsí séalaithe chun na leibhéil a thomhas agus do thástáil neamhscriosach.

Dramhaíl Radaighníomhach

Leag an RPII béim arís is arís eile ar an ngá atá ann do pholasaí a bhfuil baint ag an Rialtas i gcoitinne leis ar bhainistíocht dramhaíola radaighníomhaí, agus go háirithe an gá do lárshaoráid stórála do dhramhaíl radaighníomhach agus d'fhoinsí díthreabhacha radaighníomhaigh ionas gur féidir iad seo a bhainistiú go héifeachtach. I mí na Nollag 2010, d'fhaomhaigh an Rialtas sraith moltaí ó ghrúpa idir-rannach ardleibhéil, an moladh chun saoráid stórála a bhunú ina measc. Cuireadh grúpa teicniúil le chéile agus iarradh orthu sonraíochtaí a chur le chéile don tsaoráid. Cé go bhfuil an t-uafás fós le déanamh, is céim mhór chun cinn é sa pholasaí náisiúnta agus is formhuiniú soiléir é de chomhairle bhuanseasta an RPII.

Chomh maith leis sin d'fhormhuinigh an Rialtas clár náisiúnta um laghdú foinsí atá le bheith comhordaithe ag an earnáil, cé go mbaineann maoiniú an chláir leis na ranna rialtais a bhfuil baint acu leis. Beidh an RPII ag gníomhú mar chomhordaitheoir don earnáil phríobháideach. Aidhm an chláir seo ná acmhainní an Stáit a chur le chéile chun an fardal dramaíola radaighníomhaí a laghdú chomh fada agus is féidir trí na bealaí diúscartha atá ann cheana féin a úsáid. D'fhéadfaí saoráid náisiúnta a dhearadh ansin chun déileáil leis an dramhaíol iarmharach nach féidir bealach diúscartha eile a aimsiú dó agus chun bainistíocht a dhéanamh ar fhoinsí faoi urghabháil nó díthreabhacha radaighníomhaigh.

Is sprioc fhadtéarmach é stóras náisiúnta dramhaíola. Idir an dá linn, i bprótacal feidhmiúcháin sealadach, a d'iarr an Rialtas agus a chomhaontaigh an ngrúpa idir-rannach agus a cuireadh faoi bhráid an Rialtais ina dhiaidh sin, soiléirítear róil agus freagrachtaí na ngníomhaireachtaí agus na ranna sa chás go ndéantar foinse a urghabháil nó go n-aimsítear foinse díthreabhacha radaighníomhaigh, agus leagtar amach na prionsabail a rialaíonn rochtain shealadach ar na saoráidí stórála atá ar fáil faoi láthair.

Tar éis dlúth-idirbheartaíocht a dhéanamh le linn na bliana, inar chuir an RPII comhairle ar fáil don Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil agus don Ionadaí Buan sa Bhruiséil, cuireadh treoir ón gComhairle (2011/70/EURATOM) ag bunú creata phobail um bainistíocht fhreagrach agus shábháilte ar bhreosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach i gcrích ar 19 Iúil. Sa treoir déileáiltear le bainisíocht dramhaíola radaighníomhaí, ón uair a ghintear é go dtí go ndéantar é a dhiúscairt, nuair a eascraíonn an dramhaíl sin as gníomhaíochtaí sibhialtacha. Déanann sé foráil do pholasaithe agus cláir náisiúnta bhunú maidir le bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí agus leagtar amach na critéir atá le húsáid agus a leithéid polasaithe agus gnáthamh á bhforbairt. Spreagtar go mór, go háirithe, na ballstáit chun socruithe a dhéanamh le dramhaíl a dhiúscairt san áit inar táirgeadh é, go bhfuil socruithe idirnáisiúnta ceadaithe freisin. Leagtar amach na riachtanais do chreat náisiúnta um bainistíocht dramhaíola, lena

n-áirítear ról an údaráis rialála inniúil chomh maith le freagrachtaí shealbhóirí na gceadúnas. Tá forálacha ann maidir le trédhearcacht agus tuairisciú, agus déantar foráil go háirithe d'athbhreithniú piaraí ar na socruithe náisiúnta gach 10 mbliain. An dáta deiridh leis an treoir a aistriú isteach sa reachtaíocht náisiúnta is ea 23 Lúnasa 2013.

Comhoibriú idirghníomhaireachta

Lean an RPII ag comhoibriú le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun na caighdeáin arda sa chosaint radaíochta in Éirinn a chur chun cinn, agus chun feabhas a chur lena éifeachtacht. Tá ríthábhacht leis seo sa timpeallacht rialála, agus le linn 2011 bhuail an RPII le líon gníomhaireachtaí chun réimsí leasa choitinn a phlé, an Roinn Oideachais & Scileanna, An Chomhairle Tréidlianna, Tréidlianna Éireann, Cumann Altraí Tréidliachta na hÉireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Tionscal Lampaí na hÉireann, Cumann na gCóras Innealtóireachta Dóiteáin, Údarás Eitlíochta na hÉireann, An Garda Síochána (An tAonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta), Rannóg Custam na gCoimisinéirí Ioncaim, Údarás Poirt Bhaile Átha Cliath, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann, Bord Leigheasra na hÉireann, An tÚdarás um Eolas Sláinte agus Cáilíochta, An Chomhairle Fiaclóireachta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Roinn Sláinte agus Leanaí, An Roinn Cosanta, agus An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh.

Bhí an RPII rannpháirteach i líon grúpaí idirnáisiúnta freisin in 2011 agus mar thoradh air seo tá feabhas curtha ar a chumas chun tionchar a imirt ar chinntí a chuireann isteach ar dhaoine a chosaint in Éirinn. San áireamh anseo bhí Coiste um Chaighdeáin Shábháilteachta Iompair den IAEA, Cumann na Eorpa d'Údaráis Inniúla um Iompar Sábháilte Ábhar Radaighníomhacha, Gréasán ALARA na hEorpa, Gréasán Údaráis Cosanta Radaíochta na hEorpa agus na Ceannasaithe de na hÚdaráis um Rialú Radaíochta. Bhí baill foirne ón Seirbhís Rialála rannpháirteach freisin i sainmhisin go dtí an Rómáin agus Oileán Mhuirís.

Nochtadh an Aerchriú don Radaíocht Chosmach

Faoi I.R. Uimh. 125 de 2000 ní mór do shealbhóir teastais aeroibreora na dáileoga a fhaigheann an t-aerchriú a mheas chun a fháil amach an fiú iad na bearta atá ann chun an nochtadh don radaíocht chosmach a smachtú. Baineann an riachtanas seo leis na haeroibreoirí a d'fhéadfadh dáileog bhliantúil níos mó ná 1 mSv a fháil, agus dá bhrí sin ní bhaineann sé ach amháin leis na haerlínte sin a eitlíonn os cionn 8000 méadar. Déanann na haerlínte a úsáideann samhlacha bogearraí atá aitheanta go hidirnáisiúnta na dáileoga mheas. Do 2011, léirigh an fhaisnéis a fuarthas ó 6 aeroibreoir ceadúnaithe gur measadh go bhfaigheadh 11,362 duine dáileoga radaíochta bliantúla os cionn 1 mSv. Fuair 4175 díobh seo idir 1 agus 2 mSv, agus fuair 7001 díobh dáileoga idir 2 agus 4 mSv agus fuair 186 díobh dáileoga os cionn 4 mSv. Níor tuairiscíodh dáileoga ar bith os cionn 6 mSv. Ó thosaigh an mhonatóireacht ar aerchriú in 2003 bhí méadú leanúnach ann gach bliain i líon an aerchriú a fuair dáileoga níos mó ná 1 mSv (Fíor 4). D'fhéadfadh sé seo a bheith ann de bharr méadú i líon an aerchriú atá de dhíth chun bealaí nua agus bealaí atá ann cheana féin a fheidhmiú de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh do thaisteal aeir.

An Comhchoinbhinsiún

Cuireadh an Comhchoinbhinsiún ar Shábháilteacht Bhainistíocht Breosla Spíonta agus ar Shábháilteacht Dramhaíola Radaghníomhaí i bhfeidhm ar 5 Meán Fómhair 1997; Is Páirtí Conarthachta (PC) é Éire. Baineann an Coinbhinsiún le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach ag eascairt as imoibreoirí núicléacha sibhialtacha, agus i gcásanna áirithe sa saoráidí míleata. Baineann an Coinbhinsiún freisin

Fíor 4: Líon an aerchriú a fhaigheann dáileoga radaíochta níos mó ná 1mSv



le scaoileadh pleanáilte agus rialaithe isteach sa chomhshaol d'ábhair radaighníomhacha leachtacha nó gásacha ó shaoráidí núicléacha rialáilte. Baineann sé freisin le bainistíocht foinsí séalaithe nár úsáideadh.

Is iad seo a leanas príomhaidhmeanna an Choinbhinsiúin:

- Leibhéal ard sábháilteachta a chinntiú agus a choinneáil ar fud an domhain ar bhreosla spíonta agus bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí
- A chinntiú go bhfuil cosaintí éifeachtacha i gcoinne na nguaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann ag gach céim ar bhreosla spíonta agus bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí
- Timpistí a chosaint ina mbeadh iarmhairtí raideolaíocha i gceist

Déantar monatóireacht ar fhorfheidhmiú an Choinbhinsiúin trí phróiseas athbhreithnithe. Gach trí bliana cuireann Páirtithe Conarthachta tuarascálacha isteach ina bhfuil mionsonraí maidir lena socruithe náisiúnta do bhainistíocht dramhaíola chun comhlíonadh an Choinbhinsiúin a léiriú. Tá próiseas athbhreithnithe piaraí scríofa de cheisteanna agus freagraí ar na tuarascálacha náisiúnta seo agus ansin cuirtear iad i láthair go foirmiúil agus déantar iad a chosaint le linn cruinnithe an Choinbhinsiúin ar feadh coicíse.

Beidh an Ceathrú Cruinniú Athbhreithnithe den Chomhchoinbhinsiún ar siúl i mí na Bealtaine 2012; chuir Éire a tuarascáil náisiúnta isteach i mí Dheireadh Fómhair 2011.

Treoir Bhunchaighdeáin Sábháilteachta Euratom

I dTreoir Bhunchaighdeáin Sábháilteachta Euratom déantar comhdhlúthú ar fhorálacha na gcúig threoir atá ann faoi láthair atá mar thacaíocht don chreat reachtúil um chosaint radaíochta san Eoraip. Déanfaidh an treoir bheartaithe cuíchóiriú ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair agus beidh comhleanúnachas ann ó thaobh na mbeart rialála agus cosanta don phobal, d'oibrithe agus othair. Chomh maith leis sin mar thoradh air beidh an reachtaíocht Eorpach i gcomhréir leis an tuiscint eolaíoch reatha, agus go háirithe le príomh-mholtaí an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chosaint Radaíochta (ICRP). Leathnóidh sé freisin na forálacha chun déileáil leis na foinsí radaíochta nádúrtha agus le caomhnú an chomhshaoil.

Leis an bhforbairt seo tá an deis ag na ballstáit machnamh a dhéanamh ar na bealaí is fearr chun barrfheabhas a chur ar chleachtas na cosanta radaíochta san Eoraip. Ach, beidh líon áirithe de na forálacha nua mar dhúshlán do bhallstáit ó thaobh iad a chur i bhfeidhm. Tá an RPII ag obair leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in idirbheartaíocht na treorach tábhachtaí seo i gComhairle an AE, agus táthar ag súil go leanfaidh na hidirbheartaíochtaí seo ar aghaidh in 2013.



Nochtadh Dhaonra na hÉireann don radaíocht

Ceann amháin de cheithre thosaíocht straitéiseacha an RPII ná saineolas, cumas teicniúil agus eolas atá riachtanach le daonra na hÉireann agus an comhshaol a chosaint a chur ar fáil. Tugann an RPII faoin tosaíocht seo trí mhonatóireacht atá ag díriú ar an gcomhshaol, trí thaighde a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar fhoinsí den nochtadh radaíochta don phobal agus don chomhshaol, agus tríd an acmhainn a choinneáil le measúnú a dhéanamh ar an iarmhairt raideolaíoch nuair a aimsítear foinsí nua dáileoige radaíochta.

Tá radaighníomhaíocht ó bhunúis nádúrtha agus saorga ag maireachtáil ar fud an chomhshaoil. Tá an radaighníomhaíocht nádúrtha ann ó cuireadh tús leis an Domhan agus tá sé in atmaisféar an Domhain mar thoradh ar idirghníomhaíochtaí le radaíocht chosmach. I measc na bhfoinsí saorga de radaighníomhaíocht tá an radachur ó thástáil a dhéanamh ar airm núicléacha atmaisféaracha, timpiste núicléach Searnóbail, agus an scaoileadh de radanúiclídí ó shuiteálacha núicléacha. An fhoinse is mó de radaighníomhaíocht shaorga go fóill a chuireann isteach ar Mhuir Éireann is ea an scaoileadh leachtach ó stáisiún próiseála núicléach Sellafield atá in Iarthuaisceart Shasana. Agus é sa chomhshaol, tá radanúiclídí ann le hiontógáil isteach ag na héisc, sliogáin éisc, barra agus ainmhithe, agus dá bhrí sin téann siad isteach sa bhiashlabhra.

Ar an meán, faigheann duine in Éirinn dáileog bhliantúil de 3950 µSv ó gach foinse radaíochta. Is cinnte go dtagann an chuid is mó de thuairim is 86 faoin gcéad (3400 µSv) ó fhoinsí nádúrtha, go príomha ó ghás radóin atá carntha i dtithe. Tagann tuairim is 14 faoin gcéad (550 µSv) ó radaíocht shaorga: a tharlaíonn don chuid is mó de bharr úsáid thairbheach na radaíochta i gcúrsaí leighis (540 µSv). Na dáileoga ó fhoinsí saorga eile is ea níos lú ná 1 faoin gcéad (15 µSv). Léirítear na méideanna a thagann ó gach foinse radaíochta agus a dhéanann suas an mheándáileog bhliantúil a fhaigheann duine in Éirinn i bhFíor 5.

Ós rud é gurb é radón an phríomhfhoinse nochta radaíochta do dhaonra na hÉireann, tá eolas maidir le hobair an RPII sa réimse seo curtha ar fáil ar an gCaibidil ar leith ar Radón (féach ar leathanach 27).

Monatóireacht comhshaoil

Is iad seo a leanas aidhmeanna chlár monatóireachta an RPII:

- Measúnú a dhéanamh ar dháileoga do dhaoine aonair agus don daonra ó radanúiclídí sa chomhshaol
- Measúnú a dhéanamh ar dháileacháin aimseartha agus gheografacha de radanúiclídí saorga agus nádúrtha sa chomhshaol
- Cothabháil a dhéanamh ar na córais, na gnáthaimh agus an saineolas atá de dhíth le measúnú tapa a éascú don truailliú comhshaoil sa chás go mbíonn teagmhas núicléach nó raideolaíoch ann, ionas go mbeifear in ann frithbhearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun pobal na hÉireann a chosaint.
- Faisnéis cothrom le dáta agus chruinn maidir le leibhéil radaíochta sa chomhshaol a chur ar fáil don Rialtas agus don phobal

Fíor 5: Ionchur ó gach foinse radaíochta



- Tacú le ról an RPII chun comhairle ardcháilíochta eolaíochtbhunaithe a chur ar fáil don Rialtas, go háirithe chun cuidiú le bearta a aimsiú atá de dhíth chun an daonra a chosaint
- Tacú le tionscal bia agus talmhaíochta na hÉireann trí mheasúnú críochnúil a dhéanamh ar stádas radaighníomhaíochta earraí bia na hÉireann. Tá an measúnú seo mar bhunús de dheimhniú radaighníomhaíochta i dtáirgí atá le heaspórtáil

Déanann clár monatóireachta an RPII measúnú orthu seo a leanas:

- Radaighníomhaíocht chomhthimpeallach bunaithe ar thomhais na radaighníomhaíochta san aer agus an ráta dáileoige gáma sheachtraigh ó líonra de stáisiúin monatóireachta atá lonnaithe ar fud na tíre
- Leibhéil na radaighníomhaíochta i dtáirgí bia éagsúla agus uisce óil
- Leibhéil na radaighníomhaíochta i dtimpeallacht mara na hÉireann bunaithe ar shampláil agus tomhas uisce farraige, dríodair, feamainne, éisc agus sliogan éisc

San áireamh sa chlár tá tomhais leanúnacha ó líonra monatóireachta buaine agus clár samplála agus tástáil saotharlainne ag eascairt as. Tá tuilleadh eolais maidir le líonra stáisiún monatóireachta buana ar fáil sa chuid den tuarascáil seo maidir le hUllmhacht um Éigeandálaí (féach ar leathanach 35). Taispeánann torthaí na monatóireachta, cé go bhfuil na leibhéil radaighníomhaíochta i gcomhshaol na hÉireann fós inbhraite, gur leibhéil ísle iad agus ní riosca suntasach iad do shláinte an duine. Ar an iomlán, bhí na leibhéil radaighníomhaíochta saorga i gcomhshaol na hÉireann le linn 2011 i gcomhréir i gcoitinne leis na leibhéil a tuairiscíodh le blianta beaga anuas, cé go raibh éilliú de bharr na timpiste núicléiche in Fukushima a aimsíodh in Éirinn le linn mhí an Mhárta agus mhí Aibreáin 2012.

Taispeánann na torthaí monatóireachta mara go bhfuil nochtadh an phobail do scaoileadh radaighníomhaíochta saorga mar thoradh ar chaitheamh bia mara. Léiríonn Fíor 6 na dáileoga do thomhaltóirí tipiciúla de bhia mara idir 1982 agus 2011 atá ann de bharr caeisiam-137, a dhéanann suas formhór na dáileoige ón mbealach seo. Is dáileoga beaga iad na dáileoga a thabhaigh pobal na hÉireann mar thoradh ar radaighníomhaíocht shaorga sa timpeallacht mara nuair a chuirtear iad i gcomparáid leis an meándáileog bhliantúil do dhuine in Éirinn ó na foinsí radaighníomhaíochta uile. In 2011, bhí an dáileog don tomhaltóir tipiciúil de bhia mara de bharr caeisiam-137 measta ag 0.05 micrisíveart (µSv), i gcomparáid leis an meándáileog iomlán bhliantúil de 3950 µSv.

Fíor 6: Dáileoga éifeachtacha thiomanta do ghnáth-thomhaltóirí de bhia na mara de bharr caeisiam-137, 1982-2011



Leis an monatóireacht radaighníomhaíochta a dhéanann an RPII ar bhainne, uisce óil agus aiste bia mheasctha (atá déanta suas de bhéilí iomlána ó cheaintíní in ollscoileanna), agus an tástáil rialta a dhéantar ar réimse leathan de chineálacha bianna eile, is léir go bhfuil na leibhéil radaighníomhaíochta in earraí bia fós an-íseal. Ní riosca sláinte é na dáileoga radaighníomhacha a fhaigheann pobal na hÉireann mar thoradh ar radaighníomhaíocht shaorga sa chomhshaol agus is dáileoga an-bheag iad i gcomparáid leis an dáileog a fhaightear mar thoradh ar radaíocht (nádúrtha) sa chúlra.

Tá torthaí monatóireacht chomhshaoil an RPII foilsithe i sraith tuarascálacha, agus tá siad ar fad ar fáil ar shuíom gréasáin an RPII, www.rpii.ie.

Athruithe sa chlár monatóireachta in 2011

Rinne grúpa idirnáisiúnta piaraí athmheas ar an gclár monatóireachta in 2011, bunaithe ar athbhreithniú a dhéanamh ar a scóip agus a éifeachtacht agus bhí líon ceardlann inmheánacha ann chun breathnú go mion ar mholtaí teicniúla an ghrúpa piaraí. Bhain na hathruithe is mó a cuireadh i bhfeidhm in 2011 leis an ngné mhara den chlár:

- Baineadh úsáid níos mó as biotáscairí ar nós feamainn (Fucus) seachas a bheith ag déanamh tomhais dhírigh ar radanúiclídí in uisce farraige. Agus na leibhéil reatha atá sa chomhshaol níl aon chás ann a thuilleadh go ndéanfaí an iarracht bhreise atá de dhíth le tomhas díreach a dhéanamh ar an uisce.

- Méadaíodh líon na dtomhas achtainídí (plútóiniam agus aimeiriciam). Agus na radanúiclídí seo le fáil go fadtéarmach i Muir Éireann, leanfaidh an t-ionchur a bheidh acu i ndáileoga an ghrúpa chriticiúil mhara ag méadú. Leis an laghdú a tharla le déanaí i dtiúchana teicnéitiam-99, laghdaíodh líon na dtomhas a ndearnadh don radanúiclíd seo.
- Laghdaíodh líon na bpointí samplála cósta ach cuireadh le minicíocht na samplála, toisc gur measadh go raibh an cur chuige seo níos éifeachtúla don tsampláil mhara.
- Rinneadh athruithe beaga ar an tsampláil bia mara, lena n-áirítear roinnt athruithe ar na speicis a ndearnadh sampláil orthu lena chinntiú go leanann an clár ag léiriú phatrúin caithimh agus tuirlingthe bhia mara na hÉireann. Rinneadh cuíchóiriú áirithe ar na láithreacha samplála chomh maith chun feabhas a chur ar éifeachtúltacht an chláir.

Rinneadh beagán athruithe i ngnéithe eile den chlár. Socraíodh sampláil a dhéanamh ar aiste bia mheasctha in aon láthair amháin (seachas i dtrí láthair) ach é dhéanamh níos minice, agus cuireadh sampláil bhliantúil ó thaiscshorcóir uisce dhromchla mór amháin leis an gclár uisce óil chun moltaí an Choimisiúin Eorpaigh a chomhlíonadh níos fearr.

An Radaighníomhaíocht i bhfoinsí screamhuisce

Cuireadh an chéim deiridh chun sampláil agus anailís le haghaidh staidéir náisiúnta a dhéanamh ar an radaighníomhaíocht i soláthairtí screamhuisce i gcrích in 2011. I gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), bailíodh samplaí ó ghréasán an EPA de 220 pointe monatóireachta screamhuisce agus rinneadh anailísiú orthu le haghaidh tiúchan gníomhaíochta radóin. Tá gréasán an EPA deartha lena chinntiú go bhfuil sé ionadaíoch do na héagsúlachtaí sna brúnna hidrigeolaíochta agus antraipaigéineacha thar corp sreamhuisce. I gcéim níos luaithe den tionscadal, rinneadh anailísiú agus measúnú ar shamplaí ó na pointí monatóireachta céanna le haghaidh chomhlíontacht na bparaiméadar radaighníomhaíochta mar atá leagtha amach sa Treoir um Uisce Óil (DWD).

Tar éis moladh an Choimisiúin Eorpaigh a fhoilsiú go ndéanfadh na ballstáit suirbhéanna chun scála agus nádúr an nochta a aimsiú a tharlaíonn de bharr radón a bheith i soláthairtí uisce tí, leag an RPII uasleibhéil mholta síos do thiúchana gníomhaíochta radóin i soláthairtí uisce óil poiblí agus príobháideacha ag 500 beicireil in aghaidh an lítir (Bq/l) agus 1000 Bq/l faoi seach. Fuarthas go raibh tiúchana gníomhaíochta radóin níos lú ná 500 Bq/l do na foinsí screamhuisce uile a ndearnadh tástáil orthu.

Tá sé beartaithe tuarascáil den staidéar iomlán a fhoilsiú in 2012.

Tionscadal Tritiam in uisce na farraige 2008-2010

Mar gheall ar thocsaineacht radaighníomhach íseal i dtritiam, go dtí seo níor cuireadh san áireamh é mar radanúiclíd leasa i ngnáthchlár monatóireachta comhshaoil an RPII. Ach, idir 2008 agus 2010, thug an RPII faoi thionscadal chun tritiam a thomhas in uisce farraige timpeall chósta na hÉireann. Rinneadh é seo d'fhonn tiomantais na hÉirean a chomhlíonadh don Choinbhinsiún OSPAR um chaomhnú na muirthimpeallachta san Atlantach Thoir Thuaidh, mar a thuairiscítear sa chuid den tuarascáil seo maidir le Sábháilteacht Saoráidí Núicléacha Thar Lear (féach ar leathanach 38), agus chun bonnlíne a chur ar fáil do thomhais amach anseo, go háirithe leis an seans atá ann go mbeadh tuilleadh sceite tritiam sa timpeallacht mara de réir mar a mhéadaíonn táirgeadh cumhachta núicléiche san Eoraip amach anseo. Tá tuarascáil den obair seo le bheith foilsithe ag an RPII in 2012.

Cé gur dhearbhaigh an staidéar go bhfuil tiúchana ísle de thritiam in uisce na farraige timpeall chósta na hÉireann, tá sé beartaithe ag an RPII monatóireacht a dhéanamh ar an radanúiclíd sna láithreacha samplála uisce farraige ó 2012 i leith. Tá sé seo bunaithe ar a bhfuil curtha in iúl ag an Ríocht Aontaithe go bhfuil seans ann go méadóidh sceitheadh an tritiam ó Sellafield go sealadach le linn na chéad chúig bliana eile mar thoradh ar obair dhíchoimisiúnaithe.

Uasghrádú Shaotharlann an RPII

In 2011, rinne an RPII athchóiriú iomlán ar limistéar ullmhúcháin samplaí a shaotharlainne monatóireachta comhshaoil i gCluain Sceach, Baile Átha Cliath. Tá limistéar ullmhúcháin samplaí lárnach d'fheidhmiú na saotharlainne, toisc gurb é an áit ina dtarlaíonn an chéad chuid de phróiseáil na samplaí uile. Sa chás go mbeadh timpiste nó géarchéim ann, bheadh ríthábhacht le bainistíocht agus láimhseáil éifeachtúil de shamplaí ag teacht isteach do chumas na saotharlainne chun freagairt go héifeachtach.

Sula ndearnadh an t-athchóiriú, níor atheagraíodh é ná níor tugadh suas chun dáta é ó leagadh amach an tsaotharlann ar dtús in 1987. Leis an leagan amach ní rabhthas in ann barrfheabhas a chur ar na sreafaí oibre agus níor baineadh an úsáid is fearr as an spás a bhí ann. Bhí an caitheamh agus an chuimilt thar 20 bliana le feiceáil go mór. Cuireadh athchóiriú na saotharlainne i gcrích i mí na Nollag 2011, laistigh den am agus den bhuiséad, agus leis an athchóiriú tá saotharlann ar fáil atá in ann feidhmiú níos fearr, atá níos solúbtha agus níos éifeachtúla.

Taighde chun tacú le clár monatóireachta comhshaoil

Cuireann tionscadail ar leith leis an gclár monatóireachta a dhéanann iniúchadh ar ghnéithe áirithe den radaighníomhaíocht talún agus mara, cosúil le staidéir na radaighníomhaíochta nádúrtha i soláthairtí screamhuisce agus leibhéil tritiam san uisce farraige mar a thuairiscítear thuas. Is eagraíocht neamhspleách bunaithe ar eolas é an RPII, agus tá sé ríthábhachtach go mbeadh muinín ag na páirtithe leasmhara ina chuid oibre. Aithníonn an RPII, más rud é go bhfuil sé le bheith mar fhoinse shaineolach ar an gcosaint radaíochta in Éirinn a bhfuil muinín ann agus meas air, ní mór don ardchaighdeán feabhais eolaíoch tacú le gach gné dá chuid oibre. Agus é seo curtha san áireamh, rinneadh forbairt ar straitéis taighde in 2011, laistigh de chreat de *Phlean Straitéiseach an RPII 2011-2013*. Sa straitéis taighde don tréimhse ó 2011 go 2013 aithnítear líon tosaíochtaí agus cuspóirí do thaighde sa réimse monatóireachta comhshaoil, mar seo a leanas:

- An gá leis na príomhscileanna teicniúla a chothabháil: Breathnaítear ar an taighde mar ról lárnach maidir leis seo. Cé nár bhain athbhreithniú piaraí 2009 go mór leis an taighde, leag sé béim ar an ról taighde agus príomhscileanna á bhforbairt agus á gcothabháil agus rinneadh moltaí ann le haghaidh obair taighde úsáideach a dhéanamh amach anseo.
- An Tuarascáil Náisiúnta um Mheasúnú ar Dháileoga a nuashonrú in 2013: Mar thoradh air seo, déanfar líon tionscadal taighde a stiúradh, tomhas radaighníomhaíochta nádúrtha in earraí bia agus in uisce óil san áireamh.
- An gá le taighde a dhéanamh chun comhairle an RPII a thuairisciú don Rialtas agus don phobal maidir le himpleachtaí raideolaíocha de phleananna na Ríochta Aontaithe le himoibreoirí núicléacha a thógáil agus leis na himoibreoirí atá ann cheana féin a dhíchoimisiúnú.

In 2011, i gcomhar le UCD agus an NIEA, chuir an RPII tús le tionscadal chun measúnú a dhéanamh ar na leibhéil radaighníomhaíochta i Loch Cairlinn. Tá sé seo ag eascairt as staidéar a cuireadh i gcrích sna 1990aidí, agus leis seo éascófar measúnú ar athruithe i dtiúchana comhshaoil tomhaiste. Chomh maith le cur leis na sonraí maidir leis na radaighníomhaíochta saorga sa bhearna chósta thoir thuaidh seo, leis an tionscadal seo beidh na naisc níos láidre idir an RPII agus an NIEA agus UCD. Tá sé beartaithe sampláil agus anailísiú a dhéanamh don tionscadal seo in 2012, agus foilseofar an tuarascáil in 2013.

Cuireadh tús freisin leis an bpleanáil do mheasúnú a dhéanamh ar an dáileog do dhaonra na hÉireann in 2011. Chomh maith leis sin, i gcomhar le UCD arís, cuireadh tionscadal i réimse shamhail Mhonte Carlo de speictriméadair gháma ardtaifigh i gcrích in 2011.

De réir thiomantas an RPII le hathbhreithniú piaraí a dhéanamh ar a chuid oibre, chuir baill foirne den RPII obair i láthair ag Comhdháil Idirnáisiúnta ar an Raidéiceolaíocht agus an Radaighníomhaíocht Comhshaoil in 2011 agus bhí siad rannpháirteach i líonraí idirnáisiúnta ar nós IAEA ALMERA (Saotharlanna Anaislíseacha do Thomhas na Radaíochta Comhshaoil), Grúpa Oibre Neamhfhoirmiúil na nAnailísithe, agus comhdháil bhliantúil Chumann Taighde Radaíochta na hÉireann.



Radón

Is gás radaighníomach é Radón a tharlaíonn go nádúrtha agus a thagann le chéile sa talamh trí mheath úráiniam sna carraigeacha agus ithreacha. Is é an radón an phríomhfhoinse den nochtadh radaíochta do dhaonra na hÉireann. Is é radón an dara cúis is mó le hailse sna scamhóga agus faigheann tuairim is 200 duine bás ó ailse sna scamhóga gach bliain in Éirinn dá bharr. Cé go méadaíonn an nochtadh don radón an riosca d'ailse sna scamhóga do gach duine, ba chóir a nótáil gur riosca ar leith é an radón de dhaoine a chaitheann tobac de bharr na hidirghníomhaíochta sineirgistí idir an radón agus caitheamh tobac.

Is iad seo a leanas aidhmeanna straitéiseacha an RPII maidir le radón, mar atá leagtha amach i *bPlean Straitéiseach an RPII 2011-2013:*

- Forfheidhmiú straitéis rialaithe náisiúnta a chur chun cinn chun nochtadh radóin i dtithe agus ionaid oibre na hÉireann a laghdú
- Comhairle a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara ar bhealaí chun an pobal a chosaint ón nochtadh don radaíocht ianúcháin.

Ó 2006 i leith, thacagh an RPII go seasta le cur chuige náisiúnta comhordaithe faoi threoir an Rialtais chun an nochtadh do radón a laghdú. I mí Mheán Fómhair 2011, baineadh sprioc mhór amach nuair a chinn an Rialtas grúpa idirghníomhaireachta a bhunú chun Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin d'Éirinn. Leis an gcinneadh tábhachtach seo cuirtear an moladh i bhfeidhm i dtaobh An Comh-staidpháipéar Maidir le Radón in Éirinn a d'fhoilsigh an RPII agus an FSS in 2010. Tá an cinneadh i gcomhréir le moltaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus le Dréacht-Threoir Athmhúnlaithe um Bunchaighdeáin Sábháilteachta Euratom, ina n-iarrtar ar na ballstáit straitéisí náisiúnta a bhunú chun déileáil le radón.

Le linn 2011, chuir an RPII raon beart i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm acu an pobal a chosaint ó nochtadh radóin trí eolas agus chomhairle a chur ar fáil. San áireamh anseo bhí feachtais a bhí ag díriú ar eolas maidir le radón, a bhí mar aidhm acu comhairle a chur ar fáil go díreach ar an bpobal, agus comhoibriú a dhéanamh leis na príomhpháirtithe leasmhara ar nós an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an FSS agus údaráis áitiúla ar raon tionscnamh chun an fheasacht a mhéadú maidir leis an bhfadhb radóin.

Forbairt Straitéise Náisiúnta um Rialú Radóin

Bhunaigh Phil Hogan, TD, an tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil an grupa idirghníomhaireachta a bhfuil mar chúram air Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin d'Éirinn a fhorbairt. Tá an grúpa idirghníomhaireachta déanta suas d'ionadaithe uathu seo a leanas:

- An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
- An Roinn Post, Fiontar & Nuálaíochta
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae
- Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
- An RPII.

Tasc an ghrúpa idirghníomhaíochta, mar atá leagtha amach i gcinneadh an Rialtais, ná Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin a fhorbairt a laghdóidh riosca an daonra ina iomláine agus an riosca aonair do dhaoine atá ina gcónaí ina bhfuil tiúchana radóin arda. Le cinneadh an Rialtais cuireadh an fhreagracht ar an RPII le tacaíocht teicniúil agus rúnaíochta don ghrúpa idirghníomhaireachta.

Tionóladh an chéad chruinniú den Ghrúpa go déanach i mí na Samhna, agus ina dhiaidh comhaontaíodh mionchlár oibre. Is iad seo a leanas aidhmeanna an chláir oibre:

- Moltaí a fhorbairt le gníomhaíochtaí a dhéanamh chun an riosca radóin a laghdú
- Moltaí a fhorbairt do cheisteanna forfheidhmithe, ar nós tuairisciú, comhordú, méadracht agus athbhreithniú a dhéanamh
- Anailís a dhéanamh chun tacú le moltaí an ghrúpa, lena n-áirítear rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus anailís eacnamaíoch.

D'iarr an tAire ar an ngrúpa idirghníomaireachta tuarascáil eatramhach a chur ar fáil faoi dheireadh 2012 agus tuairisciú a dhéanamh don Rialtas le Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin faoi mhí na Samhna 2012.

Rannpháirtíocht le comhlachtaí poiblí eile agus le húdaráis áitiúla

Tosaíocht straitéiseach don RPII ná comhoibriú a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le daoine eile chun tionscnaimh náisiúnta um chosaint raideolaíoch a chur i bhfeidhm. Sa chomhthéacs seo, lean an RPII ag obair le húdaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí stáit ar raon tionscnamh radóin.

Lean an RPII ag tacú le húdaráis áitiúla agus na cláir tomhais radóin agus feabhsúcháin sa tithíocht shóisialta á gcur i bhfeidhm acu. Le linn 2011, chomhoibrigh an RPII le 13 údarás áitiúla chun tacú lena gcuid oibre ar an radón sa tithíocht shóisialta. Go dtí seo, rinne an RPII agus comhlachtaí tomhais radóin eile tuairim is 12,000 teach údaráis áitiúil a thomhas i 19 gcontae le haghaidh radóin. Tá gach teach a aimsíodh a bhí thar an leibhéal tagartha de 200 Bq/m^3 feabhsaithe nó i mbun an phróisis fheabhsúcháin ag an údarás áitiúil.

Chomh maith leis an riosca radóin do thionóntaí údaráis áitiúil a íoslaghdú, chuir cláir tomhais na n-údarás áitiúil faisnéis luachmhar ar fáil don RPII

Tábla 2: Tomhais radóin a rinne na húdaráis áitiúla ar thithíocht shóisialta (mar a bhí tuairiscithe don RPII mar a bhí ar an 31 Nollaig 2011)

Contae	Údarás Áitiúil*	Líon na dTomhas	Líon na dtithe os cionn 200 Bq/m^3	Uastiúchan Radóin a tomhaiseadh (Bq/m^3)
Ceatharlach	Comhairle Contae Cheatharlach	1260	109	4050
Corcaigh	Comhairle Contae Chorcaí	4196	234	3300
Gaillimh	Comhairle Contae na Gaillimhe	246	81	1866
Ciarraí	Comhairle Contae Chiarraí	457	6	393
	Comhairle Baile Chill Airne	335	35	751
	Comhairle Baile Thrá Lí	190	93	4542
Liatroim	Comhairle Contae Liatroma	136	5	595
An Mhí	Comhairle Contae na Mí	376	9	477
Sligeach	Comhairle Buirge Shligigh	48	1	490
	Comhairle Contae Shligigh	100	5	1012
Cill Mhantáin	Comhairle Contae Chill Mhantáin	1860	23	588
	Comhairle Baile an Inbhir Mhóir	378	2	288
	IOMLÁN	9582	603	

Tabhair faoi deara * San áireamh anseo: Comhairlí contae, comhairlí cathrach, comhairlí buirge agus comhairlí baile

maidir le méid na faidhbe radóin in Éirinn, ar rath an fheabhsúcháin, agus ar an ngaol idir an dáta tógála agus na leibhéil radóin faoi dhíon. Go dtí deireadh mhí na Nollag 2011, chuir 12 údarás áitiúla mionsonraí maidir leis an tomhas radóin uile sa tithíocht shóisialta a bhí curtha i gcrích acu ar fáil don RPII mar atá ar fáil in achoimre i dTábla 2. Beidh an fhaisnéis seo ar fáil go díreach agus mar thacaíocht d'fhorbairt na straitéise náisiúnta radóin.

Faoin Meabhrán Tuisceana idir an RPII agus an FSS, bunaíodh grúpa comhoibre ar an radón, agus le linn na bliana phléigh an grúpa seo réimse saincheisteanna, lena n-áirítear forbair na straitéise náisiúnta um rialú radóin, cigireachtaí ionaid oibre, comhphrótacal le déileáil le hionaid oibre agus sealbhóirí tí ar leith ina bhfuil leibhéil arda radóin, feasacht a mhúscailt maidir le radón sa ghairm leighis, agus an radón a chur san áireamh in uirlis mheasúnaithe sláinte agus sábháilteachta an FSS, BeSmart.

Le linn 2011, chuir an FSS an radón san áireamh i 79 cigireacht ionaid oibre. Chun tacú leis an iarracht seo, rinne an RPII cur i láthair maidir le radón in ionaid oibre ag seimineáir réigiúnacha a bhí eagraithe ag an HSA, an Institiúid Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde, agus Príomhdhéidlianna an FSS.

Rinneadh líon tionscnamh le linn na bliana chun an fheasacht a mhúscailt maidir le radón, lena n-áirítear rannpháirtíocht an RPII i gcúrsa oiliúna i mí na Nollag do dhochtúirí den tsláinte phoiblí maidir le freagairtí sláinte poiblí don radón, agus ailt maidir le radóin a chur sna tréimhseacháin leighis agus altranais.

Fóram Náisiúnta Radóin

I mí na Samhna, d'oscail Phil Hogan, TD, an naoú bhFóram Náisiúnta Radóin i mBaile Átha Cliath. Téama an Fhóraim in 2011 ba ea 'Freagairt éifeachtach don fhadhb radóin in Éirinn'. Labhair Mr William Srandling ó Údarás na hIorua um Chosaint Radaíochta maidir le forbairt straitéis naisiúnta radóin na hIorua. Labhair cainteoirí ón FSS ag an bhFóram freisin, faoin radón mar riosca sláinte poiblí soláimhsithe, agus ón RPII, a chuir torthaí na suirbhéanna i láthair maidir leis na rátaí agus costais feabhsúcháin, agus tugadh achoimre den chreat atá beartaithe do chomhairliúchán na bpáirtithe leasmhara i bhforbairt Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin na hÉireann.

Ba é seo an Fóram ba mhó go dtí seo, agus bhí níos mó ná 100 duine ag freastal air ó ranna Rialtais, údaráis áitiúla, an FSS, HSA, comhlachtaí tomhais agus feabhsúcháin radóin, comhlachtaí árachais agus ollscoileanna, chomh maith le baill den phobal.

Feasacht an Phobail um radón

Lean an RPII lena chuid iarracht in 2011 chun an fheasacht a mhúsailt maidir leis na bearta nach mór do shealbhóirí tí a dhéanamh chun iad féin agus a dteaghlaigh a chosaint ón nochtadh do ghás radóin. San áireamh anseo bhí feachtais eolais áitiúla chomhtháite faoi radón in dhá áit ina bhfuil radón ard (Tiobraid Árann Theas agus Gaillimh). Sna feachtais chomhtháite seo, baintear úsáid as bealaí éagsúla chun teagmháil a dhéanamh leis an bpobal, fógraíocht ar an raidió, eolas ar chláir fógraí, gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí, bileoga eolais, cruinnithe poiblí agus na meáin shóisialta ina measc. Dáileadh beagnach 150,000 pacáiste eolais i measc grúpaí pobail, ionad sláinte agus daoine gairmiúla i gcúrsaí sláinte. Bhí an rannpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara, ar nós polaiteoirí, na húdaráis áitiúla, grúpaí pobail agus gnó agus an pobal i gcoitinne, mar chuid de na gníomhaíochtaí chun an fheasacht a mhúscailt.

Le linn 2011, tháinig an RPII ar an eolas faoi 17 dteach ina raibh leibhéil radóin an-ard de níos mó ná 2000 Bq/m^3. Aimsíodh an leibhéal is airde i dteach in Oileán Chiarraí i gCiarraí Thuaidh, a chuir ceann amháin de na comhlachtaí tomhais príobháideacha in iúl don RPII. Léirigh an tomhas radóin don teach seo go raibh meántiúchan radóin de 37,000 Bq/m^3 ann nó beagach 200 uair níos mó ná an leibhéal tagartha de 200 Bq/m^3. Níl an teach seo ach cúpla ciliméadar ó theach a aimsíodh in 2003 ina raibh an léamh leibhéil is airde do theach in Éirinn de 49,000 Bq/m^3. Nuair a cuireadh in iúl dó maidir leis an tomhas seo, d'imigh an RPII i dteagmháil leis an sealbhóir tí, leis an Údarás Áitiúil agus leis an FSS, eisíodh preasráiteas ar na meáin áitiúla, agus scríobh sé díreach chuig na sealbhóirí tí sna bailte fearainn comharsanacha. Ina dhiaidh seo bhí fógraí sna nuachtáin áitiúla ag spreagadh sealbhóirí tí chun tástáil a dhéanamh le haghaidh radóin. Tá an 16 theach eile a aimsíodh ina raibh leibhéil radóin os cionn 2000 Bq/m^3 lonnaithe i Sligeach (1), Tiobraid Árann (1), Gaillimh (3), Corcaigh (2), Loch Garman (1), Ceatharlach (3), Dún na nGall (1), Ciarraí (3), agus Port Láirge (1).

Taighde

Leis an taighde fócais ghrúpa a rinne an RPII in 2010 aimsíodh an gá poiblí a bhí ann d'fhaisnéis suas chun dáta maidir le costas feabhsúcháin radóin in Éirinn. Chomh maith leis seo, aithníodh, i gcomhthéacs fhorbairt na straitéise radóin, bhí gá le haghaidh tuilleadh sonraí Éireannacha maidir le réimse saincheisteanna a raibh baint acu leis an bhfeabhsúchán. Mar thoradh air sin, rinneadh dhá shuirbhé in 2011 – bhreathnaigh an chéad cheann ar na costais feabhsúcháin, na modhanna feabhsúcháin agus taithí an tsealbhóra tí ar an bhfeabhsúchán. Agus bhreathnaigh an dara ceann ar na rátaí feabhsúcháin agus cúiseanna na sealbhóirí tí leis an bhfeabhsúchán a dhéanamh.

D'aithnigh na suirbhéanna seo umair radóin ghníomhacha mar an modh feabhsúcháin is coitianta in Éirinn. An gnáthchostas chun umar gníomhach a shuiteáil ba ea €1100. An ráta feabhsúcháin radóin – is é sin, an chuid sin de na tithe inar aimsíodh na leibhéil radóin is airde a rinneadh feabhas orthu dá éis – ba ea 25%. Cé go bhfuil an figiúr deiridh sin cosúil leis an bhfigiúr a aimsíodh i dtíortha eile, léirítear gur féidir feabhas a dhéanamh agus daoine a spreagadh chun feabhsúcháin.

Staitisticí Tomhais Radóin

Tugann Tábla 3 achoimre de réir contae na tomhais radóin a rinne an RPII ó chuir sé tús le tomhais radóin go luath sna 1990aidí. As an 50,000 tomhas a rinneadh faoi dheireadh 2011, bhí 11,300 díobh mar chuid den Suirbhé Náisiúnta Radóin, agus bhí an chuid is mó díobh mar thomhais inar íocadh táillí. Aimsíodh go raibh tiúchana radóin os cionn an leibhéil náisiúnta thagartha de 200 Bq/m^3 ag 7139 de na tithe a thomhais an RPII go dtí mí na Nollag 2011, agus bhí tiúchana radóin níos mó ná 800 Bq/m^3 ag 747 díobh seo. Na contaetha ina raibh na céatadáin tithe is airde os cionn an leibhéil thagartha ba ea Sligeach, Port Láirge agus Gaillimh.

Mheas an Suirbhé Náisiúnta Radóin go bhfuil tiúchana radóin de níos mó ná 200 Bq/m^3 ag leibhéil radóin i 7% den stoc náisiúnta tithíochta, atá cothrom le tuairim is 110,000 teach nuair a chuirtear é leis an stoc tithíochta reatha. Má chuirtear an dá thomhas a rinne an RPII san áireamh agus an meastachán is fearr de na tithe a thomhais seirbhísí tomhais eile, meastas gur tomhaiseadh níos lú ná 5% de na tithe go náisiúnta go dtí seo. Dá bhrí sin, tá sé soiléir, gur gá an chuid is mó de na tithe ina bhfuil fadhb radóin a aithint go fóill.

Tábla 3: Torthaí na dtomhas radóin de réir contae (bunaithe ar thoisí a rinne an RPII go dtí 31 Nollaig 2011)

Contae	Líon iomlán na dtithe a tomhaiseadh	Líon na dtithe i gcatagóirí de thiúchan radóin			Uasmhéid (Bq/m³)
		0-199 Bq/m³	200-799 Bq/m³	> 800 Bq/m³	
Ceatharlach	1159	933	214	12	2300
An Cabhán	444	430	14	0	780
An Clár	4065	3570	410	85	3500
Corcaigh	5484	4816	620	48	4500
Dún na nGall	1432	1354	76	2	3400
Baile Átha Cliath	3539	3321	216	2	1400
Gaillimh	5894	4582	1160	152	3700
Ciarraí	3694	3099	473	122	49,000
Cill Dara	1279	1223	53	3	1100
Cill Chainnigh	1333	1142	176	15	2400
Laois	565	541	24	0	570
Liatroim	392	365	26	1	1600
Luimneach	1360	1254	103	3	1900
Longford	322	289	32	1	880
An Lú	822	723	99	0	750
Maigh Eo	4121	3395	663	63	6200
An Mhí	966	888	76	2	930
Muineachán	295	277	18	0	790
Uíbh Fhailí	770	753	17	0	770
Ros Comáin	703	627	72	4	1400
Sligeach	2320	1734	491	95	5600
Tiobraid Árann	2433	2134	277	22	3400
Port Láirge	2410	1923	422	65	9700
Loch Garman	1749	1469	258	22	2900
An Iarmhí	689	626	62	1	1100
Cill Mhantáin	2112	1745	340	27	16,000
Iomlán	**50,352**	**43,213**	**6392**	**747**	

Seirbhísí tomhais radóin

Cuireann saotharlann an RPII seirbhísí tomhais radaíochta ar fáil ar bhonn tráchtála don tionscal, don earnáil sláinte, don earnáil oideachais agus do ghníomhaireachtaí Stáit eile. Tá seirbhísí curtha ar fáil faoi láthair sna réimsí dáileogmhéadrachta pearsanta, calabrúcháin ionstraimí, tomhais radóin, seirbhísí anailíseacha agus teastasaithe táirge. Tá an RPII tiomanta d'ardchaighdeán a chothabháil ina chuid seirbhísí uile atá i gcomhréir le riachtanais na gcustaiméirí agus leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Cuireann an RPII cur chuige ina bhfuil trí shraith i gceist chun an caighdeán a chothabháil agus a fhorbairt, mar seo a leanas:

- Cleachtaí idirchomparáide: Glacann an tsaorthalann páirt i réimse leathan de chleachtaí tomhais idirchomparáide a eagraíonn an IAEA, an Coimisiún Eorpach agus eagraíochtaí eile. Le linn 2011, ghlac sé páirt in dhá chleachtadh déag den sórt seo: dhá cheann a raibh baint acu leis an dáileogmhéadracht, ceann amháin a raibh baint aige leis an radón agus ceann amháin a bhí bainteach leis an radaicheimic.
- Creidiúnú: Déantar iniúchadh seachtrach ar chóras cáilíochta na saotharlainne agus tá sé creidiúnaithe do chaighdeán an ISO 17025.
- An dea-chleachtas idirnáisiúnta: Glacann an RPII páirt ghníomhach sna grúpaí agus líonraí saineolaithe teicniúla lena chinntiú go bhfuil na modhanna a úsáidtear suas chun dáta agus i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta a bhfuil glacadh leis.

Dáileogmhéadracht phearsanta

In 2011, d'eisigh an tSeirbhís Dáileogmhéadrachta tuairim is 74,000 dáileogmhéadar coirp iomláin ar níos mó ná 8000 oibrí in Éirinn. Tá sé seo cosúil le líon na ndáileogmhéadar coirp iomláin a eisíodh in 2010. Eisíodh tuairim is 3100 dáileogmhéadar foircneacha in 2011, atá cosúil leis an líon a eisíodh in 2010 freisin (3300). Eisíodh tuairim is 330 dáileogmhéadar neodróin in 2011. Ba é seo an dara bliain as a chéile inar laghdaíodh líon na ndáileogmhéadar neodróin – eisíodh 890 díobh in 2009 agus 570 díobh in 2010 (féach ar Fhíor 7). Seans gur tharla an laghdú seo de bharr an laghdaithe i líon na ndaoine a raibh monatóireacht de dhíth orthu de bharr an choir chun donais i ngníomhaíochtaí san earnáil tógála.

De réir Phlean Straitéiseach an RPII 2011-2013, beidh an RPII ag bogadh ar aghaidh ó bheith ina sholáthraí díreach de sheirbhísí dáileogmhéadrachta agus beidh ról níos nó aige mar mhaoirseoir ó thaobh na seirbhísí dáileogmhéadrachta ag feidhmiú in Éirinn. I mí Dheireadh Fómhair, d'fhaomhaigh an Bord mionphlean chun próiseas faofa a bhunú do sheirbhísí dáileogmhéadrachta, chun Clár Náisiúnta Dáileog a bhunú, agus chun an RPII a tharraingt siar ón margadh dáileogmhéadrachta.

Tá ríthábhacht le bheith rannpháirteach i ngrúpaí dáileogmhéadrachta idirnáisiúnta chun ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí a choinneáil, agus lean baill foirne Sheirbhís Dáileogmhéadrachta an RPII ag glacadh páirte i nGrúpa Dáileogmhéadrachta Seachtrach na hEorpa (EURADOS) agus i nGrúpa Monatóireachta um Radaíocht Phearsanta (PRMG) na Ríochta Aontaithe.

Fíor 7: Líon na ndáileogmhéadar a eisíodh idir 2006 agus 2011



Seirbhís Chalabrúcháin

In 2011, Rinne Seirbhís Chalabrúcháin an RPII tástáil ar 327 ionstraim le haghaidh comhlíontachta sonraíochtaí na ndéantúsóirí cuí.

Cuireadh an obair fhorbartha ar Chóras Bainistíochta Faisnéise Saotharlainne (LIMS) do Sheirbhís Chalabrúcháin an RPII i gcrích in 2011. Rinneadh an córas nua seo a dhearadh le hionstraimí a logáil, sonraí calabrúcháin a thaifeadadh agus teastais chalabrúcháin a eisiúint. Cuireann sé go mór le gnéithe riaracháin na seirbhíse.

In 2011, lean Foireann na Seirbhíse Calabrúcháin ag déanamh ionadaíochta don RPII i nGréasán Saotharlann Dáileogmhéadrachta Caighdeánacha Tánaisteacha na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh Adamhaigh (IAEA SSDL) agus Fóram Méadreolaíochta Radaíochta Ianúcháin (IRMF) na Ríochta Aontaithe.

Tomhas radóin

Cuireann an RPII seirbhís tomhais radóin in aer ar fáil do thithe cónaithe, ionaid oibre agus scoileanna. In 2011, eisíodh tuairim is 14,000 brathadóir radóinradon ar 5,504 baile agus 364 ionad oibre. Léirítear líon na mbrathadóirí radóin a eisíodh gach bliain idir 2007 agus 2011 i bhFíor 8. Cé go bhfuil an líon a eisíodh in 2011 níos lú ná 2010, is beagnach dhá oiread an mheáin bhliantúil é do na blianta ó 2007 go 2009. Bliain eisceachtúil a bhí i gceist in 2010, mar gheall ar an leibhéal ard poiblíochta maidir le radón a bhí sna meáin náisiúnta i rith na bliana sin.

Fíor 8: Líon na mbrathadóirí radóin a eisíodh ar bhailte agus ionaid oibre idir 2007 agus 2011



Nochtadh ceirde ó thoisí dáileogmhéadrachta

Cuireann Seirbhís Dáileogmhéadrachta an RPII seirbhís monatóireachta phearsanta ar fáil chun nochtadh ceirde don radaíocht ianúcháin a aimsiú. In 2011, as an 8000 duine a ndearna an tSeirbhís Dáileogmhéadrachta monatóireacht orthu, bhí dáileoga bliantúla ag 122, nó 1.5% díobh a sháraíonn an t-íosleibhéal tuairiscithe de 0.1 mSv. Astu seo, bhí 21 oibreoir sna hearnálacha leighis, tréiliachta agus tionscail a raibh dáileoga bliantúla acu a sháraigh an teorainn dáileoige do bhaill den phobal de 1 mSv. Bhí na dáileoga coirp iomláin uile a tomhaiseadh níos lú ná 6 mSv.

De réir I.R. Uimh. 125 de 2000 ní mór d'oibreoirí nochta a bheadh i mbaol dáileog éifeachtach níos mó ná 6 mSv a fháil in aghaidh na bliana a rangú mar Chatagóir A agus a bheith faoi réir beart rialaithe breise dá bharr.

Fuair nócha a hocht duine aonair atá ag obair sna réimsí tionscail, leighis, tréidliachta agus taighde dáileoga foircneacha intomhaiste. An dáileog bhliantúil ab airde ba ea 96.3 mSv, ar lámh dheis d'fhisiceoir leighis.

Bhí na dáileoga a tomhaiseadh i ngach cás go mór faoi bhun na dteorainneacha bliantúla do dháileoga coirp iomláin agus foircneacha d'oibrithe atá nochta do radaíocht ianúcháin de 20 mSv agus 500 mSv faoi seach.

Seirbhísí Anailíseacha

Déanann an RPII an radaighníomhaíocht a thomhas i raon leathan d'earraí bia agus samplaí comhshaoil. Déantar an obair seo mar thaca do chlár monatóireachta radaighníomhaíochta comhshaoil an RPII agus ar bhonn conartha thar ceann na gcliant seachtracha. I measc na seirbhísí anailíseacha conartha a cuireadh ar fáil le linn 2011 bhí na nithe seo a leanas:

- Tástáil a dhéanamh ar tháirgí Éireannacha ó thaobh chomhlíontacht riachtanais na dtíortha allmhairithe
- Tástáil uisce óil ó thaobh chomhlíontacht riachtanais Rialacháin na gComhphobal Eorpach
- Tástáil a dhéanamh ar thástálacha ciarsúir d'fhoinsí radaighníomhacha
- tástáil a dhéanamh ar shamplaí dreidireachta ó thaobh chomhlíontacht riachtanais an Achta um Dhumpáil ar Farraige, 1996
- Radón a thomhas in uisce óil

San iomlán, rinneadh tástáil ar 1678 sampla le linn na bliana (féach ar Thábla 4).

Tábla 4: Tástáil radaighníomhaíochta ar shamplaí comhshaoil agus earraí bia, 2011

Cineál Sampla	Líon
Samplaí aerscagaire	229
Samplaí comhshaoil – talamh agus muir	477
Samplaí tástála ciarsúir	378
Samplaí Conartha	594
Iomlán	1678

Soláthraíonn an RPII seirbhís teastaithe d'onnmhaireoirí earraí agus táirgí Éireannacha eile. Líon na dteastas táirge a eisíodh in 2011 ba ea 3893, i gcomparáid le 3211 in 2010 agus 3198 in 2009. Tharla méadú in 2011 de bharr éilimh mhéadaithe don tseirbhís i ndiaidh thimpiste Fukushima. Léirítear i bhFíor 9 líon na dteastas táirge a eisíodh ó 2007 i leith.

Fíor 9: Líon na dteastas táirge a eisíodh idir 2006 agus 2011



Ullmhacht um éigeandálaí

I gcomhréir leis an tosaíocht straitéiseach den saineolas, cumas agus eolas teicniúil a sholáthar atá riachtanach chun daonra agus comhshaol na hÉireann a chosaint, ceann amháin de chuspóirí an RPII is ea an príomhchumas um fhreagairt d'éigeandálaí atá air a neartú, agus ag an am céanna tacú le gníomhaíochtaí pleanála náisiúnta. Déantar cumas um fhreagairt d'éigeandálaí an RPII a chothabháil agus a neartú trí na córais freagartha a chothabháil, oiliúint a chur ar an bhfoireann, trí bheith rannpháirteach i gcleachtaí éigeandála, agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar a fhreagairt d'éigeandálaí.

Ról an RPII i bPleananna Náisiúnta Éigeandála

Is é atá i gceist leis an bhfreagairt náisiúnta d'éigeandáil nó géarchéim raideolaíoch atá forleathan ná acmhainní a chur ag gluaiseacht agus saineolas raon leathan na n-údarás poiblí agus na ngníomhaireachtaí laistigh den Stát. Déanann an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe don Phlean Náisiúnta Éigeandála do Thimpistí Núicléacha (NEPNA) freagairt na hÉireann do thimpiste núicléach a chomhordú. Is é an Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, an phríomh-Roinn Rialtais agus tá an RPII mar cheann amháin de na príomhghníomhaireachtaí um chomhairlech theicniúil

Is é seo a leanas róil an RPII faoin NEPNA:

- Socruithe a chothabháil do luathrabhadh agus d'fheidhmiú córais oifigigh ar glao-dhualgas agus gníomhú mar Údarás Náisiúnta Inniúil don CE agus do Choinbhinsiúin Luathfhógra agus Cúnaimh an IAEA
- An Gréasán um Monatóireacht ar an Radaíocht a chothabháil
- Na cumais a fhorbairt agus a chothabháil atá riachtanach chun measúnuithe teicniúla a dhéanamh ar thimpistí a d'fhéadfadh a bheith ann agus na hiarmhairtí raideolaíocha d'Éirinn
- Saotharlann náisiúnta a chothabháil chun na leibhéil radaighníomhaíochta sa chomhshaol a thomhas
- Dul i dteagmháil le heagraíochtaí eile chun socruithe a dhéanamh le samplaí comhshaoil, earraí bia agus samplaí eile a bhailiú agus comhordú a dhéanamh ar bhailiúchán na samplaí le linn éigeandála
- Soláthar a dhéanamh do theastasú leibhéal radaighníomhaíochta in earraí bia agus i dtáirgí eile má bhíonn éigeandáil ann
- Cuidiú le Seirbhís Eolais an Rialtais agus an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe chun eolas a ullmhú le cur ar fáil don phobal agus do na meáin
- Comhairle a chur ar fáil don Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe agus do na ranna Rialtais maidir leis na bearta cosanta a d'fhéadfaí a dhéanamh chun na dáileoga radóin do dhaonra na hÉireann a laghdú

Faoin NEPNA, tá an RPII freagrach as measúnú teicniúil a dhéanamh ar iarmhairtí de thimpiste núicléach ar bith agus an éifeacht a bheadh ann d'Éirinn. Chuige seo, déanann an RPII tástálacha agus feidhmíonn sé samhlacha easraithe atmaisféaraigh d'fhonn gluaiseacht agus sil-leagan na radanúiclídí sa chomhshaol a réamh-mheas. Tá tairbhe ar leith ag baint le hobair shamhlaithe sa chás go mbíonn scaoileadh atmaisféarach de radanúiclídí nach raibh pleanáilte agus sula mbíonn toisí réimse ar fáil.

Socruithe um ullmhacht

Sa chás go mbíonn timpiste núicléach, tá socruithe i bhfeidhm go rachaidh duine amháin de réamhaisnéiseoirí Met Éirinn i gcomhar le Foireann Measúnaithe Theicniúil an RPII chun saineolas a thabhairt maidir leis na buncheisteanna meitéareolaíocha. Nuair a rinneadh coimisiúnú ar nasc micreathonnach idir an RPII agus Met Éireann in 2011 (tríd an Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí) cuireadh fáilte mhór roimhe seo mar rud breise don ullmhacht um éigeandálaí agus do na cumais um fhreagairt. Leis an nasc seo beidh réamhaisnéiseoir Met Éireann in ann rochtain dhíreach a dhéanamh ar réimse uirlisí réamhaisnéise atá ar fáil ó cheanncheathrú Met Éireann i nGlas Naíon.

Tá Gréasán Náisiúnta um Monatóireacht ar an Radaíocht (Fíor 10) á fheidhmiú ag an RPII, le cuidiú ó Met Éireann agus líon údarás áitiúla. Leis an ngréasán seo cuirtear tomhas leanúnach ar ráta na dáileoige gáma chomhthimpeallaigh, reáchtáiltear sampláil cáithníní aeriompartha chun measúnú a dhéanamh ar an radaighníomhaíocht san aer agus bailítear samplaí d'uisce báistí. Le linn 2011, tomhaiseadh ráta dáileoige gáma chomhthimpeallaigh ag 15 stáisiún agus tomhaiseadh an radaighníomhaíocht san aer ag 11 stáisiún. Mar a tuairiscíodh sa chuid den tuarascáil seo atá ag déileáil le freagairt an RPII don timpiste in Fukushima (féach leathanach xx), níor breathnaíodh aon ardú sna leibhéil den ráta dáileoige gáma chomhthimpeallaigh thar na gnáthathruithe sna leibhéil cúlra le linn 2011, le linn na tréimhse éigeandála in Fukushima sa tSeapáin ina measc. Bhí leibhéil ísle sna leibhéil radaighníomhaíochta aeriompartha a tomhaiseadh agus bhí siad i gcomhréir leis na toisí sna blianta roimhe. Aimsíodh rianleibhéil d'iaidín agus caesiam i samplaí aerasóil thar gréasán na hÉireann ar feadh líon seachtainí, ach bhí na leibhéil chomh híseal sin nach raibh aon bhaol i gceist don tsláinte.

Fíor 10: Gréasán Náisiúnta um Monatóireacht ar an Radaíocht

Cleachtaí éigeandála

Reáchtálann an RPII clár bliantúil de chleachtaí éigeandála chun saineolas na foirne a chothabháil. I measc na gcleachtaí seo cleachtar gnéithe de phleananna éigeandála an RPII, ar nós oifigeach an RPII ar dualgas a fhógairt ar dtús, measúnú a dhéanamh ar thimpiste núicléach ionsamhlaithe trí úsáid a bhaint as uirlisí réamhaisnéise ríomhaire agus úsáid na nasc cumarsáide tiomnaithe leis an Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí.

Chomh maith le freagairt don timpiste núicléach in Fukushima, ghlac an RPII páirt i sé chleachtadh éigeandála idirnáisiúnta a a d'eagraigh an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach (cleachtaí ConvEx) agus Coimisiún na hEorpa (cleachtaí ECURIE). Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar chleachtadh ECURIE leibhéal-3 i mí Feabhra 2011. Bhí an cleachtadh seo deartha chun tástáil a dhéanamh ar ghnáthaimh Mhalartú Eolais Raideolaíoch Práinneach an Chomhphobail Eorpaigh (ECURIE) sa chás ina bhféadfaí scaoileadh radaighníomhach a dhéanamh san aer tar éis timpiste ionsamhlaithe sa stáisiún núicléach in Oskarshamn sa tSualainn. Ba thástáil an-úsáideach a bhí sa chleachtadh dhá lá maidir le heolas a roinnt ar fhreagairtí náisiúnta do theagmhas a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar shaoránaidh de líon mór tíortha. Dhírigh freagairt an RPII ar úsáid na gcóras fógraí, samhaltú easraithe atmaisféaraigh fhadraoin, agus ar threoir a bhí le heisiúint ar shaoránaigh na hÉireann atá sa cheantar nó atá ag taisteal chuig an gceantar atá buailte leis an timpiste. I measc na gceachtanna a aithníodh d'Éirinn ón gcleachtadh bhí an gá atá ann le feabhas a chur le socruithe maidir le fógraí idir An Garda Síochána agus an RPII, agus leis na gnáthaimh doiciméid d'fheidhmiú na samhla easraithe atmaisfaraigh a úsáideadh le linn an chleachtaidh. Cuireadh na bearta seo i gcrích faoi dheireadh 2011.

Córais um fholáireamh éigeandálaí

Tá dhá chóras idirnáiisúnta neamhspleácha i bhfeidhm do mhearfhógra maidir le héigeandáil raideolaíoch ar bith ina bhféadfadh éifeachtaí trasteorann a bheith ann. Tá siad seo i bhfeidhm ag an IAEA i Vín (EMERCON) agus ag an CE i Lucsamburg (ECURIE). Tá na córais seo i bhfeidhm go leanúnach agus déantar tástáil orthu agus iad a nuashonrú go rialta. (Mar shampla, déantar tástáil ar bhealaí cumarsáide do chóras an CE go huathoibríoch gach lá.) Bíonn leibhéil éagsúla práinne i gceist leis na teachtaireachtaí seo a chuirtear in iúl trí na córais seo, ó 'eolas' go dtí 'an foláireamh' is práinní. I mí an Mheithimh 2011, rinne an IAEA a shuíomh Gréasáin um thuairisciú éigeandálaí núicléacha a uasghrádú go dtí an Córas Comhaontaithe um Malartú Eolais i dTeagmhais agus in Éigeandálaí (USIE); cuireadh oiliúint ar na baill foirne eochracha chun an córas seo a úsáid sular tharla an t-athrú.

Fógraí eile

I mí na Samhna 2011, cuireadh in iúl don RPII tríd an IAEA agus an CE gur aimsíodh leibhéil rianta d'iaidín-131 radaighníomhach i líon mór tíortha ar fud na hEorpa. Aimsíodh saoráid Ungárach a dhéanann iseatóip leighis, saoráid an Izotop gar d'Imoibreoir Taighde Budapest, mar an fhoinse is dóchúla. Níor aimsíodh aon iaidín-131 i gcórais an RPII, ach bhíothas ag súil leis seo, toisc go raibh na tiúchana san aer tar éis laghdú faoin am gur shroich an cleitín an Fhrainc, go dtí an pointe go raibh siad gar don teorainn inbhraite.

Gníomhaíochtaí eile náisiúnta agus idirnáisiúnta

Cuireann an RPII oiliúint ar fáil maidir le héigeandálaí radaíochta agus raideolaíocha d'eagraíochtaí náisiúnta eile ar nós an Chosaint Shibhialta agus na Seirbhísí Dóiteáin. Leis seo tá na heagraíochtaí seo in ann freagairt go sábháilte agus go héifeachtach do theagmhais ina bhfuil radaighníomhaíocht i gceist. In 2011, cuireadh oiliúint ar fáil d'Oifigigh Dóiteáin a dhéileálann le hÁbhar Guaiseach.

Cuireadh prótacal náisiúnta maidir leis an bhfreagairt do theagmhais CBRN (eachtraí dochracha Ceimiceacha-Bitheolaíocha-Raideolaíocha-Núicléacha) i gcrích in 2011. Chuir an RPII leis an obair seo trí fhochoiste an CBRN de Ghrúpa Oibre Idir-Rannach um Pleanáil d'Éigeandálaí, agus tá Oifig na Roinne Cosanta um Pleanáil d'Éigeandálaí mar chaithaoirleach air.

Tá ionadaithe ón RPII ar líon grúpaí idirnáisiúnta a bhaineann le hullmhacht um éigeandálaí núicléacha agus raideolaíocha. IN 2011, ina measc bhí Páirtí Oibre an NEA um Chúrsaí Éigeandála Núicléacha (NEA-WPNEM), agus Údaráis Inniúla ECURIE. An aidhm atá ag na grúpaí seo ná an dea-chleachtas a chomhroinnt agus treoir idirnáisiúnta agus socruithe idirnáisiúnta a fhorbairt d'éigeandálaí núicléacha. In 2011, toghadh ball foirne den RPII mar leaschathaoirleach ar NEA-WPNEM.

Sábháilteacht na Saoráidí Núicléacha Thar Lear

Tá freagracht ar an RPII monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear ó thaobh suiteálacha núicléacha agus sábháilteachta raideolaíche agus comhairle a chur ar an Rialtas maidir lena n-impleachtaí d'Éirinn. Cuspóir straitéiseach an RPII sa réimse seo ná chun cur le forbairt na cosanta raideolaíche agus na gcáighdeán sábháilteachta go hidirnáisiúnta. Mar chuid den ról seo agus d'fhonn a chinntiú go gcuirtear dearcthaí agus ábhair imní na hÉireann san áireamh, déanann an RPII ionadaíocht d'Éirinn ar fhóraim Eorpacha agus idirnáisiúnta faoi bhuncheisteanna a bhaineann le sábháilteacht núicléach.

Tástálacha struis Núicléacha

I ndiaidh na n-eachtraí in Fukushima, d'iarr an Chomhairle Eorpach athbhreithniú a bheith déanta ar an sábháilteacht i ngach stáisiún núicléach Eorpach. Chuir Grúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG) critéir agus plean don obair seo ar fáil, ar a nglaoitear anois 'tástálacha struis'. Tá gach ballstát den AE a bhfuil stáisiúin cumhachta núicléiche (NPP) acu atá ag feidhmiú agus an Liotuáin (dhún gach NPP síos), an Eilvéis agus an Úcráin rannpháirteach sa phróiseas seo.

Sna tástálacha struis éilítear ar na hoibritheoirí sna stáisiúin athmheasúnú a dhéanamh ar shábháilteacht stáisiúin núicléach sa chás go mbeadh eachtraí díobhálacha ann mar a bhí in Fukushima (agus chun tuairisciú a dhéanamh ar an obair don rialtóir náisiúnta um shábháilteacht núicléach). Chuir na tástálacha struis trí thopaic ar leith san áireamh: (i) eachtraí tionscanta seachtracha (ar nós crith talún, súnámaí, tuilte nó aimsir chrua), (ii) an éifeacht a bheadh ann dá gcaillfí feidhmeanna sábháilteachta (ar nós cumhacht leictreach a chailleadh nó gan a bheith in ann croílár an imoibreora a fhuarú nó na lochanna breosla), agus (iii) bainistíocht um thimpistí troma (i.e. conas a chosnaíonn na córais agus oibritheoirí sna stáisiúin núicléacha iad féin i gcoinne timpistí troma agus conas a dhéantar iad a bhainistiú). Ansin rinne gach rialtóir tíre um shábháilteacht núicléach athbhreithniú ar thuarascálacha na n-oibritheoirí agus scríobhadh ráitis maidir leis na tátail, ina n-aithníodh réimsí le tuilleadh oibre a dhéanamh orthu agus/ nó le haghaidh feabhsúchán sna stáisiúin. Chuir na rialtóirí náisiúnta um shábháilteacht núicléach achoimrí den obair seo ar fad i bhfoirm 'tuarascálacha náisiúnta' faoi bhráid an CE ag deireadh 2011. Déanfaidh foirne bunaithe ag ENSREG athbhreithniú piaraí ar gach ceann den 17 dtuarascáil náisiúnta, agus beidh ionchur ag an RPII sa phróiseas athbhreithnithe piaraí seo go luath in 2012. Tá na tuarascálacha náisiúnta agus na doiciméid eile chuí ar fáil ar shuíomh gréasáin ENSREG www.ensreg.eu.

Coinbhinsiún um Shábháilteacht Núicléach

Coinbhinsiún an IAEA um Shábháilteacht Núicléach ná an coinbhinsiún idirnáisiúnta ina bhfuil dualgas ar na tíortha sínithe uile ardleibhéil sábháilteachta núicléiche sna himoibreoirí cumhachta a chothabháil agus tuairisciú a dhéanamh ar na bearta a glacadh maidir leis seo. San áireamh sa Choinbhinsiún tá na dualgais a

bhaineann leis an gcreat náisiúnta rialála, sábháilteacht na suiteálacha núicléacha agus na socruithe pleanála d'éigeandálaí. Ní mór do na páirtithe conarthachta uile don Choinbhinsiún idirnáisiúnta um Shábháilteacht Núicléach (CNS), Éire ina measc, a léiriú go ngéilleann siad don Choinbhinsiún agus go ndéanfadh na páirtithe conarthachta eile athbhreithniú piaraí orthu.

Tá timthriall athbhreithnithe trí bliana ann, inar gá do na páirtithe conarthachta i ngach timtriall tuarascáil náisiúnta a ullmhú ar stádas chomhlíontacht ailt an Choinbhinsiúin; athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha náisiúnta tíortha eile agus ceisteanna agus tuairimí a chur isteach maidir leo seo i scríbhinn; freagra i scríbhinn a thabhairt do cheisteanna a thagann ó thíortha eile; freastal ar chruinnithe athbhreithnithe san IAEA chun a gcás a chur i láthair maidir le comhlíontacht an Choinbhinsiúin agus freagraí a thabhairt ar athbhreithniú piaraí ó bhéal ó thíortha eile; agus bearta ar bith a aithnítear le linn an athbhreithnithe phiaraí a chur i bhfeidhm, cinn cineálacha agus cinn a bhaineann le tír ar leith (déantar athbhreithniú ar na bearta seo ag an gcéad chruinniú eile den Choinbhinsiún).

Chuidigh an RPII leis an DECLG chun tuarascáil náisiúnta na hÉireann a ullmhú, a cuireadh isteach chuig an IAEA i mí Mheán Fómhair 2010. Ina dhiaidh sin rinne foireann an RPII athbhreithniú ar thuarascálacha náisiúnta ó thíortha eile, d'fhreagair sí ceisteanna ar thuarascáil na hÉireann agus chuir sí tuarascáil náisiúnta na hÉireann faoi bhráid an Chúigiú Cruinniú Athbhreithnithe den Choinbhinsiún um Shábháilteacht Núicléach i mí Aibreáin 2011. Ba é an Dr Tom Ryan, Stiúrthóir rannóg Rialála agus Bainistíocht Eolais an RPII, duine de na hoifigigh den Chruinniú Athbhreithnithe, a bhí ina Leaschathaoirleach ar cheann amháin de na grúpaí Tíortha.

Sábháilteacht Núicléach sa Ríocht Aontaithe

Leanann an RPII ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí in Sellafield agus i suíomhanna núicléacha eile sa Ríocht Aontaithe. Ceann amháin de na príomhreimsí spéise don RPII is ea an dul chun cinn atá déanta chun na hUmair Stórála Ardghníomhaíochta (HASTanna) a fholmhú in Sellafield. Déantar méid an leachta ardleibhéil (HAL), a tháirgtear le linn na hathphróiseála, ar féidir a stóráil ar an láthair, a rialú trí choinníoll ceangailteach dlíthiúil (nó sonraíocht) a eisíonn Oifig na Ríochta Aontaithe um Rialáil Núicléach (ONR). I mí Lúil 2011, d'eisigh an ONR sonraíocht HAL nua, bunaithe ar thonaí úráiniam (teU) atá ar fáil sa bhreosla neamh-athphróiseáilte as ar díorthaíodh an HAL. Fuair an DECLG agus an RPII eolas maidir leis an sonraíocht nua trí fhíschomhdháil i mí Lúil 2011. Coinnítear an RPII go hiomlán ar an eolas faoin dul chun cinn atá ar bun chun méid na dramhaíola leachta atá á stóráil sna HASTanna a laghdú agus tá na leibhéil fós go mór faoin teorainn shonraithe.

I gcomhar le Grúpa Teagmhála na Ríochta Aontaithe – na hÉireann um Chúrsaí Raideolaíocha, cuireadh an DECLG agus an RPII ar an eolas i mí Mheán Fómhair 2011 maidir le Plean Feidhmíochta nua de chuid Sellafield. Tuairiscítear sa phlean obair a dhéanfar ar láthair Sellafield thar a shaolré (go dtí 2120). Taispeánfar ann mionchlár oibre ceithre bliana agus ansin tabharfar breac-chuntas ar chlár den chuid eile den tréimhse chonartha de 17 mbliana (ionchasach) don Mháthaireagraíocht (a dhéanann ionadaíocht don bhainistíocht shinsearach do Sellafield). Déanfaidh an RPII sna blianta amach romhainn monatóireacht ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i gcoinne na bpríomhspriocanna a bhaineann leis an sábháilteacht.

I mí Lúnasa 2011, d'fhógair Údarás Díchoimisiúnaithe Núicléach na Ríochta Aontaithe (NDA) go raibh athmheasúnú déanta ar na hionchais don Ionad Táirgthe don MOX (breosla ocsaíde measctha) in Sellafield ag eascairt as an timpiste in Fukushima agus go ndúnfaí é 'a luaithe agus is féidir'. Níos déanaí, d'fhógair Rialtas na Ríochta Aontaithe gurb é an rogha is fearr léi chun déileáil le stoc plútóiniam na Ríochta Aontaithe atá sibhialta-scartha ná é a ionchorprú isteach sa MOX seachas é a dhiúscairt mar dhramhaíl nó é a stóráil ar feadh tréimhse neamhéiginnte. Rinne Roinn Fuinnimh agus Athrú Aeráide na Ríochta Aontaithe coimisiúnú ar anailís costais is tairbhe a dhéanamh ar ionad nua MOX agus táthar ag súil go ndéanfar cinneadh bunaithe ar an anailís roimh dheireadh 2012.

I mí Dheireah Fómhair 2011, d'fhógair Magnox Ltd go raibh Seanstáisiún Cumhachta Oldbury in Gloucestshire le dúnadh síos go buan i mí Feabhra 2012, deich mí níos luaithe ná a rabhthas ag súil leis. Rinneadh an cinneadh toisc gur chreid na húinéirí nach raibh sé inmharthana leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar bhonn eacnamaíoch. Fuair Stáisiún Núicléach Wylfa an seachadadh deiridh breosla i mí na Nollag 2011. Tá sé beartaithe an dá imbreoir Magnox in Wylfa a dhúnadh síos ag deireadh 2012. Ach, faoi réir cás sábháilteachta a bheith faofa, tá sé i gceist ceann amháin de na haonaid a fheidhmiú go dtí 2014 d'fhonn úsáid iomlán a bhaint as na stoic breosla atá fós ann.

Le linn na bliana, tarraingíodh aird an RPII ar líon teagmhas in Sellafield agus suíomhanna núicléacha eile na Ríochta Aontaithe. Rinneadh gach ceann de na teagmhais seo a rátáil mar Leibhéal 1 nó níos ísle ar an Scála Idirnáisiúnta seacht bpointe um Theagmhais Núicléacha (INES) agus ní raibh aon impleacht raideolaíoch i gceist d'Éirinn. Cuireadh tuairisciú na dteagmhas seo don RPII faoin Meabhrán Tuisceana atá ag an RPII le hOifig na Ríochta Aontaithe um Rialáil Núicléach (a athshíníodh in 2011) agus an teagmháil leanúnach atá ag an RPII le Gníomhaireacht Comhshaoil na Ríochta Aontaithe.

Pleananna do stáisiúin chumhacta núicléacha nua Sa Ríocht Aontaithe

In 2010, d'fhógair Rialtas na Ríochta Aontaithe pleananna chun stáisiúin chumhachta núicléiche a fhorbairt ar ocht suíomh i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (féach Fíor 11). Tá cúig cinn de na suíomhanna atá le tógáil le bheith ar Chósta Mhuir na hÉireann. I bpleananna reatha na Ríochta Aontaithe tá sé mar aidhm tús a chur leis an tógáil in 2012 agus beidh na chéad stáisiúin ag feidhmiú roimh 2025, agus b'fhéidir chomh luath le 2017. Tá tacaíocht theicniúil á cur ar fáil ag an RPII don DECLG maidir leis an mbuncheist seo, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar an gcomhshaol in Éirinn den chlár beartaithe chun stáisiúin chumhachta núicléiche a thógáil sa Ríocht Aontaithe. Sa mheasúnú táthar ag breathnú ar na diúscairtí radaighníomhacha san aer agus san fharraige ó na stáisiúin atá beartaithe, faoi na gnáthchoinníollacha oibriúcháin agus i gcás timpiste a bheith ann, agus san áireamh ann tá léargas ginearálta ar na pleananna nua tógála atá beartaithe i gcomhthéacs na ndearaí imoibreora a bhfuiltear ag breathnú orthu, prionsabail na sábháilteachta núicléiche agus cosanta radaíochta, chomh maith leis an réim rialála atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe. Cuireadh samhltú na scaoiltí radaighníomhacha i gcrích le tacaíocht ó na comhghleacaithe in Met Éireann, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh agus Riarachán Náisiúnta Aigéanach agus Atmaisféarach na Stát Aontaithe.

Fíor 11: Suíomh na láithreacha a aimsíodh ina bhféadfaí stáisiúin núicléacha a thógáil agus na dearaí imoibreora atá beartaithe faoi láthair (áit a bhfuiltear ar an eolas faoi).



Bunaíodh painéal ahtbhreithnithe piaraí neamhspleách chun tuairimí a chur ar fáil maidir leis an tionscadal de réir mar a dhéanann sé dul chun cinn. Bhí sé seo le bheith curtha i gcrích ar dtús in 2011, ach cuireadh moill air mar thoradh ar fhreagairt an RPII i leith Fukushima agus cuirfear i gcrích agus foilseofar é anois in 2012.

Coinbhinsiún Osló Pháras (OSPAR)

Éilíonn an Coinbhinsiún OSPAR um chaomhnú na muirthimpeallachta san Atlantach Thoir Thuaidh in 1992 (www.ospar.org) ar na páirtithe conarthachta na céimeanna féidearthaa ghlacadh chun cosc a chur ar thruailliú sa timpeallacht mara agus chun fáil réidh leis faoi 2020. Gníomhaíonn an RPII mar chomhairleoir eolaíochta do Rialtas na hÉireann faoi impleachtaí Straitéis Substaintí Radaighníomhacha OSPAR a shínigh na páirtithe conarthachta uile in 1998. Leis seo éilítear ar laghduithe forásacha agus substaintiúla i scaoileadh substaintí radaighníomhacha ina bhfuil spriocanna ar leith do radanúiclídí a tharlaíonn go nádúrtha agus radanúiclídí saorga atá le bheith comhlíonta faoin mbliain 2020. Tá an Straitéis á bainistiú ag an gCoiste Substaintí Radaighníomhacha (RSC) a thagann le chéile uair sa bhliain.

Ag cruinniú an RSC in 2011, aontaíodh téarmaí tagartha do Ghrúpa Comhfhreagartha Idirsheisiúnach (IGC) maidir le buncheisteanna eochracha atá ag seasamh amach. Mar bhall eochrach den ICG seo, bhí páirt ghníomhach ag Éirinn (arna ionadú ag an RPII agus an DECLG) in obair an Ghrúpa trí cheistneoir a ullmhú maidir le hurscaoiltí eisceachtúla (i.e. urscaoiltí ag eascairt as gníomhaíochtaí a dhíchoimisiúnú agus cóireáil dramhaíola oidhreachta) agus inathraitheacht na scaoiltí oibriúcháin, agus ina dhiaidh sin rinneadh anailís ar na freagraí ó na Páirtithe Conarthachta uile. Thuairiscigh an ICG ag cruinniú an RSC in 2012 agus rinneadh líon cinntí bunaithe ar na conclúidí a rinne an ICG. Cinneadh amháin ba ea fáil réidh le togra inar chóir go ndéanfaí an measúnú ar an dul chun cinn i dtreo cuspóirí na Straitéise Substaintí Radaighníomhacha a bhaint amach a normalú bunaithe ar an méid leictreachais a tháirgtear nó an breosla núicléach a dhéantar a athphróiseáil. Bhí an cinneadh i gcomhréir le dearcadh na hÉireann gur chóir na scaoiltí ina n-iomlán a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht na ndualgas faoin OSPAR.

Leanann Éire ag tuairisciú a scaoiltí radaighníomhacha gach bliain do Rúnaíocht an OSPAR. Cuirtear sonraí óna clár náisiúnta um monatóireacht muirí ar fáil gach bliain freisin agus, in éineacht leis na sonraí a chuireann na páirtithe conarthachta uile ar fáil, ullmhaíonn an RSC é seo agus baintear úsáid as chun measúnú a dhéanamh ar éifeacht na ndíscaoiltí radaighníomhacha ar bhiothra agus ar dhaoine san Atlantach Thoir Thuaidh. Cuireadh an t-athbhreithniú tréimhsiúil deiridh den sórt seo i gcrích in 2010 agus tá sé ar fáil ar www.ospar.org. Tá an chéad athbhreithniú eile le bheith ullmhaithe faoi 2013.



Freagairt an RPII do Fukushima

Dé hAoine 11 Márta 2011, bhí crith talún trom díobhálach ar chósta oirthir na Seapáine agus súnámaithe dá éis sin. Agus fógra faighte faoina raibh ag titim amach ag Stáisiún cumhachta núicléiche Dai-ichi in Fukushima agus faoi aslonnú na ndaoine áitiúla a bhí ina gcónaí timpeall an tsuímh, d'imigh oifigeach an RPII ar dualgas i dteagmháil leis na hoifigigh ar dualgas den Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil agus den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Ar an 12 Márta cuireadh in iúl don oifigeach ar dualgas faoin gcéad phléascadh in Fukushima agus faoi na himpleachtaí raideolaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar na heachtraí seo trí chóras fógraí um éigeandálaí an IAEA (EMERCON) agus a choibhéis den CE (ECURIE). Glaodh cruinniú den Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe (NCG); ba é seo an chéad cheann de shraith cruinnithe a bhí ann thar an gcéad chúpla seachtain eile chun freagairt náisiúnta a chomhordú maidir le comhairle a sholáthar do shaoránaigh Éireannacha sa tSeapáin, eolas a bhí le tabhairt do mhuintir na hÉireann agus do na meáin, agus socruithe chun monatóireacht a dhéanamh ar iompórtálacha bia ón tSeapáin. Idir na cruinnithe, thug an RPII tuairiscí chun dáta trí ríomhphost do na príomh-Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí (An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Met Éireann, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, An Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Roinn Fiontar, Post agus Nuálaíochta ina measc) maidir lena raibh ag titim amach in Fukushima, na bearta cosanta a bhí á gcur i bhfeidhm sa tSeapáin agus torthaí na monatóireachta ar an gcomhshaol a bhí ar siúl i Meiriceá Thuaidh agus san Eoraip, Éire san áireamh.

Malartú eolais idirnáisiúnta

Ba é timpiste Fukushima an chéad éigeandáil núicléach ar mhórscála a tharla ó cuireadh na nósanna imeachta idirnáisiúnta d'fhógraí um éigeandálaí agus cumarsáide ar bun tar éis na timpiste i Searnóbail in 1986. Leagadh béim ar an bhfíric ó thaobh an éispéiris chun freagairt do Fukushima (do na eagraíochtaí idirnáisiúnta agus údáráis náisiúnta, an RPII san áireamh) cé go raibh na socruithe malartaithe eolais láidir go leor, tá gá leis na socruithe sin a uasdátú le hathchóiriú a dhéanamh ar na próisis chun méideanna móra sonraí a gineadh a mhalartú agus chun coinneáil suas leis na héilimh atá ag dul i méid d'eolas tráthúil ó na húdaráis, na meáin agus an pobal ar fud an domhain.

* Tugadh ráta 7 do thimpiste Fukushima (nó timpiste ollmhór) ar an Scála Idirnáisiúnta um Theagmhas Núicléach (INES). Is uirlis domhanda é an Scála chun a chur in iúl don phobal ar bhealach comhsheasmhach maidir le suntas na sábháilteachta in eachtraí núicléacha agus raideolaíocha. Déantar eachtraí a rangú ar scála ag seacht leibhéal: Glaoitear "teagmhais" ar na leibhéil 1-3 agus glaoitear "timpistí" ar leibhéil 4-7. Glaoitear "imeachtaí" nó "aimhrialtachtaí" ar eachtraí nach bhfuil suntasach ó thaobh na sábháilteachta de agus déantar iad a rangú Faoin Scála / Leibhéal 0.

Samhltú easraithe atmaisféaraigh

As an dá shamhail easraithe atmaisféaraigh oibriúcháin a bhí in úsáid ag an RPII chun rian an chleitín radaighníomhaigh a réamh-mheas, baineadh úsáid as an samhail HYSPLIT mar fhreagairt don timpiste núicléach in Fukushima – toisc gur féidir measúnú a dhéanamh ar easrú fadraoin de radanúiclídí. Ritheadh an tsamhail trí úsáid a bhaint as meastacháin de mhéideanna radaighníomhaíochta a scaoileadh ó stáisiún Dai-ichi in Fukushima a bhí le fáil ag an am, agus trí úsáid a bhaint as sonraí meitéareolaíocha domhanda. Baineadh úsáid as an samhail easraithe chun an t-am a shroichfeadh an cleitín radaighníomhach Éire a réamh-mheas, chomh maith leis na tiúchana aeir agus fad ama an chleitín radaighníomhaigh thar Éirinn. Ó na réamh-mheastacháin den tsamhltú easraithe atmaisféaraigh agus ón eolas a fuarthas ón tSeapáin trí na bealaí oifigiúla, mheas an RPII go mbeadh na leibhéil radaighníomhaíochta a shroichfeadh Éire an-íseal. Deimhníodh é seo trí na tomhais a rinneadh san aer, in uisce báistí agus i mbainne. I bhFíor 12 taispeántar easrú na radaighníomhaíochta a tháinig ó Fukushima tríd an aer agus trasna an leathsféir Thuaidh.

Fíor 12: Réamh-mheastacháin samhlach d'easrú na radaighníomhaíochta ó Fukushima trasna an Leathsféir Thuaidh. Na haschuir samhlach á léiriú don 19, 21 agus 27 Márta 2011.



Cé go raibh scaoiltí suntasacha ó Fukushima, leis an am iompair agus caolú suntasach na radaighníomhaíochta san atmaisféar agus é á iompar trasna an fhaid mhóir idir an tSeapáin agus Éirinn bhíothas in ionchas go mbeadh na harduithe sna leibhéil radaighníomhaíochta anseo an-bheag agus nach ábhar imní a bheadh ann ó thaobh shláinte an phobail. Mar sin féin, agus tuairiscí ag teacht maidir leis an staid a bhí ag dul in olcas i stáisiún cumhachta núicléiche Dai-ichi Fukushima mhéadaigh an RPII minicíocht an tsampláil agus anailís a rinne siad ar an aer, uisce báistí agus bainne in Éirinn in oirchill cleitín radaighníomhach ag teacht chun na hEorpa. Aidhmeanna na monatóireachta ba ea measúnú a dhéanamh ar na leibhéil radaighníomhaíochta a shroichfeadh Éire agus sonraí a chur ar fáil ar a mbunófaí comhairle an RPII don Rialtas. Cuireadh le minicíocht na monatóireachta ar an 22 Márta agus ag deireadh mhí na Bealtaine 2011 íslíodh arís é go dtí an ghnáthmhinicíocht don ghnáthchlár monatóireachta. Ghlac údaráis náisiúnta ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain le céimeanna comhchosúla.

Mar a rabhthas ag súil leis, fuarthas an t-eolas ab úsáidí ón anailís a rinneadh ar scagairí cáithníní ó aershamplóir ardtoirte an RPII atá lonnaithe in Belfield i mBaile Átha Cliath. Déanann an uirlis seo cáithníní ón aer a shampláil ar scagairí lena bhfuil ráta sreafa idir 2000 agus 2500 méadar ciúbach in aghaidh na huaire (m^3/h), agus mar sin thar tréimhse 24 uair an chloig baileofar cáithníní aeriompartha ó 50,000 m^3 go neasach (cothrom le níos mó ná 2000 lá d'anáil an ghnáthdhuine).

Na príomhradanúiclídí a aimsíodh ar na scagairí ba ea iaidín-131, caeisiam-134 agus caeisiam-137. Bhí gníomhaíochtaí na radanúiclídí seo inbhraite freisin i samplaí cáithníní aeriompartha ísealtoirte ó stáisiúin ar fud na tíre, agus, i gcás iaidín-132, scagairí gualaigh, uisce báistí agus bainne. Aimsíodh gníomhaíochtaí níos ísle de na radanúiclídí gearrshaolacha teallúiriam-132, caeisiam-136 agus iaidín-132 ar feadh tréimhse giorra i mí an Mhárta i scagairí ón aershamplóir ardtoirte.

An taifeadadh is airde de ghníomhaíocht iaidín-131 ar cháithníní aeriompartha ba ea 1000 micribheicireil in aghaidh an mhéadair chiúbaigh ($\mu Bq/m^3$) sa tréimhse samplála ó 30 Márta go 1 Aibreán. Shroich caeisiam-134 agus caeisiam-137 na leibhéil ag 128 $\mu Bq/m^3$ agus 138 $\mu Bq/m^3$ faoi seach le linn na tréimhse samplála ón 3 – 5 Aibreán. Mar chomparáid, i ndiaidh na timpiste i Searnóbail in 1986, bhí na gníomhaíochtaí ab airde de na radanúiclídí seo a tomhaiseadh in Éirinn 100 uaire níos airde (Cunningham, et al., 1987). Roimh an timpiste in Fukushima, aimsíodh caeisiam-137 ó na tástálacha ar airm núicléacha sna 1950idí agus sna 1960idí agus ón timpiste i Searnóbail go rialta in Éirinn ina raibh gnáth-thiúchana de tuairim is 0.3 $\mu Bq/m^3$ ar cháithníní aeriompartha, cé nár aimsíodh iaidín-131 agus caeisiam-134 go rómhinic, a raibh leath-shaolta i bhfad níos giorra acu.

Laistigh de sheacht lá nuair a aimsíodh an radaighníomhaíocht ar dtús a tháinig ó Fukushima i gcáithníní aeriompartha, aimsíodh rianleibhéil iaidín-131 i mbainne. An leibhéal ab airde a tomhaiseadh ba ea 327 micribheicireil in aghaidh an lítir (mBq/l). Bhí leibhéil ardaithe de chaeisiam-134

Fíor 13: Tiúchanna iaidín radaighníomhaigh i gcáithníní aeir agus i mbainne in Éirinn, 2011



agus caeisiam-137 le fáil i samplaí áirithe freisin. Níorbh ábhar imní ó thaobh na sláinte de na leibhéil a aimsíodh, agus fiú dá n-ólfaí na deicheanna mílte lítear bainne ní ardódh na dáileoga radaíochta thar teorainneacha na dáileoige radaíochta a bhí ceadaithe do bhall aonair den phobal. Taispeánann Fíor 13 torthaí thomhais na hÉireann d'iaidín-131 a rinneadh ar cháithníní aeriompartha agus i mbainne. Tuairiscíodh torthaí mhonatóireacht chomhshaoil an RPII ar a suíomh gréasáin go rialta tar éis na timpiste in Fukushima agus comhroinneadh é seo leis an bpobal idirnáisiúnta trí Ionad Teagmhas agus Éigeandálaí an IAEA agus trí chóras ECURIE an Choimisiúin Eorpaigh.

Mar a rabhthas ag súil leis, ní rabhthas in ionchais ná níor aimsíodh torthaí ardaithe ar ghréasán monatóireachta an ráta dáileoige gáma. Bhíothas ag súil leis seo ós rud é go dtomhaiseann an gréasán ráta dáileoige gáma chomhthimpeallaigh an radaighníomhaíocht iomlán, seachas na radanúiclídí aonaracha, agus bhí an méadú ó na rianmhéideanna den radaighníomhaíocht a tháinig isteach i gcomhshaol na hÉireann ó Fukushima laistigh de na hathruithe a bhí sna leibhéil cúlra radaíochta. Cé raibh scaoiltí suntasacha radaighníomhaíochta san fharraige de bharr Fukushima, ní raibh monatóireacht ar leith ar an timpeallacht mhuirí de dhíth in Éirinn. Mar thoradh ar an méid uisce san fharraige (an tAigéan Ciúin), rinne na scaoiltí uisceacha a easrú agus a chaolú ag leibhéil i bhfad níos ísle. Do na radanúiclídí gearrshaolacha, toisc eile ba ea iompar na radanúiclídí a bhí i bhfad níos moille a diúscraíodh isteach san fharraige i gcomparáid lenar diúscraíodh isteach san atmaisféar. Mar shampla, meathann iaidín-131, a bhfuil leath-shaol d'ocht lá amháin aige, go mear agus ní bheifí ag súil leis go ndéanfaí é a iompar thar faid fhada le feachtaí aigéin.

Trí úsáid a bhaint as na buaicthiúchana in aer agus i mbainne agus ag glacadh leis gur lean na leibhéil seo go dtí lár mhí na Bealtaine, ríomhadh uasdáileog radaíochta mheasta a mbeifí ag súil go bhfaigheadh duine fásta in Éirinn ón timpiste in Fukushima ag 0.26 µSv. Bheadh ar a leithéid de dhuine fásta a c(h) uid ama ar fad a chaitheamh lasmuigh, ionas go mbeadh meánrátaí anála agus gnáthphatrúin um ithe bia a bheith aige/ aici. Mar chomparáid, an ghnáth-mheándáileog bhliantúil a d'fhéadfadh duine in Éirinn a fháil ó gach foinse radaighníomhaíochta ná 3950 µSv (Colgan et al., 2008) agus an dáileog radaíochta cosmaí a d'fhéadfadh duine a fháil ar eitilt fillte ó Éirinn go Nua Eabhrac is ea 106 µSv. Dá bhrí sin, measadh nach raibh na dáileoga a bhí ann de bharr Fukushima suntasach ó thaobh shláinte an phobail ná ó thaobh sábháilteachta bia.

Tástáil iompórtálacha bia Seapánacha

Rinne an RPII tástáil ar líon samplaí comhábhar bia agus cógaisíochta a iompórtáladh ón tSeapáin, i gcomhréir Rialacháin na Comhairle Eorpaí. Go dtí seo níor aimsíodh gníomhaíochtaí intomhaiste d'iaidín-131, caeisiam-134 ná caeisiam-137.

Cumarsáid leis na meáin agus leis an bpobal

I ndiaidh na timpiste in Fukushima, ghlac an RPII an ról ceannasaíochta chun cumarsáid a dhéanamh le muintir na hÉireann agus leis na meáin, agus eisíodh preasráitis gach lá le linn na chéad chéime den timpiste a bhí ag titim amach go mear. Tugadh tús áite don chumarsáid a rinneadh leis an bpobal agus leis na meáin, agus leis an bhfáil a bhí ar na sonraí monatóireachta suas chun dáta ar shuíomh gréasáin an RPII, rochtain fíor-ama ar shonraí na rátaí dáileoige gáma ina measc, cuireadh eolas ar fáil don phobal maidir le hiarmhairtí na timpistí d'Éirinn.

Athbhreithniú ar fhreagairt an RPII do Fukushima

Ba thástáil mhaith é an fhreagairt don timpiste in Fukushima de chumas an RPII chun freagairt d'éigeandáil núicléach. Chomh maith leis sin léiríodh go bhfuil gréasán monatóireachta cuimisitheach atá in ann fiú rianleibhéil radaíochta sa chomhshaol a thomhas i bhfeidhm. Ach, bheadh iarracht monatóireachta i bhfadh níos airde de dhíth chun freagairt do thimpiste níos gaire d'Éirinn.

I dtreo dheireadh na bliana, cuireadh tús le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhreagairt an RPII don timpiste in Fukushima, a chlúdaigh na réimsí measúnaithe teicniúla agus monatóireachta ar an gcomhshaol; an pobal agus an tionscal; rannpháirtíocht na meán; an teagmháil le forais eile, in Éirinn agus thar lear. Rinne foireann an RPII an t-athbhreithniú ag baint úsáide as an teimpléad náisiúnta a cuireadh i bhfeidhm le déanaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar na freagairtí d'éigeandálaí, faoi threoir saineolaí neamhspleách um pleanáil éigeandála ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Cé gur measadh gur fhreagair an RPII go maith i gcoitinne do na héilime a cuireadh uirthi agus í ag déileáil leis an timpiste in Fukushima, aimsíodh líon réimsí chun feabhas a dhéanamh orthu. Ina measc bhí cumarsáid inmheánach, leithdháileadh acmhainní agus oiliúint a chur ar fhoireann bhreise ionas go mbeidís in ann na róil um fhreagairt a ghlacadh. Cuireadh an t-athbhreithniú seo i gcrích ag deireadh 2011, agus in 2012 cuirfear plean gníomhaíochta le chéile bunaithe ar thátail an athbhreithnithe, le bheith curtha i gcrích in 2012 agus 2013.

Forbairt Chorparáideach

Tugann an Rannóg um Fhorbairt Chorparáideach obair eolaíochta agus theicniúil an RPII agus a dea-rialachas trí sheirbhísí Airgeadais, Acmhainní Daonna, Cumarsáide agus seirbhísí riachtanacha eile a chur ar fáil. D'aimsigh an RPII na príomhthosaíochtaí straitéiseacha sna réimsí seo don tréimhse 2011-2013.

D'imigh an RPII i ngleic leis na páirtithe leasmhara chun a fháil amach faoi dhearcthaí an phobail i dtreo na radaíochta sa chomhshaol, ag cinntiú dul chun cinn ar an gcuspóir straitéiseach chun 'díriú ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara agus cur leis an rannpháirtíocht a ndéanaimid leo'.

Ceann amháin de thosaíochtaí straitéiseacha an RPII is ea '....luach a chur ar fáil don phobal i ngach rud a dhéanaimid' agus tá impleachtaí ag baint leis seo thar gach réimse oibriúcháin an RPII, ina leagtar béim ar an éifeachtúlacht agus ar an éifeachtúlacht costais. Sa réimse Airgeadais, san áireamh sna príomhghníomhaíochtaí bhí athchóiriú na socruithe rialú creidmheasa agus bearta leanúnacha chun costais a laghdú; agus in Acmhainní Daonna, cuireadh tús le forbairtí ag díriú ar an bhfoireann i gclár a dhíríonn ar soláthar seirbhísí a choinneáil i gcomhthéacs líon na mball foirne atá ag laghdú.

Liostaítear thíos na nithe tábhachtacha a baineadh amach don bhliain faoi na ceannteidil rannóige éagsúla.

Cumarsáid

Tá ról lárnach ag an RPII maidir le comhairle a sholáthar i dtaobh cúrsaí cosanta radaíochta don Rialtas agus don phobal. Is gnéithe tábhachtacha iad a bheith in ann teacht go héasca ar eolas ar ardchaighdeán trí shuíomh gréasáin an RPII agus comhoibriú a dhéanamh le daoine eile, na meáin ina measc, chun feasacht a mhúscailt maidir le radaíocht ianúcháin.

In 2011 d'eisigh an RPII 23 preasráiteas chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal trí na meáin. Ghlac baill foirne den RPII páirt i 6 chlár teilifíse agus 38 clár raidió ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Bhí an clúdach sna meáin chlóite láidir agus éifeachtach agus rinneadh an fheasacht a mhúscailt maidir le gníomhaíochtaí an RPII, agus bhí 250 alt foilsithe a rinne tagairt don RPII, a bhain den chuid is mó le gás radóin agus an timpiste in Fukushima. Glacann foireann an RPII páirt go rialta i gcruinnithe agus i gcomhdhálacha agus in 2011, rinneadh 34 cur i láthair do ghrúpaí in Éirinn agus 17 gcinn thar lear.

Tá sé an-tábhachtach don RPII a bheith in ann ábhair imní an phobail a thuiscint maidir le radaíocht agus a bheith in ann eolas a chur ar fáil don phobal, agus i rith 2011, rinneadh taighde grúpaí fócais agus roinnt agallamh duine le duine le príomhpháirtithe leasmhara chun a fháil amach faoi dhearcthaí an phobail i dtreo na radaíochta sa chomhshaol. Sa taighde fuarthas gur bhain an dá ábhar imní is mó a bhí ag an bpobal le truailliú íseal-leibhéal i Muir na hÉireann ó Sellafield agus an seans ann go bhféadfadh timpiste ollmhór nó ionsaí sceimhlitheoireachta titim amach in Sellafield. Sa taighde freisin leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le hoscailteacht agus trédhearcacht d'eagraíochtaí ar nós an RPII agus iad ag déileáil leis an bpobal. Cuirfear torthaí an taighde le cláir agus cumarsáid an RPII.

Fíor 14: Cuairteoirí uathúla in aghaidh na seachtaine chuig suíomh Gréasáin an RPII le linn 2011



An príomhbhealach atá ag an RPII le cumarsáid a dhéanamh ná tríd an suíomh gréasáin www.rpii.ie. Cuirtear eolas ar fáil ar chosaint radaíochta agus nuacht agus eolas maidir leis an RPII. D'fheidhmigh an suíomh gréasáin go maith go leanúnach i rith na bliana agus bhí níos mó ná 82,000 cuairt tugtha ag níos mó ná 60,000 cuairteoir uathúil. Na topaicí ba choitianta ba ea an mapa radóin, tomhas radóin, eolas maidir le radón, na stáisiúin monatóireachta, an t-áireamhán dáileoige radaíochta, eolas maidir le ceadúnú, foilseacháin agus eolas faoin timpiste núicléach sa tSeapáin. Tharla na buaiceanna sa trácht chuig an suíomh gréasáin ag an am céanna is a bhí an-chuid gníomhaíochta sna meáin. Rinneadh taifeadadh suntasach de níos mó ná 18,000 cuairteoir uathúil chuig an suíomh gréasáin i mí an Mheithimh de bharr preasráitis faoi radón i dtithe agus nuair a aimsíodh leibhéil an-ard radóin i dteach i gCiarraí (Fíor 14). Rinneadh taifeadadh de níos mó ná 7500 cuairteoir i mí an Mhárta mar gheall ar ghníomhaíochtaí na meán i dtaobh na timpiste in Fukushima sa tSeapáin.

Rinneadh tionscnamh feasachta maidir le radón ina raibh bealaí éagsúla cumarsáide i gceist in dhá cheantar ina bhfuil leibhéil arda radóin (Tiobraid Árann Theas agus Gaillimh). San áireamh sa tionscnamh seo bhí fógraíocht, gníomhaíocht bolscaireachta, straitéis dhigiteach agus gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí. Scaipeadh beagnach 150,000 pacáiste eolais chuig tithe sna ceantair, agus scaipeadh póstaeir agus pacáistí eolais i measc na ngrúpaí pobail, ionaid sláinte agus gairmithe sa tseirbhís sláinte. Mar chuid de na gníomaíochtaí feasachta bhí rannpháirtíocht i gceist leis na príomhpháirtithe leasmhara ar nós na polaiteoirí, na húdaráis áitiúla, grúpaí pobail agus gnó agus an pobal.

Foilseacháin

I measc na bhfoilseachán nua ón RPII in 2011 bhí doiciméid treorach, tuarascálacha, bileoga agus póstaeir eolais. Tá na foilseacháin seo uile ar fáil saor in aisce ó shuíomh Gréasáin an RPII, www.rpii.ie,

Tuarascálacha RPII

Plean Straitéiseach na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch 2011–2013. Meitheamh 2011.

Cigireacht agus Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe agus Clár Bliantúil Cigireachta an RPII do 2011. Iúil 2011.

Nótaí treorach

Dáileogmhéadracht Phearsanta sa Raideolaíocht Fiaclóireachta.

Úsáid Naprún Luaidhe sa Raideolaíocht Fiaclóireachta. Comhpháipéar seasaimh ón RPII agus FSS.

Cuideachtaí diúscartha d'fhoinsí radaighníomhacha agus trealamh X-ghathanna

Nóta treorach um Iompórtáil agus Easpórtáil Foinsí Séalaithe.

Ailt irisleabhair, páipéir comhdhála agus póstaeir

(Tá baill foirne den RPII léirithe i gcló trom sa liosta seo.)

Alves, J.G., Ambrosi, P., Bartlett, D.T., **Currivan**, **L.**, van Dijk, J.W.E., Fantuzzi, E., Kamenopoulou, V. The new EC technical recommendations for monitoring individuals occupationally exposed to external radiation. Radiation Protection Dosimetry. 144 (2011) 17-25.

Appleton, J.D., Doyle, E., **Fenton**, **D.**, **Organo**, **C.**, Radon potential mapping of the Tralee–Castleisland and Cavan areas (Ireland) based on airborne gamma-ray spectrometry and geology. Journal of Radiological Protection 31 (2011) 221–235.

Connan, O., **Smith**, **K.**, Solier, L., Maro, D., Hébert, D., Bacon, D., Mesoscale dispersion of 85Kr in the vicinity of the AREVA La Hague reprocessing plant. Radioprotection. Vol. 46, Uimh 6 (2011), S423-S429.

Cournane, S., León Vintró, L., Mitchell, P.I., **McMahon**, **C.A.**, **Smith**, **K.**, **Long**, **S.**, Modelling temporal trends of 137Cs and 99Tc concentrations in Fucus vesiculosus from the eastern Irish coastline. Marine Protection Bulletin. Imleabhar 12 (2011), Eagrán 11, Igh. 2337-2344.

Currivan, **L.**, **Kelleher**, **K.**, **Hanley**, **O.**, **McKittrick**, **L.**, Clyne, F., **Pollard**, **D.**, An assessment of aquatic radiation pathways in Ireland. Radioprotection. Imleabhar 46, Uimh 6 (2011), S229-S234.

Fennell, **S.**, Dose constraints – Dose constraints in optimisation of Occupational Radiation Protection and implementation of the Dose constraint concept into Radiation Protection regulations and its use in operators' practices. NEA/CRPPH/R(2011)1, OECD, Páras 2011.

Masson, O., Baeza, A., Bieringer, J., Brudecki, K., Bucci, S., Cappai, M., Carvalho, F.P., Connon, O., Cosma, C., Dalheimer, A., Didier, D., Depuydt, G., De Geer, L.E., De Vismes, A., Gini, L., Groppi, F., Gudnason, K., Gurriaran, R., Hainz, D., Halldórsson, Ó., Hammond, D., **Hanley**, **O.**, Holeý, K., Homoki, Zs., Ionnidou, A., Isajenko, K., Jankovic, M., Katzlberger, C., Kettunen. M., Kierepko, R., Kontro, R., Kwakman, P.J.M., Lecomte, M., León Vintró, L., Leppänen, A.-P., Lind, B., Lujaniene, G., **McGinnity**, **P.**, **McMahon**, **C.**, Malá, H., Manenti, S., Manolopoulou, M., Mattila, A., Mauring, A., Mietelski, J.W., Møller, B., Nielsen, S.P., Nikolic, J., Overwater, R.M.W., Pálsson, S.E., Papastefanou, C., Penev, I., Pham, M.K., Povinec, P.P., Ramebäck, H., Reis, M.C., Ringer, W., Rodriguez, A., Rulík, P., Saey, P.R.J., Samsonov, V., Schlosser, C., Sgorbati, G., Silobritiene, B.V., Söderström, C., Sogni, R., Solier, L., Sonck, M., Steinhauser, G., Steinkopff, T., Steinmann, P., Stoulos, S., Sýkora, I., Todorovic, D., Tooloutalaie, N., Tositti, L., Tschiersch, J., Ugron, A., Vagena, E., Vargas, A., Wershopen, H., Zhukova, O., Tracking of Airborne Radionuclides from the Damaged Fukushima Dai-Ichi Nuclear Reactors by European Networks, Environmental Science and Technology 45 (18), (2011), 7670-7677.

McGinnity, **P.**, **Currivan**, **L.**, **Pollard**, **D.**, A peer review of the RPII monitoring Programme. Radioprotection. Imleabhar 46, Uimh 6 (2011), S705-S710.

McGinnity, **P.**, **Currivan**, **L.**, **Fitzgerald**, **P.**, **Pollard**, **D.** A system for archiving and reporting environmental radioactivity and monitoring data. Radioprotection. Imleabhar 46, Uimh 6 (2011), S699-S703.

Smith, **K.**, León Vintró, L., Mitchell, P.I., Boust, D. Plutonium measurements at NEA's North East Atlantic dumpsites. Radioprotection. Imleabhar 46, Uimh 6 (2011), S271-S275.

Comhpháirtíocht

Tugann Coiste Comhpháirtíochta an RPII an Fhoireann, an Bhainistíocht agus an Ceardchumann le chéile chun eolas a mhalartú, dúshláin a phlé agus réiteach buncheisteanna a chomhroinnt. In 2011, lean an an Coiste ag díriú ar fhorfheidhmiú an athchóirithe san earnáil phoiblí, chomh maith le feabhsúcháin a dhéanamh ar shaincheisteanna oibriúcháin.

Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire le linn na bliana agus d'fhreastail Cathaoirleach an RPII, An tOllamh Eugene Kennedy, an cruinniú i mí Iúil. De dheasca mhear-athrú na timpeallachta seachtraí, lean an Coiste ag cur tuairiscí chun dáta agus buncheisteanna a tháinig ón bhfoireann ar an gclár oibre go rialta. Agus plé á dhéanamh faoi na míreanna seo bhí deis tugtha don fhoireann tuairiscí chun dáta a fháil go díreach faoi na forbairtí maidir leis an gCreat Rialaithe Fostaithe agus an Buiséad don RPII agus chun na dúshláin atá le cur san áireamh amach anseo ag an gCoiste. San áireamh, go háirithe, sna buncheisteanna a chuir an Coiste san áireamh, bhí na nithe seo a leanas:

- Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 - 2014
- Buncheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta
- Meanma agus fócas na foirne a chothabháil i dtimpeallacht dhúshlánach.

Airgeadas

Ioncam an RPII

Ioncam an RPII in 2011 ba eam €6.539m a bhí comhdhéanta de dheontas de €3.156m chun críocha reatha, deontas infhála de €1.134m chun críocha pinsean de réir mar a éilíodh faoi FRS 17, agus tuillimh de €1.873m ó mhuirir ceadúnais agus dáileogmhéadracht, teastasú táirge, tomhas radóin agus seirbhísí eile. Rinneadh €0.825m den deontas caipitil a amúchadh sa bhliain. In 2010, fuaireamar comhairle ónár máthair-Roinn go mbainfí asbhaint aonuaire de €300,000 ónár ndeontas do 2011 de dheasca ár mbarrachais airgeadais.

Fuair an RPII deontas caipitil freisin de €0.242m chun a trealamh a uasghrádú agus a chothabháil. Sháraigh an t-ioncam don bhliain an caiteachas faoi €0.322m.

Íoc Pras na gCuntas

Tagann an RPII faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir, 1998, agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Pras in Idirbhearta Tráchtála) 2002 a tháinig i bhfeidhm ar 7 Lúnasa 2002. Is é seo a leanas tuarascáil maidir leis na cleachtais íoca den RPII don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011.

Is é polasaí an RPII a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Is é atá i gceist le córas rialuithe inmheánaigh na heagraíochta ná rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaire lena áirithiú go n-aithnítear na sonraisc agus conarthaí atá híoc laistigh de 30 lá mar atá forordaithe faoin Acht. Cuireann rannóg na gcuntas tuarascáil ar fáil a aithníonn na sonraisc gan íoc agus déantar athbhreithniú ar an tuarascáil seo go rialta.

Rinneadh gach éileamh íocaíochta a ndearnadh le linn 2011 laistigh den fhráma ama forordaithe de 30 lá. Ní raibh aon íocaíochtaí déanacha agus dá bhrí sin ní raibh aon phionóis i gceist.

I mí Lúil 2011, i gcomhréir le téarmaí an Phlean Náisiúnta um Théarnamh 2011–2014 agus Clár Tacaíochta an AE/CAI (IMF) d'Éirinn, éilíodh ar an RPII socruithe a dhéanamh agus gach sonrasc bailí a íoc laistigh de 15 lá tar éis é a fháil. Tuairiscítear faoin dul chun cinn ar an riachtanas seo go ráithiúil don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus foilsítear é ar shuíomh Gréasáin an RPII. Le linn na tréimhse idir Lúil agus Nollaig 2011, íocadh 95% de na sonraisc bhailí uile laistigh de 15 lá.

Comhairleoirí agus saineolaithe

In 2011, d'fhostaigh an RPII líon comhairleoirí chun tacú leis na príomhthionscadail fhorbartha agus chun saineolas a thabhairt i réimsí ar leith. I dTábla 5 tá liosta de na príomhchonarthaí agus na cineálacha seirbhísí a cuireadh ar fáil.

Tábla 5: Na príomhchonarthaí in 2011 agus na comhairleoirí seachtracha agus an cineál oibre a rinneadh

Comhairleoir	An cineál oibre a rinneadh
Eneclann Limited	Bainistíocht Cartlann agus taifead
Forfás	Seirbhísí creidiúnaithe
First Impressions	Seirbhísí dearaidh agus cló
Mooney O'Sullivan Solicitors	Comhairle dlí
Murray Consultants Ltd	Comhairle cumarsáide agus meán
Norton and Associates	Seirbhísí cuntasaíochta
An tOllamh Pat Horton	Measúnuithe agus cigireachtaí RPA
Public Authority Pension Services Ltd	Comhairle agus riarachán pinsean
Edward Delany and Associates	Pleanáil agus forbairt Straitéiseach
RKD Architects	Dearadh saotharlainne agus bainistíocht tionscadal
Fabrik Creative Media	Seirbhísí dearaidh agus cló
Cove Environmental	Tacaíocht údaraithe grádaithe
Kiltealy Associates Ltd	Forbairt eagraíochta
Hewitt Associates Ltd	Seirbhísí achtúireach
Deloitte and Touche	Iniúchadh inmheánach

Acmhainní Daonna agus Cúrsaí Foirne

Is dúshlán é don RPII na príomhscileanna a choinneáil i gcomhthéacs an mhoratóra atá ar earcaíocht agus ardú céime. In 2011 laghdaíodh líon na mball foirne arís agus dá bhrí sin bhí gá le hathluacháil a dhéanamh ar na tosaíochtaí oibre agus cumas na heagraíochta.

In 2011, cuireadh an gá a bhí ann a chinntiú go gcuirtear na hacmhainní daonna a bhí ar fáil i dtreo gníomhaíochtaí arbh fhiú go mór iad don phobal i gcrích, trí phleanáil docht a dhéanamh ó thaobh gnó, ailíniú láidir de ghníomhaíochtaí agus tosaíochtaí straitéiseacha, agus príomhról chóras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta (CBFF) an RPII le plean gnó a chur i gcrích.

I mbliana, chun ullmhúchán a dhéanamh do thuilleadh caillteanas foirne trí dhaoine ag dul ar scor, dhírigh an RPII ar scileanna aonair a bhreithmheas agus pleanáil ghairme i bhfeidhmeanna bainistíochta agus riaracháin an RPII. Cuirfear an t-eolas a fhaightear le hathbhreithniú pleanáilte a dhéanfar ar struchtúr agus feidhmiú na heagraíochta lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm anois agus amach anseo.

An Fhéidearthacht atá ann do chumasc idir an RPII agus an GCC

I gcomhréir le cuspóir iomlán an Rialtais chun laghdú a dhéanamh ar líon na ngníomhaireachtaí stáit, i mí na Bealtaine 2011, d'iarr a máthair-roinn (DECLG) ar an RPII agus ar an GCC breathnú ar an bhféidearthacht atá ann do chumasc a dhéanamh idir an dá eagraíocht. D'aontaigh an dá eagraíocht gur chóir don athbhreithniú na socruithe straitéiseacha ardleibhéil, rialachais agus eagraíochtúla a chur san áireamh d'fhonn na réimsí comhoiriúnachta agus/nó difríochtaí a aimsiú. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh freisin go mion ar na réimsí lárnacha den obair den dá eagraíocht agus na hacmhainní corparáideacha atá de dhíth chun tacú le soláthar seirbhísí, d'fhonn na sineirgí féideartha, na bealaí le sábháil a dhéanamh, costais, rioscaí agus iarmhairtí seirbhísí do chustaiméirí a aithint. Le hamscála an DECLG a chomhlíonadh, ullmhaíodh agus cuireadh isteach réamhthuarascáil i mí an Mheithimh 2011. I mí na Samhna 2011, d'iarr an Rialtas go ndéanfaí athbhreithniú criticiúil eile ar an gcumasc idir an RPII agus an GCC agus go mbeadh sé déanta faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2012. Tá an RPII rannpháirteach go hiomlán sa phróiseas seo.

Radaíocht neamhianúcháin

I mí an Mhárta 2007, de bharr Meabhráin a chuir an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am, faoi bhráid an Rialtais, d'aontaigh an Rialtas gur chóir sainordú agus acmhainní an RPII a leathnú amach le gnéithe radaíochta neamhianúcháin a chur san áireamh. Ó 2008 tháinig moill ar an dul chun cinn maidir leis na freagrachtaí a thabhairt don RPII agus níl an dáta tosaigh ar fáil faoi láthair.

Sláinte agus Sábháilteacht

Dhírigh an clár Sláinte agus Sábháilteachta 2011 a bunaíodh faoi Chóras Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) an RPII ar rochtain shábháilte d'fhoireann cothabhála agus do chonraitheoirí. Le linn na hoibre seo tugadh faoi athchóiriú leathan ar an spás áiléara chun rochtain shábháilte a chur ar fáil don fhoireann a dhéanann seirbhísiú ar láimhsiú aeir agus trealamh TF.

Ní raibh aon timpistí intuairiscithe ná teagmhais dhainséaracha in 2011.

Comhionannas

Tá an RPII tiomanta do pholasaí comhdheiseanna. Léirítear é seo in earcú foirne, coinníollacha fostaíochta agus ardú céime, oiliúint agus forbairt ghairme a fháil. Tacaíonn an RPII le socruithe oibre solúbtha freisin toisc go bhfuil tábhacht leo agus an t-ionad oibre a bheith inrochtana do dhaoine atá gnóthach leis an obair agus le hoibleagáidí eile. Ó thaobh an chustaiméara de, déanann an RPII iarracht go leanúnach ionas go mbeidh a chuid oibre ar fáil do gach duine. Déantar foilseacháin agus doiciméid a scagadh le bheith cinnte go n-úsáidtear gnáth-Bhéarla agus cuireadh oiliúint san fheasacht ar mhíchumas ar fáil don fhoireann ar fad in 2011.

Cóiríocht agus Úsáid Fuinnimh

In 2011, tugadh faoi thionscadal ollmhór athchóirithe chun príomhshaotharlann an RPII a fheabhsú. Leis an tionscadal seo cuireadh le leagan amach an spáis oibre le comhoiriúnú le sreabhadh oibre na bpróiseas éagsúla a rinneadh agus rinneadh uasghrádú ar bhinsí oibre agus ar threalamh i gcoitinne.

Trí athchumrú a dhéanamh ar an limistéar cruthaíodh níos mó spáis oibre agus bhí socruithe stórála níos fearr ann. Leagadh amach limistéar ar leith le húsáid d'éigeandálaí agus cuireadh feabhas ar na córais eastósctha le cur leis an timpeallacht oibre.

An úsáid fuinnimh in oifigí an RPII ná 25% leictreachais agus 75% gáis nádúrtha go garbh. An chuid is mó den ghás a úsáidtear ná ar an téamh. In 2011, d'úsáid an RPII 203 MWhr d'fhuinneamh, ina raibh 150 MWh de ghás nádúrtha agus 53 MWh de leictreachas. Le linn 2011 bhain an RPII úsáid as príomhchreat-chomhaontú den DECLG maidir le fuinneamh a cheannach agus d'athraigh siad na soláthraithe a bhí acu chun na praghsanna is fearr a fháil faoin gcreat seo.

In 2011, thug an rannóg TF faoi thionscadal leis na freastalaithe a fhíorúlú. Bogadh trí fhreastalaí dhéag fhisiciúla isteach i dtrí fhreastalaí fhisiciúla, agus mar thoradh air seo beidh laghdú suntasach fadtréimhseach sna riachtanais fuinnimh chun crua-earraí freastalaí agus seomraí freastalaí fuaraithe a reáchtáil agus sábhálfar ar chothabháil amach anseo agus costais uasghrádaithe.

Le linn athfheistiú na saotharlann in 2011 glacadh le gach deis chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh. Mar shampla, tugadh tús áite d'úsáid soilsiú ísealfhuinnimh. Cuireadh soilsiú éighníomhach faoi rialú infridheirg isteach i gceantair nach raibh mórán tráchta agus baineadh úsáid as bunbhraiteoirí solais lae chun aschuir solais athraitheacha a bhaint amach mar fhreagra do na hathruithe nádúrtha i solas an lae. Réimsí eile inar cuireadh feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh ba ea reoiteoirí, cuisneoirí agus caibinéid triomúcháin ardéifeachúla a shuiteáil, insliú feabhsaithe agus feabhsúcháin i láimhsiú aeir.

Seirbhís do Chustaiméirí

Tá an RPII tiomanta chun lebhéal ard seirbhíse a chur ar fáil dá custaiméirí ina cuid gníomhaíochtaí uile. Aidhm an RPII ná seirbhís chabhrach, chúirtéiseach agus éifeachtach a chur ar fáil do gach duine a théann i dteagmháil leis an eagraíocht. Tá an tseirbhís do chustaiméirí san áireamh sa Phlean Straitéiseach 2011-2013, ina gcinntítear go bhfuil sé comhtháite isteach ina próisis ghnó uile.

Tacaíonn Grúpa Oibre Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí an RPII (QCSWG) leis an seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha. I measc na bpríomhaschur den Ghrúpa cuireadh nós imeachta nua um ghearáin inmheánacha agus sheachtracha i bhfeidhm agus athbhreithniú ar an gCairt um Sheirbhísí do Chustaiméirí. Cé go bhfuil an QCSWG ag déanamh monatóireachta go fóil ar na gearáin dhá uair sa bhliain, ní bhfuair na seirbhísí creidiúnaithe aon ghearáin in 2011.

Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

IIn 2011, díríodh go príomha ar chuíchóiriú crua-earraí freastalaí d'fhonn sábháil a dhéanamh. Suiteáladh córas fíorúil ina bhfuil 17 bhfreastalaí ar an iomlán (13 fhreastalai a bhí ann cheana féin agus 4 fhreastalaí breise). Rinneadh sábháil sna costais fuinnimh agus cothabhála. Ach, níos tábhachtaí ná sin, baineadh amach tairbhí níos suntasaí nuair a cuireadh isteach ceithre fhreastalaí breise trí mhear-imlonnú agus gan aon chostas breise a bheith i gceist. Leis an gcóras comhshaoil fíorúil nua cuireadh feabhsuithe suntasacha i gcrích sa réimse pleanála athshlánaithe ó thimpistí nuair a tugadh isteach macasamhlú freastalaí feabhsaithe lasmuigh den suíomh agus an inniúlacht le freastalaithe a theipeann orthu a atógáil go cianda.

Buaicphointí eile in 2011 ba ea na feabhsúcháin a rinneadh ar an slándáil TF ag eascairt as na moltaí a bhí san athbhreithniú TF 2010 agus nuair a tugadh isteach an réiteach maidir le comhaid a chomhroinnt ar líne chun tacú le grúpaí oibre seachtracha. Cuireadh an chomhroinnt comhad i gcrích chun tacú le Bord an RPII go luath in 2011 agus ansin leathnaíodh é seo amach le líon na ngrúpaí oibre seachtracha a chur san áireamh. Baintear úsáid as an gcóras seo chun eolas criticiúil d'oifigigh an RPII a chur ar fáil chun tacú le suíomh éigeandála.

Bainistíocht Taifead

Ceapadh saineolaithe seachtracha chun athbhreithniú a dhéanamh ar chóras bainistíochta taifead an RPII in 2011. Mar thoradh ar an athbhreithniú seo d'eascair polasaithe agus nósanna imeachta fheabhsaithe agus oiliúint don fhoireann uile dá réir.

Tugadh isteach próiseas measúnaithe taifead bliantúil in 2011. Déanann sé seo foráil do mheasúnú a dhéanamh ar gach taifead atá le dúnadh agus le diúscairt. Ba uirlis úsáideach é an próiseas seo chun iniúchadh a dhéanamh ar stádas na dtaifead uile agus ba chabhair é béim a leagan ar thábhacht bainistíochta maithe a dhéanamh ar na taifid ar fud na heagraíochta.

Ár Rialachas

Is tríd an Acht um Chosaint Raideolaíoch (1991) faoinar bunaíodh an RPII agus tríd an gCód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2009 (an Cód) a dhéantar suas ár mbonn rialachais. Leanann an RPII treoir na Roinne Airgeadais maidir le rialacha agus nósanna imeachta ó thaobh coinníollacha fostaíochta agus feidhmeanna airgeadais, lena n-áirítear an párolla, na pinsin agus an ceannach. Tá a Lámhleabhar um Rialachas Corparáideach féin ag an RPII a tharraingíonn le chéile na hoibleagáidí agus nósanna imeachta éagsúla isteach i ndoiciméad amháin. Tá an lámhleabhar seo ann mar lámhleabhar rialachais don fhoireann agus do bhaill an Bhoird.

Tuairiscíonn an RPII chuig Bord a fhaigheann tacaíocht ó thrí choiste comhairleach: An Coiste Iniúchta a thugann comhairle maidir le hairgeadas, rialachas agus riosca eagraíochtúil; An Coiste Comhairleach Radaíochta Ianúcháin atá ina fhoras comhairle ardleibhéil ar chúrsaí a bhaineann le radaíocht ianúcháin; agus an Coiste Comhairleach Cumarsáide a thugann comhairle maidir le straitéis chumarsáide. Tá mionsonraí de bhallraíocht an Bhoird agus na gcoistí ar fáil i gcodanna eile den doiciméad seo.

Pleanáil Straitéiseach

In 2011 cuireadh tús le tréimhse pleanála straitéisí nua. Rinneadh iarracht mhór i dtreo dheireadh 2010 le hathbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcoinne Phlean Straitéiseach 2008-2010 agus forbairt a dhéanamh ar Phlean Straitéiseach nua. I mí Aibreáin 2011 d'fhaomhaigh Bord an RPII Plean Straitéiseach 2011-2013. Rinneadh forbairt ar an straitéis agus cuireadh timpeallacht inmheánach agus sheachtrach agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara san áireamh agus díríonn sé ar cheithre thosaíocht straitéiseacha. Tugann na tosaíochtaí faoi obair lárnach an RPII chun an saineolas, cumas teicniúil agus eolas atá riachtanach a chur ar fáil chun daonra agus comhshaol na hÉireann a chosaint agus úsáid shlán agus shábháilte radaíochta ianúcháin a rialú in Éirinn.

I bPlean Straitéiseach 2011-2013 leagtar béim ar rannpháirtíocht onnghníomhach na bpáirtithe leasmhara; éisteacht chomh maith le cur leis. Breathnaíonn sé ar an aeráid eacnamaíoch reatha agus díríonn sé ar éifeacht chur i gcrích agus inbhuanaitheacht na bpríomhfheidhmeanna, agus leagtar béim ann ar an ngá atá ann go rachadh an RPII i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile chun a spriocanna a bhaint amach.

Na príomhthéamaí a thugann tacaíocht do na ceithre thosaíocht straitéiseacha uile is ea luach don phobal, trédhearcacht, cumarsáid agus inbhuanaitheacht.

Coiste Iniúchta

In 2011, chuir an Coiste Iniúchta an t-athbhreithniú iomlán i gcrích ar Lámhleabhar um Rialachas Corparáideach agus rinneadh uasdátú air ina bhfuil socruithe agus oibleagáidí nua. Rinne iniúchóirí inmheánacha an RPII (Deloitte) dhá iniúchadh sna réimsí giniúna ioncaim agus ceadúnaithe. Níor aimsíodh aon torthaí suntasacha ach rinneadh feabhsúcháin sa phróiseas dá bharr.

An Coiste Comhairleach um Radaíocht Ianúcháin

Is foras comhairleach eolaíochta ardleibhéil é an Coiste Comhairleach um Radaíocht Ianúcháin a chuireann treoir ar fáil do Bhord agus d'F'heidhmeannas an RPII ar ábhair ar bith a bhaineann le radaíocht ianúcháin. San áireamh sa 16 bhall den choiste tá saineolaithe náisiúnta agus saineolaithe ón iasacht ó raon leathan disciplíní lena n-áirítear cosaint radaíochta, sláinte phoiblí, eipidéimeolaíocht, freagairt d'éigeandálaí agus fisic mhíochaine. Le linn 2011, i measc na dtopaicí a pléadh bhí athbhreithniú ar fhreagairt an RPII do Fukushima, straitéis taighde 2011-2013, measúnú ar an dáileog radaíochta do dhaonra na hÉireann agus straitéis náisiúnta na dramhaíola radaighníomhaí.

An Coiste Comhairleach Cumarsáide

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí tagartha an Choiste Chomhairligh Chumarsáide (CAC) in 2010 aontaíodh an bhallraíocht a leathnú amach le rannpháirtithe seachtracha a thabhairt isteach ann. Le linn 2011, bhí ríméad ar an CAC fáilte a chur roimh Brian Trench (Scoil Cumarsáide, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath) a thug peirspictíocht nua isteach sa phlé.

San áireamh in obair an Choiste bhí rinneadh athbhreithniú ar ról an RPII mar fhreagairt don timpiste in Fukushima, feachtais poiblíochta leanúnacha den RPII sa réimse radóin agus an tairbhe a bhaineann lena leithéid d'fheachtais chun an teachtaireacht radóin a scaipeadh, taighde ar ábhair imní na bpáirtithe leasmhara agus na riachtanais eolais maidir le radaíocht chomhshaoil, agus obair an RPII chun an fheasacht a mhúscailt i scoileanna dara leibhéal maidir le buncheisteanna cosanta raideolaí.

Fochoiste an Bhoird um Radón

An fhoinse nochta is mó do dhaonra na hÉireann don radaíocht ianúcháin ná láithreacht an radóin i dtithe agus sna hionaid oibre. Mar gheall ar an ábhar imní faoin mbuncheist seo, bhunaigh an Bord fochoiste chun raon na mbuncheisteanna straitéiseacha agus eiticiúla a scrúdú a bhaineann le clár radóin an RPII. I measc na mbuncheisteanna seo bhí na rioscaí sláinte a eascraíonn as an radón do dhaoine a chaitheann tobac agus do dhaoine nach gcaitheann tobac, forfheidhmiú na bprionsabal bunaithe um chur chun cinn sláinte ar chláir radóin, straitéisí éifeachtacha chun eolas a chur in iúl maidir leis an riosca radóin agus freagrachtaí an RPII d'úinéirí tí agus d'fhostóirí ina bhfuil leibhéil arda radóin ina dtithe agus ina n-ionaid oibre. Bhí an chéad chruinniú ag an bhfochoiste i mí na Samhna.

Comhaontú na Seirbhís Poiblí

Nuair a d'fhoilsigh an Rialtas Comhaontú na Seirbhíse Poiblí agus an Plean Gníomhaíochta 2010-2014 a bhaineann leis cuireadh dualgais ar na comhlachtaí poiblí a bpleananna gníomaíochta féin a fhorbairt. Cuireadh Plean Gníomhaíochta an RPII faoi bhráid ár máthair-roinne mar a éilíodh agus tá sé ar fáil ar ár suíomh Gréasáin. Chomh maith leis sin, thuairiscíomar an dul chun cinn in aghaidh na ngníomhaíochtaí don Chomhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe, atá freagrach as Comhaontú na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm.

Is iad seo a leanas na príomh-bhuaicphointí in 2011:

- An tsamhail córais bhainistíochta feidhmithe feabhsaithe athbhreithnithe a chur i bhfeidhm go hiomlán, atá feabhsaithe chun díriú ar scileanna agus iompair bhoga chomh maith le cumais theicniúla.
- Anailís ar na tairbhí agus costais a d'fhéadfadh a bheith ann dá mbeadh cumasc idir an RPII agus an GCC.
- Ionchuir mhionsonraithe a ullmhú do chomhsheirbhísí agus athbhreithnithe caiteachais chuimsithigh.
- Bogearra bainistíochta fiach nua a chomhtháthú le sábháil daonchumhachta de tuairim is lá amháin sa mhí.
- Tionscadal a chur i gcrích le héifeachtúlacht bainistíochta na gcuntas ceadúnaithe a lárú agus a fheabhsú dá réir.
- Fíorúlú 13 fhreastalaí ríomhaire ar 3 fhreastalaí fisiciúla, ina raibh costais dhíreacha gaolmhara chomh maith le fuinneamh, cothabháil agus costais uasdátaithe.
- Forfheidhmiú bogearraí AD chun eifeachtúlachtaí a thabhairt sa phleanáil oiliúna agus forbartha.
- Úsáid rialta físchomhdhála mar rogha eile ar thaisteal chuig cruinnithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Tuilleadh feabhais a dhéanamh ar Bhainistíocht na Saotharlainne agus ar an gCóras Faisnéise (LIMS),

ina bhfuil laghdú sna costais chothabhála agus forbartha, inbhuanaitheacht mhéadaithe agus comhdhlúthú an tsaineolais san áireamh sna tairbhí.

- Cur i gcrích agus tástáil prótacail aontaithe leis an nGarda Síochána chun measúnú a dhéanamh ar na socruithe slándála maidir le foinsí radaighníomhacha atá ag na ceadúnaithe.
- Nósanna imeachta comhoibriúcháin caighdeánacha a ullmhú don fhreagairt d'eachtraí Ceimiceacha, Bitheolaíocha, Raideolaíocha agus Núicléacha (CBRN).
- Bunú grúpa náisiúnta saineolaithe i gcomhar leis an DECLG chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt straitéise náisiúnta um rialáil radón.
- Comhaontú faighte idir na gníomhaireachtaí cuí ar phrótacal um bainistíocht foinsí díthreabhacha radaghníomhaigh (áit nach n-aithnítear an t-úinéir)
- Comhoibriú a dhéanamh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun cuidiú leis lena hoibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh maidir le cosaint raideolaíoch othar.
- Comhoibriú a dhéanamh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le bailiúchán samplaí comhshaoil leasa chomhroinnte, agus ar ullmhúchán na ndoiciméad treorach ar bhuncheisteanna a bhfuil spéis ann ag an dá eagraíocht, agus saineolas a chomhroinnt ar chúrsaí bainistíochta dramhaíola atá mar ábhair imní choiteanna
- Comhoibriú a dhéanamh le hÚdarás Inmharthana na hÉireann ar chúrsaí leasanna coitianta a bhaineann le radón agus insliú tí.
- Comhoibriú a dhéanamh leis na húdaráis áitiúla sna tionscnaimh tomhais radóin sa tithíocht sóisialta. Tá na sonraí a bailíodh an-fhiúntach don RPII do thaighde radóin in Éirinn.
- Dul chun cinn ar athbhreithniú na n-iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann d'Éirinn maidir le tógáil na stáisiún cumhachta núicléiche nua sa Ríocht Aontaithe.
- An tsolúbthacht agus seiftiúlacht a léirigh foireann an RPII i bhfreagairt an RPII don éigeandáil núicléach in Fukushima.

Comhaltaí Boird

Tháinig an Bord le chéile ocht n-uaire i rith na bliana. Léirítear líon na gcruinnithe ar fhreastail gach comhalta Boird air thíos. Léiríonn an uimhir idir lúibíní líon na gcruinnithe a raibh an comhalta i gceist i dteideal freastal air. Chomh maith leis sin léirítear ainm an duine/ na heagraíochta ainmnithe agus dáta an chéad cheapacháin.

Ainm	Ainmnithe ag	Dáta an Chéad Cheapacháin	Cruinnithe ar freastalaí odh orthu le linn 2011
An tOll. Eugene Kennedy Cathaoirleach	An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Lúnasa 2006	5(5)
Ms Nuala Ahern	An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Bealtaine 2008	3(4)
Ms Fionnuala Barker	Cumann Míochaine Núicléach na hÉireann	Bealtaine 2007	4(8)
An Dr Éamann Breatnach	An Chomhairle Leighis	Samhain 2008	3(7)
An Dr Maurice Fitzgerald	An Chomhairle Fiaclóireachta	Iúil 2008	5(7)
Mr James Fitzmaurice	An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Aibreán 2002	7(8)
Mr Patrick Gilligan	Cumann na nEolaithe Fisice i gCúrsaí Leighis	Lúnasa 2006	7(8)
An Dr Kevin Kelleher	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	M.Fómhair 2007	8(8)
Ms Darina Muckian	An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Aibreán 1997	7(8)
Mr John O'Dea	An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais	Samhain 2009	7(8)
Ms Adi Roche	An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Meitheamh 1997	7(8)
An Dr Stephanie Ryan	Dámh na Raideolaithe RCSI	Iúil 2010	7(8)

An tOll. Eugene Kennedy (Cathaoirleach)

Ceapadh an tOllamh Kennedy ina Chathaoirleach agus ar Bhord an RPII in 2006. Tá sé in Ollamh le Fisic in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) le breis agus 20 bliain, agus tá sé ina Leas-Uachtarán le Taighde faoi láthair.

Tá cáil air go hidirnáisiúnta as an taighde atá déanta aige san fhisic plasma agus adamhach agus foilsíodh a shaothar go forleathan. Toghadh ina Chomhalta d'Institiúid na Fisice in 1987 agus ina bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann in 2004. Bhí an tOllamh Kennedy ar líon mór bord náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ms Nuala Ahern

Ceapadh Ms Ahern ar an mBord in 2008. Is anailísí polasaí comhshaoil agus scríbhneoir ar an éiceolaíocht agus ar an tsíceolaíocht í. Is iar-bhall de Pharlaimint na hEorpa (Comhaontas Glas) í agus bhí sí ina hionadaí Laighean ar feadh 10 mbliana ó 1994-2004.

Ms Fionnuala Barker

Ceapadh Ms Barker ar Bhord an RPII in 2007. Mar Phríomhfhisicí in Ospidéal Naomh Lúcás, Baile Átha Cliath, tá saineolas fairsing aici i réimse na fisice leighis, go háirithe sa leigheas núicléach agus sa chosaint radaíochta. Is iar-Rúnaí Chumann na nEolaithe Fisice i gCúrsaí Leighis í, agus is iar-Chathaoirleach de Chumann na nEolaithe Fisiceacha i gCúrsaí Míochaine.

An Dr Éamann Breatnach

Is Raideolaí Comhairleach sa Ospidéal Mater é an Dr Breatnach agus is iar-Dhéan Dhámh na Raideolaithe, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, é. Is Cathaoirleach Choiste Oideachais de Chumann Eorpach na Raideolaithe é agus tá sé ina bhall d'fheidhmeannas stiúrtha an Chumainn.

An Dr Maurice Fitzgerald

Cháiligh an Dr FitzGerald ó UCC in 1989 agus tá sé ag obair mar chleachtóir fiaclóireachta ginearálta i Sligeach. Fuair sé MSc sa Raideolaíocht Fiaclóireachta in 2000 ó Ollscoil Londain agus tá sé bhord an RPII mar ainmní na Comhairle Fiaclóireachta, ar a bhfuil sé mar bhall tofa.

Mr James Fitzmaurice

Ceapadh Mr James Fitzmaurice ar an mBord in 2002. Tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Comhairleach Cumarsáide an RPII agus tá sé mar bhall den Choiste Iniúchta freisin. Tá sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar an nGrúpa Foilsitheoireachta Bradan a fhoilsíonn an Public Sector Times agus nuachtáin éagsúla áitiúla. Tá sé ina chomhalta d'Institiúid Chairte na nIriseoirí agus tá céim aige sa Bhainistíocht, BA (Mgmt); agus MBA. Ar na poist a bhí aige roimhe seo áirítear Cathaoirleach ISME; Uachtarán Chomhlachas Tráchtála Bhré; agus Cathaoirleach ar Dhamhachtainí R-Sheirbhísí Rialtas na hÉireann. Bhí sé ar líon mór tascfhórsaí gnólachtaí beaga agus coistí, chomh maith le bheith ina bhall fadtéarmach de Choiste Polasaí Straitéiseach um Chomhshaol agus Dhramhaíl de Chomhairle Contae Chill Mhantáin

Mr Patrick Gilligan

Ceapadh Mr Gilligan ar an mBord in 2006. Is Príomhfhisicí é a chuireann seirbhísí cosanta radaíochta agus saineolas fisice leighis ar fáil d'Ospidéal Príobháideach an Mater. Tá sé ina iar-Chathaoirleach ar Chumann na nEolaíochtaí Fisice i gCúrsaí Leighis agus tá sé ina bhall den Choiste Radaíochta Ianúcháin Leighis den Chomhairle Leighis.

An Dr Kevin Kelleher

Ceapadh an Dr Kevin Kelleher ar an mBord in 2007. Tá an Dr Kelleher ina Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta do Shláinte an Daonra – Cosaint Sláinte, ag bainistiú na seirbhísí sláinte poiblí don FSS. Tá spéis ar leith aige in éifeachtaí an chomhshaoil ar shláinte an duine.

Ms Darina Muckian

Is céimí Fisice í Ms Muckian a ceapadh ar an mBord in 1997 agus tá níos mó ná deich mbliana taithí aici sna tionscail leictreonaice agus bog earraí agus rinne sí stocaireacht ar shaincheisteanna comhshaoil.

Mr John O'Dea

Ceapadh Mr John O'Dea ar an mBord in 2009 tar éis a bheith ag obair mar mhúinteoir/léachtóir fisice, eolaíochta comhshaoil agus oideachais. D'fhoilsigh sé sna réimsí radaíochta go hacadúil agus don phobal i gcoitinne. Bhí sé rannpháirteach le fada i ngníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha lena n-áirítear tréimhsí mar chathaoirleach ar CND Shligigh, Féile Ealaíne Shligigh agus Ionad Samhlach na nEalaíon.

Ms Adi Roche

Agus í ceaptha ar an mBord in 1997, is Bunaitheoir/POF í Ms Roche ar Chernobyl Children International, an phríomheagraíocht idirnáisiúnta do leanaí a bhfuil stádas NGO den NA aige agus a chuireann cláir leighis, dhaonnúla, shóisialta agus oideachais ar fáil ar fud

réigiúin Chernobyl. Tá dámhachtainí ardghradaim daonnúla idirnáisiúnta éagsúla aici, chomh maith le dochtúireachtaí oinigh, is údar torthúil í agus léirigh sí cláir faisnéise áirithe maidir le Chernobyl

An Dr Stephanie Ryan

Ceapadh an Dr Stephanie Ryan ar an mBord in 2010. Is Raieolaí í an Dr Ryan in Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid Temple, Baile Átha Cliath. Is ball de Dhámh na Raideolaithe í freisin agus is ball coiste í de Choiste Radaíochta Ianúcháin Leighis den Chomhairle Leighis.

Coistí Comhairleacha

An Coiste Iniúchta

Cuireann an Coiste seo comhairle ar fáil don Bhord maidir le hairgeadas, rialachas agus riosca eagraíochtúil. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire le linn 2011.

Cathaoirleach: Mr Patrick Gilligan

Mr James Fitzmaurice

Ms Darina Muckian

An tOllamh Ciarán O hÓgartaigh

Rúnaí: Ms Glenda Griffin

An Coiste Comhairleach Cumarsáide

Cuireann an Coiste seo comhairle ar fáil maidir le cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal. Tháinig an Coiste le chéile trí huaire le linn 2011.

Cathaoirleach: Mr James Fitzmaurice

Mr John O'Dea

Ms Fionnuala Barker

Mr Brian Trench

Rúnaí: Ms Lucy Doody

An Coiste Comhairleach Radaíochta Ianúcháin

Gníomhaíonn Coiste Comhairleach Radaíochta Ianúcháin an RPII mar fhoras comhairleach eolaíochta ardleibhéil do Bhord agus Feidhmeannas an RPII maidir le hábhar ar bith a bhaineann le radaíocht ianúcháin, a thagann ón mBord nó ó Fheidhmeannas an RPII agus béim ar leith ar chúrsaí sláinte poiblí. Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó le linn 2011.

Cathaoirleach: An Dr Éamann Breatnach

Ms Nuala Ahern

An Dr Michael Casey

An Dr Harry Comber

An Dr Peter Finnegan

Mr Sean Hogan

Dr Jean-Luc Godet

An tOllamh Ian McAulay

An tOllamh Brendan McClean

An Dr Jim McLaughlin

An Dr Jill Meara

An tOllamh Peter I Mitchell

An Dr Neil O'Donovan

An Dr Geraldine O'Reilly

An Dr Jane Renehan

An tOllamh Wil van der Putten

Rúnaí Eolaíochta: Ms Stephanie Long

Fochoiste an Bhoird um Radón

Bhunaigh an Bord an Fochoiste seo in 2011 chun scrúdú a dhéanamh ar raon na mbuncheisteanna straitéiseacha agus eiticiúla a bhaineann le clár radóin an RPII. Tháinig an Coiste le chéile uair amháin in 2011.

Cathaoirleach: An Dr Éamann Breatnach

Mr James Fitzmaurice

Mr Patrick Gilligan

An Dr Kevin Kelleher

Mr John O'Dea

Ms Adi Roche

Rúnaí: Ms Lucy Doody

Struchtúr Foirne

Príomhfheidhmeannach
Dr. Ann McGarry

Stiúrthóir
Bainistíocht Rialála
agus Faisnéise
Dr. Tom Ryan

- Seirbhís Rialála
- TF, Cothabháil Foirgníochta agus Bainistíocht Taifead

Stiúrthóir
Seirbhísí Radóin
agus Tomhais
David Pollard

- Seirbhísí Tomhais
- Comhairle Radóin

Stiúrthóir
Faireachas Comhshaoil
agus Measúnú
Dr. Ciara McMahon

- Monatóireacht Radaíochta
- Sábháilteacht Núicléach

Stiúrthóir
Forbairt Chorparáideachc
Dr. Barbara Rafferty

- Airgeadas/Riarachán/ Rialachas/Tacaíocht POF
- AD/Leabharlann
- Cumarsáid

Foireann an RPII 2011

Alison Dowdall	David Fenton	Jarlath Duffy	Mary Fegan	Sarah Baker
Ann McGarry	David Pollard	Jennie Wong	Michael Murray	Sharon Wade
AnnMarie O'Keeffe	David Spain	Kevin Kelleher	Noeleen Cunningham	Sheila Powell
Ashley Curran	Dermot Howett	Kilian Smith	Olivia Cluskey	Stephen Fennell
Barbara Rafferty	Eileen Hayden	Leo McKittrick	Olwyn Hanley	Stephanie Long
Catherine Organo	Emily Clarke	Linda Coyne	Pamela Lennon	Stephen Somerville
Catherine Scully	Glenda Griffin	Lorraine Currivan	Paul Fitzgerald	Tanya Kenny
Ciara Maguire	Hugh Synnott	Lucy Doody	Paul McGinnity	Teresa Grant
Ciara McMahon	Isabella Bolger	Marie Kelly	Rachel Flynn	Tom Ryan
David Dawson	Jack Madden	Máirín Ó Colmáin	Rose Timmins	Veronica Smith

Na Ráitis Airgeadais

Tuarascáil an Ard Reachtaire Cuntas is Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais	58
Ráiteas um Rialú Inmheánach agus Airgeadais	59
Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide	60
Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta	61
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	62
Ráiteas faoi na Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta	63
Clár Comhardaithe	64
Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	65

An tArd-Reachtaire Cuntas is Ciste

Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Ta na raitis airgeadais den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 iniúchta agam faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch 1991. Ta na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na polasaithe chuntasaíochta a leagadh amach sna ráitis sin, comhdhéanta den Ráiteas um Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus

Caiteachais, an Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlána, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Is dlí infheidhmithe agus cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Eirinn é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus ag déanamh ullmhúcháin

Freagrachtaí na hInstitiúide

Tá an Institiúid freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a áirithiú go dtugann siad léargas fíor cothrom de staid ghnóthaí na hInstitiúide agus dá ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-oibríochtaí a áirithiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas is Ciste

An fhreagracht atá orm ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus iad a thuairisciú de réir an dlí infheidhmithe.

Déantar m'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na suimeanna agus nochtuithe sna ráitis airgeadais, ar leor é chun urrús réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhair, cibé ar tharla sé de bharr calaoise nó earráide. Clúdaíonn seo measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- cé acu an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do dhálaí na hInstitiúide agus ar cuireadh i bhfeidhm go seasta iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad
- réasúntacht meastachán cuntasaíochta suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair na ráiteas airgeadais ar an iomlán.

Déanaim iarracht freisin fianaise a lorg maidir le rialtacht na n-oibríochtaí airgeadais le linn an iniúchta.

Chomh maith leis sin léigh mé an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais sa tuarascáil bhliantúil chun aon neamhréireachtaí ábhair a aithint leis na ráitis airgeadais iniúchta. Má thugtar le fios dom go bhfuil míráitis nó neamhréireachtaí ábhair dealraitheacha i gceist, déanaim breitniú ar na himpleachtaí do mo thuairisc.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

Is é mo thuairim ná go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn, léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí na hInstitiúide ar 31 Nollaig 2011 agus dá ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Institiúid na leabhair iomchuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais de réir na leabhair chuntais.

Ábhair ar a dTuairiscím de réir Eisceachta

Tuairiscím de réir eisceachta

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a éilím do m'iniúchadh, nó
- má nótáladh ásc d'ábhar ar bith áit nár úsáideadh airgid chun na críocha a bhí beartaithe nó áit nach raibh na hoibríochtaí de réir mar a bhí i gceist ag na húdaráis a ndearna rialú orthu, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil na hInstitiúide don bhliain a n-ullmhaítear na ráitis airgeadais dó i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Poiblí, nó
- Má aimsím go bhfuil cúrsaí ábhair eile a bhaineann leis an mbealach inar tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin ar a bhfuil tuairisciú le déanamh de réir eisceachta.



Andrew Harkness

Thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas is Ciste

31 Deireadh Fómhair 2012

Ráiteas um Rialú Inmheánach agus Airgeadais

Thar ceann an Bhoird den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch, glacaim leis an bhfreagracht atá orainn chun a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialuithe inmheánacha airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú, chun cuntais an RPII a ullmhú agus chun cloí leis na dualgais reachtúla a bhaineann leis an RPII.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú atá réasúnach agus gan a bheith iomlán a thabhairt go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go hiomchuí, agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhréireachtaí ábhair nó go bhféadfaí iad a aimsiú agus a réiteach in am trátha.

Na hEochairghnáthaimh chun Rialú Inmheánach Airgeadais a Chur ar Fáil

i) Tá céimeanna glactha ag Bord an RPII le timpeallacht rialaithe iomchuí a áirithiú laistigh den RPII trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Ráiteas Straitéise an RPII 2011-2013 a fhoilsiú. Clúdaíonn an Straitéis seo an tréimhse go dtí 2013 agus leagtar amach spriocanna eagraíochtúla an RPII ann. Déantar monatóireacht ar fhorfheidhmiú na Straitéise agus tuairiscítear chuig Bord an RPII ar bhonn tréimhsiúil.
- Mionchlár oibre a chomhaontú do gach bliain agus monatóireacht agus luacháil a dhéanamh ar an dul chun cinn in aghaidh an chláir oibre go rialta.
- Cruinnithe rialta Boird agus cruinnithe bainistíochta míosúla a reáchtáil áit a bhfuil buncheisteanna straitéiseacha ar nós Rialachas Corparáideach agus Bainistíocht Airgeadais san áireamh sa chlár oibre.
- Gnáthaimh airgeadais a chur i bhfeidhm leis na gnéithe airgeadais suntasacha de ghnó an RPII a rialú agus chun iad seo a fhoilsiú i Lámhleabhar na bhFostaithe.
- Sceideal cuimsitheach árachas a choinneáil chun leasanna an RPII a chosaint.
- Coiste Iniúchta Inmheánach a bhunú, agus iniúchóir inmheánach a cheapadh mar chuid d'athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus gnáthamh rialachais laistigh den RPII.
- Polasaí agus Creat Bainistíochta Riosca a bhunú agus a fheidhmiú.
- Na freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir, na feidhmeanna cuí a tharmligean, agus athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhpholasaithe agus príomhghnáthaimh an RPII agus iad a cheadú.
- Cód Iompair Ghnó a chur i bhfeidhm do Stiúrthóirí agus don Fhoireann i gcomhréir le riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Poiblí.
- Comhlíonadh riachtanais na nAchtanna um Eiticí san Oifig Phoiblí agus Pharagraf 21 d'Acht an Chéad Sceideal den RPII 1991 a bhaineann le Dearbhú agus Nochtadh Leasanna

ii) Le linn 2011 rinneadh athbhreithniú ar Chláir Riosac an RPII de réir Pholasaí Bainistíochta Riosca an RPII agus ullmhaíodh Clár Riosca Corparáideach.

iii) Tá córas na rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, córas tarmligin agus cuntasachta, sraith gnáthamh airgeadais agus nósanna imeachta lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas. Áirítear go háirithe na nithe seo a leanas:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil, a ndéanann an Bord athbhreithniú air agus atá ceadaithe aige.
- Sannadh buiséad agus údaráis buiséid agus freagrachtaí d'fheidhmeanna ar leith do bhainisteoirí sinsearacha roghnaithe.
- Srian a chur ar an údarás le híocaíochtaí uile airgid an RPII a údarú agus teorainneacha a chur ar na suimeanna a dhéantar a údarú.
- Ahtbhreithnithe rialta déanta ag an mBord ar fhaisnéis agus tuairiscí faisnéise airgeadais bliantúla (cuntais bainistíochta san áireamh), a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne na mbuiséad.
- Córas rialaithe ar cheadú iomlán na gconarthaí caipitil agus comhairliúcháin.

iv) Rinneadh breithniú ar impleachtaí airgeadais na rioscaí gnó trí phróiseas measúnaithe riosca ghnó foirmiúil agus in ullmhúchán na bPleananna Iniúchta Inmheánacha den RPII.

Eisíodh na gnáthaimh chun gnéithe airgeadais suntasacha ghnó an RPII a rialú, agus tá teorainneacha údaraithe leagtha amach ag an mBord ó thaobh ceannaigh.

v) Tá Coiste Iniúchta an RPII comhdhéanta de thrí bhall den Bhord agus duine seachtrach ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta.

In 2011, ceapadh an chuideachta Deloitte chun feidhm iniúchta inmheánaigh an RPII a chomhlíonadh agus chun tuairisciú a dhéanamh don Choiste Iniúchta. In 2011 rinne Deloitte Athbhreithniú ar an mbainistíocht cuntasaíochta agus airgeadais agus díríodh ar an soláthar. Ní raibh aon torthaí criticiúla le haimsiú sna hiniúchtaí seo.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialuithe inmheánacha airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011.

Sínithe thar ceann an Bhoird

An tOllamh William Reville
Cathaoirleach
4 Iúil 2012

Ráiteas Faoi Fhreagrachtaí Na hInstitiúide

Éilíonn Alt 16 (1) den Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991, ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú i gcibé foirm a bheidh formheasta ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Airgeadais. In ullmhú na ráiteas airgeadais seo ceanglaítear ar an Institiúid na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Polasaithe feiliúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- Breithiúnais agus meastacháin a thabhairt atá réasúnach agus stuama
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaí ach amháin mura bhfuil sé iomchuí a thoimhdiú go leanfaidh an Institiúid ag feidhmiú
- A shonrú cibé ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachta ábhair a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais

Deimhníonn an Bord go bhfuil na ceanglais thuas comhlíonta acu in ullmhú na ráiteas airgeadais. Tá an Institiúid freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a nochtann le beachtas réasunach ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 16(1) den Acht. Tá an Institiúid freagrach freisin as na sócmhainní den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a chosaint agus na bearta réasúnacha is gá a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach:

Ball den Bhord:

Ráiteas Faoi Na Polasaithe Cuntasaíochta

1. Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhruithe ach amháin mar a shonraítear thíos, agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir an chleachtais a bhfuil glacadh leis i gcoitinne. Glactar leis na caighdeáin tuairiscthe airgeadais a mholann na comhlachtaí

cuntasaíochta aitheanta de réir mar a dhéantar infheidhmithe iad. Is é an t-aonad airgeadais ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe ná an Euro.

Tá na Ráitis Airgeadais san fhormáid atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Airgeadais.

2. Ioncam

Is ionann ioncam a thaispeántar sna Ráitis Airgeadais faoi dheontais an Oireachtais agus fáltais airgid iarbhír sa bhliain.

3. Sócmhainní Seasta

Luaitear Sócmhainní Seasta ar a gcostas lúide dímheas carntha. Sa chostas áirítear costas measta dhiúscairt na bhfoinsí radaighníomhacha. Déantar dímheas a áireamh de réir méid

chothroim trí thagairt a dhéanamh do shaolré fhónta ionchais na sócmhainní atá i gceist. Úsáidtear na rátaí mar seo a leanas:

Trealamh & Troscán Oifige & Saotharlainne:	20%

Déantar feabhsuithe léasachta a dhímheas thar saol an léasa.

4. Aoisliúntas

Tá scéim pinsean sochair shainithe á feidhmiú ag an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a mhaoinítear in aghaidh na bliana ar bhonn 'íoctar-mar-a-úsáidtear' ó airgead a chuireann an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar fáil agus ó ranníocaíochtaí asbhainte de thuarastail foirne.

Léiríonn na costais pinsean na sochair phinsean a thuill fostaithe sa tréimhse agus a thaispeántar glan ó ranníocaíochtaí a choinníonn an Institiúid. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé inghnóthaithe agus fritháirithe ag deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a íoc.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ag eascairt as dliteanais na scéime sa Ráiteas faoi na Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá inghnóthaithe ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Is ionann na dliteanais phinsin agus luach reatha na níocaíochtaí de phinsin sa todhchaí a thuilleann an fhoireann go dtí seo. Is ionann maoiniú pinsin iarchurtha agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le hinghnóthú sna tréimhsí amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

5. Cuntas Caipitil

The Capital Account represents the unamortised amount of income used to purchase fixed assets.

6. Réamhioncam

Income in advance relates to licence fee income paid in advance by licensees in respect of future periods.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain darcríoch 31 Nollaig 2011

2010 €		2011 €
	Ioncam	
3,685,000	Deontas Oireachtais	3,398,000
1,329,822	Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin (Nóta 8b)	1,133,812
329,643	Aistriú ó/(go) Cuntas Caipitil (Nóta 2)	134,486
5,344,465		4,666,298
489,570	Seirbhís Dáileogmhéadrachta agus Calabrúcháin	462,024
529,893	Seirbhís Tomhais Radóin	260,537
288,857	Seirbhís Monatóireachta Radaíochta	355,493
698,465	Seirbhís Rialaithe	778,458
1,794	Ilghnéitheach/Ioncam Conartha	16,670
2,008,579		1,873,182
7,353,044		6,539,480
	Caiteachas	
3,068,984	Tuarastail (Nóta 4)	3,040,093
1,469,884	Pinsin (Nóta 8c)	1,326,458
123,187	Seirbhís Dáileogmhéadrachta agus Calabrúcháin	82,007
57,358	Seirbhís Tomhais Radóin	45,288
114,153	Seirbhís Monatóireachta Radaíochta	104,226
50,166	Seirbhís Rialaithe	74,386
303,337	Faisnéis & Cumarsáid don Phobal	263,786
60,273	Sábháilteacht Núicléach	51,770
129,370	Leabharlann & Bainistíocht Doiciméad	79,462
559,776	Cóiríocht & Árachas	558,884
143,532	Taisteal & Cothú	133,830
107,010	Earcaíocht & Oiliúint	68,786
73,202	CBF, TF & Seirbhís do Chustaiméirí	60,143
85,043	Postas, Fón & Soláthar Oifige	76,282
11,515	Táillí Iniúchóireachta	11,515
51,857	Táillí Gairmiúla & Ilghnéitheach	52,943
649,611	Dímheas	824,870
	Drochfhiacha	6,968
40,492	Soláthar do dhiúscairt foinsí radaighníomhacha	0
7,098,750		6,861,696
254,294	**Barrachas/(Easnamh) Don Bhliain**	**(322,216)**
759,297	Iarmhéid mar a bhí ar 31 Eanáir	1,013,591
1,013,591	Iarmhéid mar a bhí ar 31 Nollaig	691,375

Tá Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo

William J. Reville

Cathaoirleach:

Ball den Bhord:

Dáta: 16.10.2012

Ráiteas Faoi Na Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta

don bhliain darcríoch 31 Nollaig 2011

2010 €			2011 €
254,294	Barrachas don bhliain		(322,216)
(1,181,000)	Gnóthachain/Ó Thaithí ar dhliteanais scéime pinsean		(768,000)
(950,000)	Athrú ar na toimhdí atá mar bhun de luach reatha na ndliteanas scéime pinsean		771,000
(2,131,000)	Gnóthachain Achtúireacha ar Dhliteanais Pinsean	8f	3,000
2,131,000	Coigeartuithe don Mhaoiniú larchurtha Pinsin		(3,000)
254,294	Gnóthachan iomlán aitheanta don bhliain		(322,216)

Tá Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo

Cathaoirleach:

Ball den Bhord:

Dáta: 16.10.2012

Clár Comhardaithe

mar atá ag 31 Nollaig 2011

2010 €		Nótaí	2011 €
1,423,649	**Sócmhainní Seasta**	1	1,289,163
	Sóchmhainní Reatha		
1,886,901	Airgead ar Láimh & sa Bhanc		1,507,822
169,630	Féichiúnaithe	9	217,689
2,056,531			1,725,511
	Creidiúnaithe - suimeanna atá dlite laistigh de bhliain		
337,420	Creidiúnaithe	10	307,043
0	Réamhdheontas Caipitil	11	
58,892	Soláthar do Dhiúscairt Foinsí Radaighníomhacha	12	23,556
646,629	Réamhioncam		703,538
1,042,941			1,034,136
1,013,590	**Glansócmhainní Reatha**		691,375
2,437,239	**Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha**		1,980,538
18,137,279	Maoiniú Iarchurtha Pinsin	8d	19,274,091
(18,137,279)	Dliteanas Pinsin	8e	(19,274,091)
2,437,239	**Glansócmhainní**		1,980,538
	Arna maoiniú ag:		
1,013,591	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	3	691,375
1,423,649	Cuntas Caipitil	2	1,289,163
2,437,240			1,980,538

Tá Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo

William J. Renville

Cathaoirleach

Ball den Bhord:

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais

don bhlain dar críoch 31 Nollaig 2011

1. SÓCMHAINNÍ SEASTA

Costas:	Feabhsuithe Léasacha	Troscán agus Trealamh Oifig agus Saotharlainne	Iomlán
	€€	€	€
€		€	€
Ag 1 Eanáir 2011	788,301	6,942,391	7,730,692
Breiseanna	-	690,384	690,384
Diúscairtí	-	(121,517)	(121,517)
Ag 31 Nollaig 2011	788,301	7,511,258	8,299,559
Dímheas			
Ag 1 Eanáir 2011	583,399	5,723,644	6,307,043
Muirear don bhliain	25,617	714,681	740,298
Coigeartú *		84,572	84,572
Muirear don bhliain	-	(121,517)	(121,517)
Ag 31 Nollaig 2011	609,016	6,401,380	7,010,396
Glanluach de réir na Leabhar ag			
31 Nollaig 2011	179,285	1,109,878	1,289,163
Glanluach de réir na Leabhar ag			
31 Nollaig 2011	204,902	1,218,747	1,423,649

*Rinneadh coigeartú in 2011 de bharr gann-dímheas sna blianta 2008 agus 2009.

2. CUNTAS CAIPITIL

	2011 €€	2011 €	2010 €	2010 €
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2011		1,423,649		1,721,158
Leithroinnte le sócmhainní seasta a fháil	690,384		319,968	
Amúchta de réir dímheasa	(824,870)		(649,611)	
Aistriú (go) Cuntas Ioncaim & Caiteachais		(134,486)		(329,643)
Aistriú ó (go) Réamhdheontas Caipitil		0		32,134
		1,289,163		1,423,649

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais

don bhlain dar críoch 31 Nollaig 2011

3. BARRACHAS CARNTHA

€	2011 €	2010 €
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2011	1,013,591	759,297
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain	(322,216)	254,294
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2011	691,375	1,013,591

D'fhaomhaigh an Bord athchóiriú riachtanach de shaotharlann an RPII le linn 2011 agus mar thoradh air sin bhí easnamh pleanáilte do 2011.

4. TUARASTAIL AGUS PINSIN

€	2011 €	2010 €
Olltuarastail	2,893,095	2,928,974
Á.S.P.C. na bhFostóirí	146,998	140,010
	3,040,093	3,068,984

Fuair an POF íocaíochtaí tuarastail de €145,952 in 2011. Tugadh liúntas toscairí de €2,249 don POF. Fuair an POF cúiteamh as costais taistil agus cothaithe de €10,547 in 2011. Tá an POF mar bhall de scéim earnála poiblí le sochair sainithe neamh-mhaoinithe agus ní théann a teidlíochtaí pinsin thar na teidlíochtaí caighdeánacha sa scéim earnála poiblí le sochair sainithe aoisliúntais. €

Aisbhaineadh €194,354 den fhoireann mar thobhach pinsin agus íocadh é leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Ba é meanlíon na ndaoine a bhí fostaithe go lánaimseartha gan bhaill den Bhord san áireamh sa bhliain airgeadais ná 46 (2010 - 50).

5. CEANGALTAIS AGUS OIBLEAGÁIDÍ LÉASA

3. Cearnóg Chluain Sceach

Na ceangaltais léasa atá iníoctha don chéad dhá mhí dhéag eile ná €300,000 ar bhonn rátaí cíosa reatha agus cuimsíonn siad íocaíochtaí cíosa ar leas leasach, a dtéann a théarma in éag ar 1 Deireadh Fómhair 2018. Tá an t-ioncam cíosa seo faoi réir athbhreithnithe gach tréimhse cúig bliana. Bhí an t-athbhreithniú deireanach den chineál sin ar 1 Deireadh Fómhair 2008.

1. Cearnóg Chluain Sceach

Na ceangaltais léasa atá iníoctha don chéad dhá mhí dhéag eile ná €140,000 (i gcás dhá hurlár) ar bhonn rátaí cíosa reatha agus cuimsíonn siad íocaíochtaí cíosa ar leas léasach 20 bliana le clásal scoir ar 1 Deireadh Fomhair 2018. Ta an cíos seo faoi réir athbhreithnithe gach tréimhse cúig bliana. Tá an Institiúid sa bhunurlár ó 2008. Rinneadh an chéad urlár a léasú in 2009 chun cóiríocht a thabhairt i leith freagraíochtaí breise a bhí le bheith sannta don RPII ag an Rialtas. Go dtí go dtarlaíonn seo, rineadh an chéad urlár a fholigean amach ar feadh dhá mhí dhéag le linn 2011 ar chostas cíosa bliantúla de €45,000.

6. CEANGALTAIS CAIPITIL

Luach na gceangaltas chaipitil a údaraíodh ag 31 Nollaig 2011 ba ea €0.

7. LEASANNA BHAILL AN BHOIRD

Ghlac an Bord le gnáthaimh de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag baill Boird agus cloíodh leis na gnáthaimh seo sa bhliain. Ní raibh aon idirbhearta a raibh tábhacht leo sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí na hInstitiúide ina raibh aon leas ag baill an Bhoird. Tá miondealú ar tháillí Bhaill an Bhoird a íocadh le linn 2011 mar seo a leanas:

	€ €		€
An tOllamh E Kennedy (Cathaoirleach)	7,373	An Dr E Breatnach	6,529
Ms F Barker	7,695	An Dr S Ryan	7,695
Ms N Ahern	3,206	Ms D Muckian	7,695
Mr M Fitzgerald	5,612	Ms A Roche	7,695
Mr J Fitzmaurice	7,695	Mr P Gilligan	7,695
Mr J O'Dea	7,695		

Costais taistil agus cothaithe a tabhaíodh le linn 2011 ba ea €13,295.

8. PINSIN

(a) An Scéim Pinsean

Ullmhaíodh na nochtuithe thíos don Institiúid Éireannach um Chosaint Radaíochta (RPII) maidir le sochair atá iníoctha ó Scéim Aoisliúntais den Institiúid Éireannach um Chosaint Radaíochta ("An Scéim")

Is é atá sa Scéim ná cineál sochair shainithe, a chuireann sochair scoir ar fáil bunaithe ar an tuarastal deiridh, de réir rialacha modúil na hEarnála Poiblí. Déantar an Scéim a mhaoiniú gach bliain ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgid a chuireann an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar fáil agus ó ranníocaíochtaí a aisbhaintear ó thuarastail na mball foirne.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh don nochtadh FRS17 ar mheasúnú iomlán a dhéanamh ar dhliteanais na Scéime mar atá ag 31 Nollaig 2011. Tomhaiseadh luachanna reatha den oibleagáid sochair shainithe, na costais seirbhíse gaolmhara agus iar-chostais seirbhíse ar bith ag baint úsáide as an modh creidmheasa aonaid réamh-mheasta.

Tá na príomhthoimhdí a d'úsáid achtúirí cáilithe neamhspleácha leis na dliteanais faoi FRS17 a ríomh leagtha amach thios:

	Ag deireadh na bliana 31/12/2011 €	Ag deireadh na bliana 31/12/2010 €	Ag deireadh na bliana 31/12/2009 €
Ráta lascaine	5.30%	5.50%	5.50%
Toimhdí Boilscithe	2.00%	2.00%	2.25%
Ráta ardaithe sna tuarastail inphinsin	3.25%	3.25%	3.50%
Ráta ardaithe pinsean atá á n-íoc	3.25%	3.25%	3.50%

(b) Glanmhaoiniú iarchurtha do Phinsin sa Bhliain

	Bliain go 31/12/2011 €€'000anna €	Bliain go 31/12/2010 €€'000anna €	Bliain go 31/12/2009 €€'000anna €
Maoiniú inghnóthaithe i leith na Bliana Reatha			
Costais Pinsean	1,523	1,667	1,548
Deontas an Stáit a bhaineann le Pinsin agus Aiscí a íoc	(389)	(337)	(509)
	1,134	1,330	1,039

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais

don bhlain dar críoch 31 Nollaig 2011

(c) Anailís ar Chostais Iomlána na bPinsean A dhéantar a Mhuirearú don Chaiteachas

	Bliain go 31/12/2011 €€'000anna €	Bliain go 31/12/2010 €€'000anna €	Bliain go 31/12/2009 €€'000anna €
Costas Seirbhíse Reatha	522	618	583
Costas Úis	1,001	1,049	965
Rannaíocaíochtaí Fostaithe	(197)	(197)	(208)
Glantoradh	1,326	1,470	1,340

(d) Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn an RPII na suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe ar bhonn líon eachtraí a tharla. San áireamh sna heachtraí seo tá tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais, agus an polasaí agus cleachtas maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil agus dá bhrí sin níl aon ráthaíocht maidir leis na suimeanna ar leith seo leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, níl aon fhianaise ag an RPII nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo ag comhlíonadh na suime seo de réir an chleachtais reatha. An tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail ar 31 Nollaig 2011 ná €19.274 milliún (2010: €18.137 milliún).

(e) Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsin Le Linn na Bliana Airgeadais

	Bliain go 31/12/2011 €€'000anna €	Bliain go 31/12/2010 €€'000anna €	Bliain go 31/12/2009 €€'000anna €
Glandliteanas Pinsin Ar 1 Eanáir	18,137	18,938	17,191
Costas Seirbhíse Reatha	522	618	583
Costas Úis	1,001	1,049	965
Sochair a íocadh sa bhliain (Gnóthachain)/Caillteanais	(389)	(337)	(509)
Achtúireacha ar dhliteanais *	3	(2,131)	708
Iarchostais Seirbhíse			
Ciorrúcháin			
Socraíochtaí			
Glandliteanas Pinsin ag 31 Nollaig	19,274	18,137	18,938

*iClúdaíonn seo éifeacht na n-athruithe ar na toimhdí

(f) Stair Gnóthachan agus Caillteanas ó Thaithí

	Bliain go 31/12/2011 €€€'000anna €	Bliain go 31/12/2010 €€€'000anna €	Bliain go 31/12/2009 €€€'000anna €
Suim (Gnóthachan)/Caillteanas ó Thaithí ar dhliteanais na scéime:	(768)	(1,181)	266
Mar chéatadán luach reatha dhliteanais na scéime	(4.00%)	(6.50%)	1.40%
(Gnóthachain)/Caillteanais Achtúireacha Iomlána a aithníodh san STRGL	3	(2,131)	708
Mar chéatadán luach reatha dhliteanais na scéime	(0.00%)	(11.80%)	3.75%
Suim charnach na (nGnóthachan)/gCaillteanas a aithníodh san STRGL^	957	954	3,085

^ Léirionn seo gnóthachain/caillteanais ó 31/12/2002 go huile

8. PINSIN (Ar lean)

Tá na toimhdí básmhaireachta bunaithe ar tháblaí caighdeánacha básmhaireachta a chuirfidh feabhsuithe básmhaireachta amach anseo san áireamh. Cuireann an bonn básmhaireachta feabhsuithe san ionchas saoil thar am san áireamh, ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil ag aois scoir ar an mbliain ina bhfuil aois scoir slánaithe ag ball (65 bliana d'aois). Taispeánann an tábla thíos an t-ionchas saoil do bhaill a mbeidh 65 bliana d'aois slánaithe acu in 2012, 2032 agus 2052.

Bliain a bhfuil 65 bliana d'aois slánaithe	2012	2032	2052
	€	€	€
Ionchas Saoil - Fireann	88.3	91.7	93.7
Ionchas Saoil - Baineann	89.7	92.8	94.6

9. FÉICHIÚNAITHE

€	2011 €	2010 €
Féichiúnaithe do Sheirbhísí	90,424	61,707
Soláthar in aghaidh Drochfhiach	0	(1,299)
Réamhíocaíochtaí	127,264	109,222
	217,689	169,630

10. CREIDIÚNAITHE

€	2011 €	2010 €
Fabhruithe	236,825	313,046
An tArd Bhailitheoir	70,218	24,374
	307,043	337,420

11. RÉAMHDHEONTAS CAIPITIL

Is ionann seo agus Deontais Chaipitil a fuarthas i leith tionscadal nar criochnaiodh i rith na bliana:

€	2011 €	2010 €
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir	0	32,134
Aistriú (go) ó Chuntas Caipitil	0	(32,134)
Comhardú ag 31 Nollaig	0	0
Áiríonn an figiúr seo		
Cuimsíonn an Figiúr seo	0	(352,102)
Caiteachas Caipitil don Bhliain	0	304,000
Deontas a fuarthas	0	15,968
	0	(32,134)

12. SOLÁTHAR DO DHIÚSCAIRT FOINSÍ RADAIGHNÍOMHACHA

Tá líon foinsí radaighníomhacha á choimeád ag an Institiúid, agus beidh roinnt díobh coinnithe ar feadh blianta áirithe. Déantar soláthar do chostas dhiúscairt an ábhair sa bhliain ina bhfaigheann sé foinsí nua.

€	2011 €	2010 €
Soláthar Oscailte	58,892	43,400
Úsáidte	(35,336)	(25,000)
Soláthar déanta sa bhliain	-	40,492
Soláthar Dúnta	23,556	58,892

13. FORMHEAS NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhormheas ar 11.10.2012

Giorrúcháin agus Acrainmneacha

ALARAALARA: As low as reasonably achievable (Chomh híseal is atá indéanta go réasúnta)

ALMERA: Analytical Laboratories for the Measurement of Environmental Radioactivity (Saotharlanna Anailíseacha do Thomhas na Radaíochta Comhshaoil)

AWIG: Analysts Informal Working Group (Grúpa Oibre Neamhfhoirmiúil na nAnailísithe)

BAT: Best Available Techniques (Na Teicnící is Fearr atá ar Fáil)

Bq/l: becquerels per litre (beicireilí do gach lítear)

Bq/m3: becquerels per cubic metre (beicireilí do gach méadar ciúbach)

CBRN: Chemical-Biological-Radiological-Nuclear (Ceimiceach-Bitheolaíoch-Raideolaíoch-Núicléach)

ConvEx: Conventions (on International Notification and Assistance in the event of a nuclear accident) Exercise (Cleachtadh Coinbhinsiún (um Fhógairt agus Cúnamh Idirnáisiúnta má tharlaíonn timpiste núicléach)

C&AG: Comptroller and Auditor General (An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste)

CAC: Communications Advisory Committee (Coiste Comhairleach um Chumarsáid)

CNS: Convention on Nuclear Safety (Coinbhinsiún um Shábháilteacht Núicléach)

CSN: Consejo de Seguridad Nuclear (An Chomhairle um Shlándáil Núicléach)

DAFF: Department of Agriculture, Fisheries and Forestry (An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia)

DCENR: Department of Communications, Energy and Natural Resources (An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna)

DCU: Dublin City University (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)

DECLG: Department of the Environment, Community and Local Government (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil)

ECURIE: European Community Urgent Radiological Information Exchange (Malartú Faisnéise Práinní Raideolaí An Chomhphobail Eorpaigh)

EGIR: Expert Group on Ionising Radiation (Sainghrúpa ar Radaíocht Ianúcháin)

ENSREG: European Nuclear Safety Regulators Group (Grúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach)

EPA: Environmental Protection Agency (GCC An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

EPR: European Pressurised Reactor (Imoibreoir Brúchóirithe Eorpach)

ERPAN: European Radiation Protection Authorities Network (Líonra Údaráis Cosanta Radaíochta na hEorpa)

EURADOS: European External Dosimetry Group (Grúpa Dáileogmhéadrachta Seachtrach na hEorpa)

EURNMET: European Metrology Group (Grúpa Méadreolaíochta na hEorpa)

FSAI: Food Safety Authority of Ireland (Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

GDA: Generic Design Assessment (Measúnú um Dhearadh Cineálach)

HAL: Highly Active Liquor (Galú Licéir Ardghníomhach)

HALES: Highly Active Liquor Evaporation and Storage (Stóráil agus Galú Licéir Ardghníomhach)

HASS: High Activity Sealed Sources (Foinsí Séalaithe Ardghníomhaíochta

HASTS: Highly Active Storage Tanks (Umair Stórála Ardghníomhacha)

HLG: High Level Group (Grúpa Ardleibhéil)

HSA: Health and Safety Authority (An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

HSE: Health Service Executive (FSS Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)

IAEA: International Atomic Energy Agency (An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh Adamhaigh)

ICG: IAEA emergency notification system (OSPAR) (Córas fógartha um éigeandálaí an IAEA (OSPAR))

ICRP: International Commission on Radiological Protection (An Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch)

ICSD: Ionisation chamber smoke detectors (Brathadóirí deataigh seomra ianúcháin)

ICT: Information Communications Technology (TFC Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide)

INAB: Irish National Accreditation Board (Bord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann)

INES: International Nuclear Event Scale (Scála Idirnáisiúnta um Theagmhas Núicléach)

IRAC: Ionising Radiation Advisory Committee (Coiste Comhairleach um Radaíocht Ianúcháin)

IRMF: Ionising Radiation Metrology Forum (Fóram Méadreolaíochta Radaíochta Ianúcháin)

IRRS: Integrated Regulatory Review Service (Seirbhís Athbhreithnithe Rialála Chomhtháite)

mSv: millisievert (millisíveart)

MoU: Memorandum of Understanding (Meabhrán tuisceana)

MOX: Mixed Oxide Fuel (Breosla Ocsaíde Measctha)

NCG: National Co-ordination Group (An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe)

NCCP: National Cancer Control Programme (Clár Náisiúnta um Rialáil Ailse)

NDA: Nuclear Decommissioning Authority (UK) (An tÚdarás um Dhíchoimisiúnú Núicléach (UK))

NEA: Nuclear Energy Agency (An Ghníomhaireacht um Fhuinneamh Núicléach)

NEA-WPNEM: NEA Working Party on Nuclear Emergency Matters (Grúpa Oibre an NEA um Chúrsaí Éigeandála Núicléacha)

NEPNA: National Emergency Plan for Nuclear Accidents (Plean Náisiúnta Éigeandála do Thimpistí Núicléacha)

NEWS: Nuclear Events Web Based System (Córas Gréasánbhunaithe um Theagmhais Núicléacha)

NORM: Naturally Occurring Radioactive Materials (Ábhair Radaighníomhacha a Tharlaíonn go Nádúrtha)

NPP: Nuclear Power Plant (Stáisiún Núicléach)

NRPA: Norwegian Radiation Protection Authority (Údarás na hIorua um Chosaint Radaíochta)

ONR: Office for Nuclear Regulation (UK) (An Oifig um Rialáil Núicléach (UK))

OSPAR: Oslo-Paris Convention (Coinbhinsiún Osló Pháras)

PMDS: Performance Management and Development System (CBFF Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta)

PRMG: Personal Radiation Monitoring Group (Grúpa Monatóireachta um Radaíocht Phearsanta)

QCS: Quality Customer Services (Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí)

QCSWG: Quality Customer Services Working Group (Grúpa Oibre um Sheirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí)

RASSC: Radiation Safety Standards Committee (Coiste um Chaighdeáin Shábháilteachta Radaíochta)

RCSI: Royal College of Surgeons in Ireland (Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn)

RPA: Radiation Protection Adviser (Comhairleoir um Chosaint Radaíochta)

RPII: Radiological Protection Institute of Ireland (An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch)

RSC: Radioactive Substances Committee (OSPAR) (An Coiste um Shubstaintí Radaighníomhacha (OSPAR))

SEAI: Sustainable Energy Authority of Ireland (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann)

SI: Statutory Instrument (IR Ionstraim Reachtúil)

SSDL: IAEA's Secondary Standard Dosimetry Network (Gréasán Dáileogmhéadrachta Caighdeánach Tánaisteach an IAEA)

UCD: University College Dublin (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)

UK-EA: UK Environment Agency (Gníomhaireacht Comhshaoil na Ríochta Aontaithe)

UK-HPA: UK Health Protection Agency (Gníomhaireacht na Ríochta Aontaithe um Chosaint Sláinte)

UK-HSE-ND: UK Health and Safety Executive-Nuclear Directorate (Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe – An Stiúrthóireacht Núicléach

UK-NPL: UK National Physical Laboratory (Saotharlann Náisiúnta Fhisiceach na Ríochta Aontaithe)

UK-NDA: UK Nuclear Decommissioning Authority (Údarás na Ríochta Aontaithe um Dhíchoimisiúnú Núicléach)

USIE: Unified System for Information Exchange in Incidents and Emergencies (Córas Aontaithe um Malartú Faisnéise i dTeagmhais agus in Éigeandálaí)

WHO: WoWHO: World Health Organisation (EDS An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte)

Teorainneacha na Dáileoige agus na Leibhéil Tagartha

Teorainn na dáileoige do bhall den phobal ná 1 mSv i dtréimhse 12 mhí ar bith

Teorainn na dáileoige d'oibreoirí radaíochta ná 20 mSv i dtréimhse 12 mhí ar bith. Baineann na teorainneacha breise leis an nochtadh do chodanna áirithe den chorp.

An Leibhéal Tagartha do radón i dtithe ná 200 Bq/m^3

An Leibhéal Tagartha do radón in ionaid oibre ná 400 Bq/m^3

An Leibhéal Tagartha do radón i scoileanna ná 200 Bq/m^3

Radiological Protection Institute of Ireland

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Déan Teagmháil Linn

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
3 Cearnóg Chluain Sceach
Baile Átha Cliath 14
Éire
Teil: 01 2697766
Facs: 01 2697437
R-phost: rpii@rpii.ie
Gréasán: www.rpii.ie
Uaireanta oscailte: 9:00am to 5:00pm Clóite ar